NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtchuraclam Teanga na Bunscoile – Iena n-áirítear na Nuatheangacha Iasachta (NTI)

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

## Le faomhadh i gcomhair comhairliúcháin

Márta 2024

NB: Tá an téacs dearg uilig nua agus i gcomhair comhairliúcháin chun tacú le hionchuimsiú na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam reatha Teanga na Bunscoile.

Tá folíne liath phoncaithe faoi na focail/frásaí a bhfuil cur síos orthu sa Ghluais.

# Clár


1. RÉAMHRÁ ..... 1

2. RÉASÚNAÍOCHT ..... 6

3. AIDHMEANNA ..... 11

4. SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE ..... 13

5. TORTHAÍ FOGHLAMA ..... 17

TORTHAÍ FOGHLAMA DO NUATHEANGACHA IASACHTA AG CÉIM 3 AGUS CÉIM 4 ..... 36

6. CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE I BHFEIDHM ..... 41

7. UIRLISÍ ÚSÁIDE TEANGACHA NA BUNSCOILE ..... 54

8. GLUAIS ..... 56

9. TAGAIRTÍ ..... 67

10. AGUISÍNÍ ..... 68

# 1. Réamhrá

Is ionann Curaclam Teanga na Bunscoile agus ceann de na cúig réimse curaclaim sa churaclam bunscoile. Tá athruithe nach beag tagtha ar shochaí na hÉireann le roinnt blianta anuas agus tá os cionn 200 teanga in úsáid in Éirinn anois. Ag aithint na ndeiseanna a thagann chun cinn mar gheall air seo agus ag tógail ar láidreachtaí churaclam na Gaeilge agus an Bhéarla 1999, moltar i gCuraclam Teanga na Bunscoile cur chuige ilteangach a úsáid i bhfoghlaim teanga. Spreagann an cur chuige seo foghlaim agus teagasc a tarraingníonn ar an eolas agus ar an taithí ar theangacha a thugann na páistí leo chuig an seomra ranga.  Mar bhonn agus taca leis seo aithnítear go bhfuil a stór uathúil teangacha féin ag gach páiste atá múnlaithe ag a thaithí ó rugadh é.

Léiríonn an curaclam seo an fhoghlaim teanga atá beartaithe don pháiste ar feadh ocht mbliana na bunscoile. Tacaíonn sé le foghlaim agus teagasc an Bhéarla agus na Gaeilge do Chéimeanna 1-4 agus na Nuatheangacha Iasachta[1] (NTI) do Chéimeanna 3 agus 4. Ag Céim 3, díríonn Nuatheangacha Iasachta ar chur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir. Tógann sé seo bunchloch láidir mar ullmhúchán d'fhoghlaim an tríú teanga (T3).Tacaítear leis seo trí bhéim leanúnach a chur ar an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir.

Curaclam Teanga na Bunscoile:

- Ina ndéantar comhtháthú idir an Béarla, an Ghaeilge agus na Nuatheangacha Iasachta (i gCéimeanna 3 agus 4) agus ina gcuirtear gach páiste san áireamh, chomh maith leis an eolas agus an taithí ar theanga a thugann siad leo chuig an seomra ranga
- a spreagann na múinteoirí agus a thacaíonn leis na páistí dearcadh dearfach a fhorbairt i leith teangacha agus litearthachta
- a thacaíonn le múinteoirí le cabhrú le páistí dul chun cinn a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt teanga le linn bhlianta na bunscoile
- a spreagann páistí leis an eolas agus eispéiris teanga atá aige cheana féin a úsáid agus a fhorbairt trí chur chuige ilteangach i leith foghlaim teanga a chur chun cinn
- a shoiléiríonn foghlaim bhunriachtanach na teanga agus a leagann béim níos mó ar an rannpháirtíocht
- a mbaineann níos mó ná feidhmiúlacht leis, ionas go gcuirtear ar chumas na bpáistí brí na teanga a dhéanamh agus a fhiosrú chomh maith lena glacadh agus lena cruthú
- a leagann béim ar an luach tábhachtach atá le héagsúlacht teangacha agus chultúrtha chun ionchuimsitheacht a chothú agus comhtháthú sóisialta a spreagadh.

[1] Cuimsíonn an téarma Nuatheangacha Iasachta (NTI) ***gach*** teanga a thacaíonn le 'Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir' i gCéimeanna 3 agus 4.

Tá an struchtúr agus na snáitheanna céanna ag Curaclam Teanga na Bunscoile don Bhéarla, don Ghaeilge agus do na Nuatheangacha Iasachta (do Chéimeanna 3 agus 4). Is curaclam comhtháite é ina gcuirtear cur chuige rannphháirtíoch chun cinn i leith fhoghlaim na teanga agus ina ina ndéantar ceangail idir teangacha agus laistigh de theangacha. Déanann sé iarracht tacú le haistriú scileanna, eolais agus straitéisí idir teangacha. Tacaíonn an comhtháthú idir teangacha le múinteoirí le bheith ag pleanáil d'fhoghlaim na bpáistí agus í a thabhairt chun cinn i gcéad teanga na scoile (T1), i ndara teanga na scoile (T2) agus sna Nuatheangacha Iasachta (do Chéimeanna 3 agus 4). Tógann sé seo ar na cineálacha cur chuige i leith an chomhtháthaithe a ndéantar cur síos orthu i gcuraclam 1999, agus tacaíonn sé le cur chuige ildisciplíneach, le cur chuige idirdhisciplíneach agus le cur chuige trasdisciplíneach i leith foghlaim teanga.

## 1.1 Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi agus mar threoir do scoileanna agus iad dírithe ar fhís *Chreat Churaclam na Bunscoile*[2]. Cuireann na prionsabail seo in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus san oideachas speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ar ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí de na prionsabail á gcur i ngníomh laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile.

[2] An Roinn Oideachais (2023). Creatchuraclam na Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Primary/The-Primary-Curriculum-Framework/


**Tábla 1: Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus na samplaí a bhaineann leo laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile**

| Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile |
| --- | --- |
| **Comhpháirtíochtaí** | • Naisc chumarsáide éifeachtúla a bhunú agus a choimeád le tuismitheoirí chun tacú le forbairt fhoghlaim teanga an pháiste.<br>• Obair i gcomhpháirt le teaghlaigh le tacú le coimeád agus forbairt teanga(cha) baile an pháiste ar scoil.<br>• Naisc a chruthú le pobail a labhraíonn teangacha seachas príomhtheanga na scoile. |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • Úsáid a bhaint as eolas teangeolaíoch na bpáistí chun feasacht ar theangacha a chothú agus spéis i dteangacha a spreagadh.<br>• Timpeallacht atá saibhir ó thaobh an chló de a sholáthar a aithníonn agus a úsáideann an litearthacht mar thacaíocht ríthábhachtach don fhoghlaim teanga. Áirítear leis sin téacsanna maidir le réimse leathan ábhar agus thar seánraí.<br>• Ag tarraingt ar na teangacha a labhraítear agus a bhíonn le cloisteáil sa phobal áitiúil agus níos leithne mar spreagthach agus ábhar foghlama. |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Leibhéil éagsúla cumais na bpáistí sa teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a aithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>• Meas a léiriú ar agus úsáid a bhaint as stór uathúil teangacha gach páiste chun tacú lena bhfoghlaim.<br>• Cultúr foghlama a chothú a dhéanann ceiliúradh agus a léiríonn meas ar dhifríochtaí i dteangacha ina dtugtar dúshláin gach steiréitíopa agus míthuiscint. |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Gníomhachtú na feasachta teanga i bpáistí a éascú.<br>• Deiseanna a chruthú le go n-úsáidfidh an páiste réimse leathan modhanna cumarsáide (m.sh. Lámh) agus téacsanna le linn eispéiris foghlama.<br>• Eispéiris foghlama teanga a dhearadh atá bunaithe ar spéiseanna agus ar fhiosracht an pháiste. |
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Deiseanna a chur ar fáil don pháiste a chuid foghlama teanga a léiriú ar réimse bealaí éagsúla, lena n-áirítear an féinmheasúnú.<br>• Dul chun cinn leanúnach a chinntiú i gcás scileanna litearthachta neamhshrianta (m.sh. an tuiscint agus stór focal).<br>• Tarraingt ar réimse faisnéise measúnaithe chun na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim teanga an pháiste a shainaithint agus tacú leo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as na contanaim dul chun cinn mar scafall nuair is cuí. |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • An tionchar a bhíonn ag timpeallacht an pháiste, a bhaile agus a chuid eispéireas luathóige ar a dhul chun cinn ó thaobh foghlama teanga de a aithint. |

| | |
|---|---|
| | • Aitheantas a thabhairt do agus tógáil ar réamhfhoghlaim an pháiste agus teangacha baile a d'fhéadfadh a bheith difriúil le teangacha na scoile san áireamh.<br>• Bunchloch láidir sa teanga agus sa litearthacht a thógáil le tabhairt leo go dtí an iar-bhunscoil. |
| **Caidrimh** | • Caidrimh thacúla a thógáil leis an bpáiste a chuireann a láidreachtaí, a chumais agus a riachtanais teanga san áireamh<br>• Luach a chur ar eispéiris sainiúla agus ar chúlra teanga agus cultúrtha gach páiste<br>• Plé le tuismitheoirí agus daoine eile laistigh den cheantar áitiúil chun cur leis an bhfoghlaim maidir le héagsúlacht teanga agus chultúrtha. |
| **Oideolaíocht** | • Úsáid a bhaint as réimse cur chuige oideolaíochta spraíúla agus tarraingteacha  chun tacú le foghlaim teanga. Áirítear leo sin cuir chuige faoi stiúir an pháiste chomh maith le teagasc follasach scileanna liteartha ar leith.<br>• Eispéiris foghlama chomhtháite a fhorbairt a bhaineann leas as na naisc idir teangacha.<br>• Úsáid a bhaint as oideolaíocht atá freagrúil ó thaobh teanga agus cultúr de agus a chuireann eispéiris saoil, cúinsí, féiniúlachtaí agus spéiseanna an pháiste san áireamh. |

Cuirtear an fhoghlaim bheartaithe agus an fhorbairt do gach páiste in iúl i gCuraclam Teanga na Bunscoile tríd an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus na Gnéithe, agus na Torthaí Foghlama a sholáthar. Tugtar tuilleadh tacaíochta do mhúinteoirí trí Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile, atá le fáil ag www.curriculumonline.ie Tacaíonn Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile le Torthaí Foghlama an churaclaim trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le heispéiris shaibhre foghlama teanga a chruthú do pháistí. Tá Samplaí d'Fhoghlaim Teanga Páistí san áireamh sna trí chomhpháirt den churaclam. Contanaim Dul Chun Cinn (don T1 agus don T2) agus Ábhair Thacaíochta. Cuirtear iad seo i láthair i gCuid 7 den doiciméid seo agus is pointí tagartha tábhachtacha iad de réir mar a thosaíonn múinteoirí ag pleanáil don churaclam agus á úsáid ina seomraí ranga.

**Fíor 1:** Curaclam Teanga na Bunscoile le tacaíocht ó Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile





Cuireann na codanna tosaigh de Churaclam Teanga na Bunscoile an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus Gnéithe, agus Torthaí Foghlama i láthair. Ina dhiaidh sin, cuireann an curaclam treoir ar fáil maidir leis an gcuraclam i bhfeidhm, agus maidir le húsáid Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile sa phleanáil d'eispéiris shaibhre foghlama. Cuirtear gluais na dtéarmaí agus na n-aguisíní ar fáil freisin.

## 2. Réasúnaíocht

Cuireann foghlaim teangacha ar chumas pháistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid neamhbhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha. Trí chaidreamh a dhéanamh lena phiaraí agus le daoine fásta, téann an páiste i dtaithí ar agus i ngleic le caidrimh chumarsáideacha agus tosaíonn siad tríothu seo ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, a léirmhíniú, brí a bhaint aisti agus í a mheas go criticiúil. Cuireann teanga ar chumas an pháiste a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Cumasaítear an páiste lena smaointeoireacht, a fhriotal, a mhachnamh, a chumas criticiúil agus a ionbhá a fhorbairt, agus tugtar tacaíocht dó chun féinéifeachtúlacht, féiniúlacht agus lánpháirtíocht sa tsochaí a fhorbairt chomh maith.

Féachann Curaclam Teanga na Bunscoile le tacaíocht a thabhairt do pháistí ar a n-aistear foghlama teanga féin, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus sna Nuatheangacha Iasachta (do chéim 3 agus 4), agus san am céanna, spreagtar úsáid teangacha eile a labhraítear sa bhaile agus sna bunscoileanna. Mar sin, cumasaíonn sé gach páiste le hinniúlacht ilteangach a fhorbairt, sa chaoi is go dtacaíonn an t-eolas agus an taithí ar fad ar theanga leis an bhfoghlaim. Aithnítear sa churaclam na haistir foghlama ar a bhfuil gach páiste agus tacaítear leo. Ón mbreith, foghlaimíonn an páiste teanga trína chaidrimh agus trína eispéiris sa bhaile, i dtimpeallachtaí luathóige agus sa bhunscoil. Téann an páiste i ngleic leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt teanga i gcónaí de réir mar a théann sé ar aghaidh chuig scoil iar-bhunscoile trína thaithí ar an tSraith Shóisearach. Ina Snáitheanna, Ghnéithe agus Thorthaí Foghlama, tá Curaclam Teanga na Bunscoile don T1, T2 agus do na Nuatheangacha Iasachta (do Chéimeanna 3 agus 4) ailínithe le sonraíochtaí na sraithe sóisearaí don Bhéarla, don Ghaeilge agus do na Nuatheangacha Iasachta. Cruthaítear leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn i dtaca le foghlaim teanga de réir mar a aistríonn an páiste ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.

**Fíor 2:** Curaclam Teanga na Bunscoile i gcomhthéacs sholáthar an churaclaim ón mbreith go dtí 18 mbliana d'aois



## 2.1 Múnlaítear tríd an teanga muid

Tá teanga lárnach i dtaobh cé muid féin agus conas agus céard a fhoghlaimímid. Is í an teanga an príomh-mheán trína bhfaightear agus trína sealbhaítear foghlaim nua. Dá réir sin, tá páirt ríthábhachtach aici i leathnú thuiscint féin an pháiste ar an domhan agus ina shealbhú eolais, meonta agus scileanna. Is í an teanga an príomh-mheán cumarsáide inphearsanta agus idirphearsanta atá againn agus is eochair í d'fhorbairt an pháiste mar dhuine. De réir mar a fhorbraíonn teanga an pháiste cuirtear ar a chumas smaoineamh faoina fhéiniúlacht chultúrtha féin agus faoina áit phearsanta ar domhan. Is minic a léirítear saintréithe cultúir trí theangacha. Tá ról tábhachtach ag foghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge araon chun tuiscint ar fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann a fhorbairt. Ach páistí a bheith ag plé leis an nGaeilge, doimhnítear a bhfeasacht chultúrtha agus leathnaítear a dtaithí theangeolaíochta agus, do pháistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad doimhnítear a dtaithí theangeolaíochta. Tugann sé seo deis dóibh baint a bheith acu, agus an baint sin a dhoimhniú i gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shochaí na hÉireann. Tríd Nuatheangacha Iasachta a chur leis, (i gCéimeanna 3 agus 4),tugtar tacaíocht bhreise do pháistí foghlaim faoina bhfeasacht idirchultúrtha, é a thuiscint agus a fhorbairt.

Tá tábhacht ag baint le foghlaim teanga d'fhoghlaim an pháiste thar an gcuraclam. De réir mar a fhoghlaimíonn agus mar a shealbhaíonn an páiste an teanga, foghlaimíonn sé tríd an teanga chomh maith. Tá téarmaíocht agus bealach úsáide na teanga dá chuid féin ag gach réimse den churaclam; dá bhrí sin is ceacht teanga gach ceacht ann féin.

## 2.2 Próiseas forásach is ea foghlaim teanga

Próiseas forásach is ea foghlaim teanga a rachaidh an páiste i ngleic leis ar a luas féin. Ón uair a shaolaítear iad, déanann páistí dul chun cinn ar chontanam foghlama agus forbartha ag rátaí difriúla chun a stór uathúil teangacha a leathnú. Cuireann na leibhéil éagsúla cumais a bhíonn ag páistí agus iad ag tabhairt faoi thascanna foghlama teanga agus tionchar a dtimpeallachta, tionchar an bhaile agus tionchar na luathóige, leis an éagsúlacht i rátaí dul chun cinn na bpáistí. Is trí chumarsáid a thagann forbairt ar theanga páistí – faisnéis a thabhairt, a fháil agus ciall a bhaint aisti. Tá sé tábhachtach go n-aithneodh múinteoirí cumais dhúchasacha na bpáistí, agus an taithí luath a bhíonn acu ar theanga (is féidir go mbeadh nó nach mbeadh an teanga sin ina teanga de chuid na scoile) agus iad ag leagan síos pointe tosaigh chun tuilleadh forbartha teanga a dhéanamh. Tá sé seo tábhachtach go mór mór i luathbhlianta na bunscoile.

## 2.3 Próiseas comhtháite is ea foghlaim teanga

Cuireann an páiste lena thaithí theangeolaíocha trí theanga a fhoghlaim sa bhaile, i dtimpeallachtaí luathóige, ar scoil nó i dtimpeallachtaí pobail. Neartaíonn sé sin a thuiscint ar agus a nasc leis an gcultúr agus leis an oidhreacht. Is de nádúr teangacha iad a bheith gaolmhar le chéile. Is féidir le forbairt scileanna i dteanga amháin cabhrú le páiste scileanna atá cosúil leo a fhorbairt i dteangacha eile ach go leor teagmhála a bheith aige leis an teanga, agus spreagadh agus deiseanna go leor a bheith aige le dul i ngleic leis an teanga. Tá sé mar aidhm ag Curaclam Teanga na Bunscoile naisc a chruthú idir teangacha atá soiléir don pháiste. Baintear é seo amach trí nádúr comhtháite an churaclaim agus an fócas atá aige ar fheasacht teanga. Nuair a thacaítear leo, cuirtear ar chumas na bpáistí naisc idir teangacha a thabhairt faoi deara dóibh féin. Trí na naisc seo

a fhiosrú, forbraíonn an páiste a thuiscint ar conas a oibríonn teangacha agus ar an mbaint a bhíonn ag teangacha lena chéile. Spreagtar éifeachtúlacht foghlama sa pháiste dá bharr seo. Trí úsáid a bhaint as teanga chun cumarsáid a dhéanamh ar fud an churaclaim in ábhair eile agus lasmuigh de cheachtanna scoite, tugtar tuilleadh tacaíochta don fhoghlaim teanga agus cuirtear ar chumas an pháiste an méid atá foghlamtha aige a neartú agus a ghinearálú.

I gcomhthéacs Churaclam Teanga na Bunscoile, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tír ilghnéitheach í Éire ó thaobh teanga agus cultúir de. Tá páistí inár scoileanna arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, arb é an Béarla a gcéad teanga agus a bhfuil teanga eile mar chéad teanga acu. Tá páistí a bhfuil teanga seachas an Béarla agus an Ghaeilge mar chéad teanga acu ag foghlaim ar bhealach comhtháite cheana féin a chuirfidh lena bhfoghlaim ar an mBéarla, ar an nGaeilge agus ar na Nuatheangacha Iasachta (i gCéimeanna 3 agus 4) sa bhunscoil.

Cé go bhfuil scileanna agus straitéisí scoite teanga a bhaineann le gach snáithe bunriachtanach, má théann an páiste i ngleic le gach ceann de na trí Shnáithe, teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, ar bhealach comhtháite, beidh sé in ann cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh. Laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile seo, is é seo a leanas atá i gceist le comhtháthú

- An t-aistriú eolais, scileanna agus straitéisí a tharlaíonn idir teangaacha
- teanga a mhúineadh i réimsí curaclaim eile
- idirghníomhaíocht thar na trí shnáithe – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Aistríonn na páistí scileanna agus coincheapa áirithe óna gcéad teanga go dtí a dara teanga agus a dteangacha breise. Nuair a fheiceann na múinteoirí deiseanna aistrithe, is féidir leo cabhrú le páistí an méid atá foghlamtha acu a ghinearálú agus/ nó a aistriú go teangacha eile. Ach scileanna, eolas agus straitéisí is féidir a aistriú idir teangacha a shainaithint agus díriú orthu, is féidir le múinteoirí leas a bhaint as dara teanga na scoile chun a bhfuil múinte sa chéad teanga a neartú agus tacú leis an aistriú seo. Tá samplaí d'aistriú idir an Béarla, Gaeilge agus teangacha breise i gCaibidil 6 de 'Churaclam Teanga na Bunscoile i bhFeidhm'. Ní féidir gach scil a aistriú ó theanga go teanga. Is féidir difríochtaí a bheith ann i réimsí mar shampla an mhoirfeolaíocht, struchtúr na habairte agus roinnt gnéithe den fhóineolaíocht, agus is dócha gur ann do na difríochtaí sin freisin idir an T3 atá roghnaithe ag an scoil agus an Béarla agus an Ghaeilge. Is féidir le scoileanna soláthar sonrach a dhéanamh do theagasc na scileanna agus an ábhair a bhaineann go sonrach le teanga. Tá sé tábhachtach go múintear an Béarla trí mheán an Bhéarla agus go múintear an Ghaeilge trí mheán na Gaeilge. Is é an T3 an príomh-mheán foghlama agus teagaisc T3 agus tá an T3 ag Céim 4. Tacaíonn sé seo go héifeachtach le foghlaim teanga an pháiste.

## 2.4 Is trí idirghníomhaíochtaí agus fíor-úsáid na teanga a fhoghlaimíonn páistí teanga

Tá a fhios againn go bhfuil ról lárnach ag baile agus ag pobail na bpáistí ina bhfoghlaim teanga, mar go bhforbraítear í trí idirghníomhaíochtaí bríocha le tuismitheoirí agus muintir agus cairde. Tá ról lárnach ag tuismitheoirí ó thaobh tacú le forbairt teanga a bpáistí agus teanga(cha) an bhaile a bhunú sula mbunaítear teangacha breise. Déanann an duine fásta agus an páiste comhchumadh ar an teanga trí chomhaird, trí chomhspéis agus tríd an taitneamh a bhaineann siad aisti. Tarlaíonn foghlaim teanga nuair a bhíonn idirghníomhaíochtaí agus comhráite bríocha idir duine fásta agus páiste, nó idir páiste agus páiste eile. Is é ról an mhúinteora é tacú le caint an pháiste, agus í a fhorbairt, agus é i mbun taiscéalaíochta, fionnachtana, agus réiteach fadhbanna.

Bíonn tionchar ag an timpeallacht foghlama ar an méid a fhoghlaimíonn páistí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad. Tá timpeallacht a thacaíonn le héagsúlachtaí páistí agus a chuireann chun cinn iad tábhachtach ionas go mbraithfidh na páistí go bhfuil glacadh leo agus go mbeidh siad compordach; timpeallacht ina ndéantar ceiliúradh ar dhifríochtaí riachtanais, cultúir agus teanga. Nuair a chuirtear an fheasacht teanga i bhfeidhm agus nuair a chothaítear í, tiocfaidh léargas ó pháistí arb é an Béarla a dteanga bhreise (BTB(EAL)) agus bainfidh siadsan agus a bpiaraí tairbhe as. Ar an gcaoi chéanna, beidh léargas na bpáistí a bhfuil Gaeilge agus a bhfuil Béarla acu ina bhuntáiste d'fhoghlaimeoirí an Bhéarla agus/nó an Ghaeilge mar theanga bhreise. Is mór an sochar is féidir a bhaint as páistí a spreagadh leis na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir teangacha agus cultúir a fhiosrú do thimpeallacht foghlama teanga an tseomra ranga agus trí mheas níos mó ar theangacha a chothú. Ar an gcaoi chéanna, cabhraíonn páistí a bhfuil riachtanais speisialta cumarsáide acu, agus a úsáideann gothaíocht nó áiseanna le cumarsáid a dhéanamh, le feasacht a mhéadú faoi mhodhanna éagsúla cumarsáide agus is féidir leo cur leis an timpeallacht foghlama teanga. Mar shampla, is teanga aitheanta de chuid na hÉireann í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a bhfuil a struchtúr teangeolaíochta, rialacha agus gnéithe féin aici.

Faigheann gach páiste spreagadh agus cabhair ó thimpeallacht mhealltach, a thugann tús áite d'fhíorúsáid teanga, le taiscéalaíocht agus fionnachtana a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, iad féin a chur in iúl agus caidreamh a dhéanamh le daoine eile agus iad ag tarraingt ar a stór iomlán teangacha le taiscéalaíocht agus fionnachtana a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, é féin a chur in iúl agus caidreamh a dhéanamh le daoine eile. Tá eispéiris spraíúla mhealltacha ina gcuid thábhachtach den timpeallacht foghlama teanga sin, ag ligean do pháistí a bheith páirteach i gcumarsáid bhríoch. Úsáideann páistí teanga le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus cuireann siad stíl agus tuin na teanga in oiriúint do na cuspóirí seo agus do luchtanna éisteachta éagsúla. Bíonn siad ag imirt le teanga chomh maith, ag roinnt rannta, scéalta grinn agus siollaí seafóide le chéile, agus ag fáil tuiscint luath atá ag méadú ar theanga mar chóras is féidir a ionramháil. Cabhraíonn timpeallacht atá spraíúil spreagúil tarraingteach mar is cuí le foghlaim agus le forbairt teanga. Feabhsaítear an timpeallacht foghlama teanga tuilleadh nuair a chloiseann páistí an T3 (agus nuair a spreagtar a n-úsáid) taobh amuigh de ranganna scoite teanga. Cumasaíonn sé seo an páiste le tuiscint go mbaineann fíorfheidhm chumarsáideach leis na teangacha seo.

## 2.5 Foghlaimíonn páistí teanga i gcomhthéacsanna difriúla scoile

Tarlaíonn foghlaim teanga i gcomhthéacsanna éagsúla scoile: scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu. Tá éagsúlacht mhór idir na cineálacha taithí foghlama Gaeilge a bhí agus a bhíonn ag páistí, ag múinteoirí agus ag scoileanna sna saghsanna éagsúla scoile. Tacaítear le sealbhú na teanga trí mheon dearfach i leith na Gaeilge agus an Bhéarla a chothú agus úsáid na Gaeilge i rith an lae a spreagadh. Baineann an méid céanna leis an T3 i gCéim 4.

I dtimpeallacht scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, is í an Ghaeilge teanga oibre na scoile agus úsáideann na páistí í le cumarsáid a dhéanamh agus le rochtain a fháil ar réimse leathan ábhar ar fud an churaclaim. Do pháistí ar cainteoirí dúchais na Gaeilge iad, forbraítear agus saibhrítear a dteanga ar scoil. Cuireann an scoil timpeallacht riachtanach ar fáil ina gcothaítear agus ina mbuanaítear teanga. Tá príomhról ag an múinteoir maidir leis an gcineál Gaeilge a labhraíonn an páiste sa bhaile a dhearbhú agus aird a tharraingt de réir a chéile ar chineálacha éagsúla agus ar stór focal ó chanúintí eile. Tumtar na páistí nach

cainteoirí dúchais na Gaeilge iad sa teanga mar a chuireann an scoil le líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag an gcuraclam tacaíocht a thabhairt do scoileanna Gaeltachta trí theanga an phobail a chaomhnú agus a chothú trína chur ar chumas na bpáistí nach cainteoirí dúchais iad ardscileanna Gaeilge a bhaint amach.

Bíonn rochtain ag páistí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ar an gcuraclam trí Ghaeilge freisin. Cé gurb í an Ghaeilge teanga oibre na scoile, aithnítear nach í teanga an bhaile í d'fhormhór na bpaistí. Tá sé d'aidhm ag an gcuraclam tacú le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge chun a chur ar chumas na bpáistí ardscileanna Gaeilge a bhaint amach agus dá bhrí sin feidhmiú mar áit ina n-úsáidtear an teanga sa saol laethúil.

Tá a fhios againn go mbíonn an-éagsúlacht in eispéiris teanga na bpáistí a fhreastalaíonn ar an mbunscoil. Is gné de bhunscoileanna na hÉireann é líon na bpáistí a labhraíonn teanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile. Tá comhpháirtíochtaí idir an bhunscoil agus a mbaile ríthábhachtach do pháistí a bhfuil an Béarla acu mar Theanga Bhreise (EAL) ar mhaithe lena bhfoghlaim teanga a phleanáil agus tacú léi. Cinnteoidh sé seo go bhforbraíonn an páiste inniúlacht in T1 agus go gcoimeádann sé a theanga bhaile ag an am céanna.

Ina theannta sin, is féidir go mbeidh dúshláin roimh pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ó thaobh scileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt. Beidh pleanáil ag leibhéal indibhidiúil an mhúinteora agus ag leibhéal na scoile uile ag teastáil do chur chuige ionchuimsitheach a dhíríonn ar riachtanais, cumais agus spéiseanna an pháiste agus a chuireann a aois agus a chéim forbartha san áireamh.

# 3. Aidhmeanna

Leagtar fís amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile don pháiste mar chumarsáidí, léitheoir, scríbhneoir agus smaointeoir. Cuirtear tuiscint in iúl de sheomraí ranga bunscoile mar áiteanna ina gcuirtear ar chumas na bpáistí dul chun cinn a dhéanamh ar a luas féin i dtimpeallachtaí agus trí chaidrimh atá tacúil, tarraingteach agus ionchuimsitheach.

Cuirtear aidhmeanna an churaclaim seo i láthair i dtrí ghrúpa: fócas ar pháistí agus ar a saol, cumarsáid agus ceangal páistí le daoine eile, agus foghlaim teanga agus forbairt na bpáistí.

## 3.1. Páistí agus a saol

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun

- a chur ar chumas páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga le cur lena bhfoghlaim teanga
- an páiste a spreagadh le glacadh go dearfach leis an nGaeilge agus lena húsáid agus an ghné seo dá fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn
- an páiste a spreagadh le bheith bródúil as a oidhreacht teanga agus chultúrtha agus í a roinnt
- aitheantas a thabhairt don éagsúlacht leathan taithí, cumas, riachtanas, spreagthaí, tréithe agus acmhainní a bhíonn ag an bpáiste agus é ag foghlaim teangacha ar scoil mar chéad chéim le cur ar a chumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh bríoch cumarsáideach
- comhthuiscint, caoinfhulaingt agus meas ar fhéiniúlachtaí agus ar éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn.

## 3.2. Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun

- glacadh le huathúlacht na bpáistí trína meas ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a úsáid le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suíomhanna éagsúla a chothú
- páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile araon agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga(cha) baile le haghaidh cuspóirí éagsúla
- an páiste a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid a dhéanamh ar mhaithe le réimse cuspóirí ag leibhéal bunúsach in T3 na scoile i gCéim 4
- páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d'eispéiris ábhartha bhríocha teanga agus chumarsáideacha le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu.

## 3.3. Foghlaim agus forbairt teanga páistí

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun


- meon dearfach i leith na cumarsáide agus na teanga a chur chun cinn trí spéis agus grá saoil a chothú i bpáistí d'fhoghlaim teanga ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta
- tuiscint páistí ar an domhan a leathnú trí éagsúlacht shaibhir d'eispéiris teanga agus trí fheasacht agus meas i leith teangacha agus cultúir eile a chothú i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad

- a chur ar chumas na bpáistí teanga a úsáid go samhlaíoch agus go cruthaitheach agus meas a léiriú ar a gnéithe aeistéitice
- páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, sa teanga chomharthaíochta, téacsanna geáitsíochta, scríofa agus ilmhódacha, agus smaoineamh go criticiúil orthu
- tacú le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin i dteanga ó bhéal, léite agus scríofa
- feasacht teanga a chothú sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha agus chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad teangacha.

# 4. Snáitheanna agus Gnéithe

Tá trí shnáithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile — teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht an Bhéarla, na Gaeilge agus na Nuatheangacha Iasachta. Sna snáitheanna uilig, déanann na gnéithe cur síos ar fhoghlaim riachtanach teanga. Tá tacar de Thorthaí Foghlama ag gach gné, ina ndéantar cur síos ar fhoghlaim thábhachtach teanga ó thaobh coincheap, meonta agus scileanna. Mar gheall ar nádúr comhtháite an eolais, na scileanna agus na meonta a fhorbraítear ag Céim 3 agus Céim 4 de Nuatheangacha Iasachta, trasnaíonn na Torthaí Foghlama gach ceann de na snáitheanna – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

**Fíor 3:** Gnéithe Teanga




Is iad seo a leanas na gnéithe d'fhoghlaim teanga a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna:

1. Caidrimh chumarsáideacha a chothú trí theanga
2. Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint
3. Teanga a fhiosrú agus a úsáid
4. Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir.

Tá líonra idirnasc ann, ní hamháin idir na Gnéithe ach trasna na Snáitheanna. Cé go dtacaíonn gach snáithe le forbairt gach snáithe eile, ní mór aird ar leith a thabhairt sna luathbhlianta ar an snáithe 'teanga ó bhéal', a bhfuil an éisteacht agus an labhairt san áireamh ann, mar gur cuid bhunúsach é d'fhorbairt na léitheoireachta, na scríbhneoireachta agus na foghlama ar fud an churaclaim. Is de thoradh ar fheasacht ar na hidirghaolta idir na gnéithe agus trasna na snáitheanna a chomhlíontar cumas an churaclaim teanga chomhtháite. Cuirtear béim ar an gcumas seo, go háirithe, trí na téarmaí 'téacs' agus 'seánra' a úsáid.

Tógann Curaclam Teanga na Bunscoile ar phrionsabail *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*[3]. Leagann na prionsabail sin béim ar an tábhacht a bhaineann le caidreamh idir duine fásta agus páiste agus le taithí spraíúil agus shuntasach ó thaobh fhoghlaim agus fhorbairt na bpáistí de. Agus cumas páistí le cumarsáid a dhéanamh go cumasach muiníneach á chothú, leagtar béim i gCuraclam Teanga na Bunscoile ar an tábhacht a bhaineann le meonta a fhorbairt chomh maith le coincheapa agus scileanna. Déantar meonta a shainmhíniú in *Aistear* mar nósanna leanúnacha intinne agus gnímh agus deirtear ann 'gurb ionann meon agus claonadh i dtreo freagairt do shuíomhanna ar bhealaí saintréitheacha' (CNCM, 2009, lch. 54), lena n-áirítear neamhspleáchas, fiosracht, spraíúlacht, buanseasmhacht, muinín, athléimneacht agus acmhainneacht. I gcás foghlaim agus forbairt teanga páistí, mar shampla, áirítear meon dearfach i leith na léitheoireachta (m.sh. an 'fonn léitheoireachta') sna Torthaí foghlama mar aon le coincheapa agus scileanna a bhaineann le foghlaim na léitheoireachta.

Tá coincheapa, meonta agus scileanna i gcroílár Torthaí Foghlama Teanga sa churaclam seo. Déantar na coincheapa, meonta agus scileanna seo a fhorbairt mar is cuí i ngach comhthéacs scoile agus de réir fhoghlaim na bpáistí i gcéad agus i ndara teanga na scoile. Tugtar tuilleadh faisnéise faoi choincheapa, meonta agus scileanna ar leith sa ghluais. Tugtar achoimre níos beaichte ar na scileanna teanga a bhaineann le gach gné in Aguisín 1.

## Gné 1: Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga (Cumarsáid)

Sa ghné seo dírítear ar eolas agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin gcaoi a gcruthaímid agus a roinnimid brí le chéile, i gcaidrimh chumarsáideacha, mar éisteoirí agus mar chainteoirí, agus mar dhaoine a thugann agus a ghlacann faisnéis. Go sonrach, baineann an ghné seo leis na scileanna a fhorbairt a thacaíonn leis an bpróiseas sin agus, ar an gcaoi sin, tógann sí ar théama na *Cumarsáide* in *Aistear*. Éilíonn tógáil agus roinnt brí i gcaidrimh chumarsáideacha go mbíonn páistí páirteach mar éisteoirí agus mar chainteoirí araon. Sa phróiseas seo, is scileanna cómhalartacha iad an éisteacht agus an labhairt agus forbraítear na scileanna seo i bpáirt le chéile.

Tacaítear le agus forbraítear tuiscint airde agus éisteachta na bpáistí trí bhaint a bhfreagraí agus a n-ionchur leis an téama atá á phlé. I dtimpeallacht chomhráiteach, dearbhaíonn agus/nó athraíonn an múinteoir na leibhéil tuisceana agus glacann sé a sheal ag cur leis an topaic agus ag cur dúshláin roimh an bpáiste/na bpáistí a thuilleadh don tuiscint éisteachta agus don léiriú de réir mar a chuireann gach duine díobh leis an gcomhrá. Agus é sin á dhéanamh aige, aithníonn an múinteoir go bhfoghlaimíonn roinnt páistí níos fearr trí úsáid a bhaint as comharthaí, amharcíomhánna, nó trí

---

[3] An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ag https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

chéadfaí eile, lena n-áirítear lámh a leagan ar rud. Braitheann aistriú cómhalartach na brí ar an éisteacht agus an labhairt a láimhseáil mar scileanna cómhalartacha atá le forbairt laistigh den churaclam. Beidh tuiscint dhea-fhorbartha ag formhór na bpáistí a thagann isteach sa seomra ranga ar an gcaidreamh cumarsáideach agus beifear ag tógáil ar an taithí atá acu cheana féin sa ghné seo. Ní bheidh na caidrimh seo chomh forbartha céanna i gcás páistí áirithe, agus i gcás mionlaigh beifear ag díriú ar chaidreamh cumarsáideach a chur in aithne dóibh. Cé go bhfuil gaol idir na trí Shnáithe, baineann na coincheapa, meonta agus scileanna a chuirtear in iúl i dTorthaí Foghlama na Gné seo le dul chun cinn na bpáistí sa dá ghné eile. Is éard a chuirtear chun cinn sna Torthaí Foghlama seo ná taitneamh, spreagadh, rogha, agus braistint cuspóra agus rannpháirtíochta ó thaobh úsáid a bhaint as teanga chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

## Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint (Tuiscint)

Dírítear sa ghné seo ar chumas páistí chun téacsanna a chruthú agus idirghníomhú leo go rathúil a fhorbairt trí úsáid a bhaint as eolas agus tuiscint faoi ábhar agus struchtúr na teanga ar bhealach a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla go leanúnach. Dírítear sna Torthaí Foghlama a bhaineann leis an ngné seo ar struchtúr agus gramadach abairte, ar fhoclóir ó bhéal agus ar fhoclóir léitheoireachta, ar ghnásanna cló, ar fheasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach, ar aithint focal, ar litriú agus ar thuiscint. Laistigh den churaclam, tuigfidh páistí agus bainfidh siad úsáid as stór focal agus as struchtúir abairte ar leibhéil a bhíonn ag dul i gcastacht go leanúnach. Tá an tuiscint éisteachta ríthábhachtach d'fhorbairt stór focal agus struchtúr abairte an pháiste. Sa snáithe teanga ó bhéal, forbraítear an éisteacht agus an labhairt, an tuiscint agus an cur in iúl mar scileanna cómhalartachta in idirghníomhaíocht shóisialta chomhráite an mhúinteora/an pháiste agus an pháiste/le páiste nó páistí eile. Is cur in iúl cinnte iad scileanna na tuisceana éisteachta agus ó bhéal. Déantar tuilleadh forbartha orthu trí na focail agus na frásaí a úsáideann an páiste sa chomhthéacs bunaidh agus ina nginearálú go comhthéacsanna lasmuigh díobh siúd inar cloiseadh agus inar úsáideadh den chéad uair iad.

## Gné 3: Teanga a fhiosrú agus a úsáid (Fiosrú agus úsáid)

Tugtar tús áite sa ghné seo d'fhorbairt cumais páistí chun teanga a fhiosrú agus a úsáid le haghaidh réimse leathan cuspóirí, i seánraí éagsúla, agus le réimse leathan pobal, a bhfuil agus nach bhfuil aithne acu orthu. Trí theanga a fhiosrú agus a úsáid, cothaítear an tuiscint atá ag forbairt sa pháiste den ghuth agus forbraítear léirthuiscint ar thoise aeistéitiúil na teanga. De réir mar a théann siad i ngleic le téacsanna éagsúla labhartha agus scríofa agus de réir mar a chruthaíonn siad iad, forbraítear feasacht ar ghuth an údair sna páistí. Agus an teanga á fiosrú agus á húsáid sa churaclam, beidh orthu éisteacht le scéalta agus cuntais fhíriciúla agus iad a chur i láthair ar leibhéil a bhíonn ag éirí níos casta agus níos teibí i rith an ama. Tá cluastuiscint na dtéacsanna casta ó bhéal lárnach do thuiscint an pháiste ar an gcaoi a n-úsáidtear teanga laistigh den churaclam, chun smaointe agus moltaí a thógáil. Sa snáithe teanga ó bhéal, forbraítear an éisteacht agus an labhairt mar scileanna cómhalartachta agus tacaítear agus cuirtear leis an tuiscint trí chur in iúl. Tacaíonn cruthú na brí seo ó bhéal agus ar bhonn sóisialta trí éisteacht agus labhairt leis an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht nuair is gá don pháiste a bheith páirteach ina aonar agus tuiscint agus freagairt a thabhairt ar chruthú na brí i dtéacsanna scríofa.
Ba cheart díriú ar thrí shaghas ceisteanna – ceisteanna fiosrachta, ceisteanna a bhaineann le gnáthaimh agus ceisteanna a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí sóisialta. Mar chuid de theanga a úsáid go cruthaitheach spraíúil, bítear ag súgradh le teanga gan chiall, rud a chuireann go mór le

forbairt scileanna meititheangeolaíocha na bpáistí. Dírítear sna Torthaí Foghlama den ghné seo ar réimse leathan feidhmeanna agus seánraí teanga idir theanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht chomh maith le líofacht, tuiscint, lámhscríbhneoireacht, an próiseas scríbhneoireachta, agus intinn an údair.

## Gné 4: Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir

Tá gnéithe den fheasacht teanga le brath i ngach ceann de chéimeanna Churaclam Teanga na Bunscoile trí na Torthaí Foghlama a bhaineann le Gnéithe 1, 2 agus 3. Léirítear seo le nádúr trasnach Ghné 4—Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir—atá fite fuaite i nGnéithe 1, 2 agus 3. Trí Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach i gCuraclam Teanga na Bunscoile do Chéimeanna 3 agus 4, leagtar béim níos mó ar fheasacht teanga. Mar sin, tugtar tosaíocht níos mó don ghné seo i gCéim 3 agus Céim 4. Déanann an ghné seo iniúchadh ar agus tógann sí ar an eolas, taithí agus feasacht atá ag an bpáiste cheana féin ar theangacha, agus déanann sí ceiliúradh ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha laistigh agus taobh amuigh den scoil.

Tá sé mar aidhm ag an mbéim ar an bhfeasacht teanga i nGné 4 réamhfhoghlaim na dteangacha a neartú trí leas a bhaint as eolas intuigthe an pháiste ar a chuid teanga(cha) féin agus ar theangacha laistigh agus taobh amuigh den seomra ranga. Trí aird an pháiste a tharraingt ar an méid atá ar eolas aige faoi theangacha agus faoi fhoghlaim teangacha cheana féin, forbraíonn a chuid eolais ar teangacha ar bhealach níos follasaí.

Agus *teangacha agus córais teanga á n-iniúchadh*, tacaítear leis an bpáiste iniúchadh a dhéanamh ar thimpeallacht atá éagsúil agus saibhir ó thaobh na teangeolaíochta de, ina idirghníomhaíonn sé go laethúil agus ina bhfaigheann sé taithí ar an domhan. Foghlaimíonn an páiste conas iniúchadh a dhéanamh ar bhunús focal, conas a fhorbraíonn teangacha agus conas a imríonn siad tionchar ar a chéile agus a bhíonn baint acu lena chéile, chomh maith le huathúlacht teangacha indibhidiúla. Tarraingítear aird an pháiste freisin ar an réamheolas atá aige mar fhoghlaimeoir na Gaeilge, an Bhéarla, a theangacha baile agus teangacha eile. Is féidir béim a leagan ar an eolas, na scileanna agus na straitéisí a úsáideann sé cheana féin ina stór teangacha agus is féidir iad a úsáid chun comhthairbhe foghlaim sna teangacha ar fad atá aige agus *tuiscint a fháil air féin mar fhoghlaimeoir teanga*. Ós rud é go mbíonn dlúthcheangal idir teangacha agus cultúir, cuireann an ghné seo deiseanna ar fáil don pháiste *feasacht idirchultúrtha a fhorbairt* trí na cultúir a bhaineann le teangacha a iniúchadh agus a cheiliúradh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn sé conas a chultúr féin agus cultúir eile a thuiscint, a cheiliúradh, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus conas plé le páistí ó chultúir eile go hoscailte agus go measúil.

## 5. Torthaí Foghlama

Úsáidtear na Torthaí Foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo ó fhoghlaimeoirí tar éis tréimhse ama. Aithnítear sa churaclam go mbeidh dul chun cinn na bpáistí i dtreo Torthaí foghlama faoi thionchar ag a gcúinsí, a n-eispéiris agus a gcumais éagsúla. Trí dhíriú ar fhoghlaimeoirí, cuireann na torthaí ar chumas na múinteoirí úsáid a bhaint as réimse cur chuige oideolaíochta chun tacú leis na páistí ar a dturas foghlama. Ag léiriú phrionsabal Aistear, úsáidtear an frása 'Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, is ceart go mbeadh páistí in ann...' leis na Torthaí Foghlama uilig a thabhairt isteach sna céimeanna uilig. Leagann an tabhairt isteach seo sna Torthaí Foghlama béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris foghlama teanga ghníomhacha, idirghníomhacha, spraíúla agus thaitneamhacha do pháistí i rith a mblianta ar an mbunscoil.

Dírítear sna Torthaí Foghlama ar an bhfoghlaim mar phróiseas cumasúcháin a chabhraíonn le páistí a chumas gníomhúcháin féin a fhorbairt, chomh maith le coincheapa, scileanna agus meonta. Tacaítear le cumas gníomhúcháin múinteoirí trí bhreithiúnais phroifisiúnta a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag ullmhú agus ag pleanáil, agus teagasc agus measúnú a dhéanamh ar na páistí uilig. Cabhraíonn Torthaí Foghlama le múinteoirí rogha a dhéanamh maidir le cad a theagascfar agus an t-ord is fearr lena theagasc. Cabhraíonn siad freisin le múinteoirí cuir chuige oideolaíochta oiriúnacha a roghnú agus na modhanna measúnaithe is oiriúnaí a shainaithint a thagann leis an bhfoghlaim bheartaithe. Nuair a roinntear Torthaí Foghlama le foghlaimeoirí, is féidir tacú leo a bheith soiléir maidir leis an méid atá á fhoghlaim acu, a bheith feasach i leith an dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha ina gcuid foghlama. Tacaíonn múinteoirí le páistí na Torthaí Foghlama a bhaint amach agus spreagann siad iad chun a gcuid eispéireas foghlama féin a chruthú a bhaineann le gnéithe de na Torthaí Foghlama agus a fheileann is fearr dá riachtanais. Aithnítear sna torthaí go bhfoghlaimíonn páistí agus go múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla agus go mbeidh na haistir theagaisc/foghlama difriúil sna comhthéacsanna sin.
Leagtar béim sna Torthaí Foghlama ar fhorbairt scileanna srianta agus neamhshrianta na bpáistí.

- Tá scileanna srianta, mar shampla eolas ar litreacha agus ar ghnásanna cló, riachtanach
- mar gur cuid bhunúsach iad d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste níos déanaí. Is féidir iad sin a bhaint amach i gcaitheamh tréimhse ama ar leith agus chomh luath is a chuirtear in iúl iad, cuireann na scileanna sin ar chumas na bpáistí dul i ngleic le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a litearthacht.
- Forbraítear scileanna neamhshrianta, mar shampla tuiscint agus foclóir, le linn shaolré an pháiste. Le dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh sna scileanna seo ní mór do pháistí dul i ngleic le téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa a bhíonn ag éirí níos casta go leanúnach, agus iad a chruthú.

## Eispéiris Foghlama Teanga an Pháiste

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas luathóige le h*Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil agus an tSraith Shóisearach ar bun acu. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus ag tabhairt faoi eispéiris foghlama teanga luachmhara, tógann siad agus forbraíonn siad na príomhinniúlachtaí go comhuaineach.

**Tábla 2** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear tríd an bhfoghlaim teanga

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear tríd an bhfoghlaim teanga |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Eolas maidir le teanga agus cultúr a fhiosrú le meas ar ár ndomhan agus ar ár sochaí a fhorbairt.<br>• Teanga a úsáid le bheith rannpháirteach go criticiúil sa tsochaí. |
| **A bheith cruthaitheach** | • Dul i ngleic le húsáid spraíúil agus chruthaitheach teanga, mar shampla, filíocht, amhránaíocht, prós agus cluichí.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar theanga agus í a úsáid le fiosracht, oscailteacht, agus samhlaíocht. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Faisnéis ábhartha a aimsiú, a roghnú agus a anailísiú go criticiúil i roinnt meán, lena n-áirítear téacs, ábhar amhairc agus ábhar fuaime.<br>• Plé le hábhair dhílse le linn foghlama faoi theangacha agus cultúir. |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Teanga a úsáid chun smaointeoireacht mhatamaiticiúil a chur in iúl.<br>• Patrúin fuaime, cruthanna litreach agus focail, siollaí srl., a fhiosrú agus a thuiscint. |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | • Teanga(cha) a úsáid go spontáineach agus go barántúil mar bhunbhealach le brí i ngach réimse curaclaim a thuiscint agus a léirmhíniú.<br>• Scileanna cumarsáideacha i dteanga(cha) a chothú le comhoibriú agus nascadh le daoine eile. |
| **A bheith slán** | • Caidrimh a chothú trí theanga agus cumarsáid.<br>• Glacadh le luach agus tábhacht gach uile theanga agus chultúir sa seomra ranga le féinghlacadh agus féinfheasacht a chothú. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • Machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga agus na straitéisí is éifeachtaí i do chás féin a shainaithint.<br>• Foghlaim le agus ó dhaoine eile sa seomra ranga, agus léirthuiscint a bheith agat i leith an eolais a thugann páistí a bhfuil teangacha baile éagsúla acu isteach sa seomra ranga. |

## 5.1 Eagraítear Torthaí Foghlama de réir snáitheanna agus gnéithe

Tá coincheapa, meonta agus scileanna i gcroílár Torthaí Foghlama Teanga sa churaclam seo. Tugtar achoimre ghearr ar na Torthaí Foghlama i dTábla 1. Baintear úsáid as lipéid nó giorrúcháin do na torthaí chun tagairt a dhéanamh do na coincheapa, meonta agus scileanna trasna na snáitheanna agus na ngnéithe don Ghaeilge agus don Bhéarla. Mar shampla, ag breathnú ar Ghné 1 sa tábla, tá Rannpháirteachas lárnach don chéad Toradh Foghlama i ngach snáithe —an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht.

**Tábla 3:** Léargas ginearálta ar na Torthaí Foghlama

| | Teanga ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid | Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Rannpháirtíocht | Rannpháirtíocht |
| | Inspreagadh agus rogha | Inspreagadh agus rogha | Inspreagadh agus rogha |
| | Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | | |
| | Baineann na Torthaí Foghlama don L3 leis na snáitheanna go léir | | |
| Tuiscint | Struchtúr abairte agus gramadach | Gnásanna cló agus struchtúr abairte | Struchtúr abairte agus gnásanna cló |
| | Stór focal | Stór focal | Stór focal |
| | Léiriú tuisceana | Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | Litriú agus staidéar ar fhocail |
| | | Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | |
| | Baineann na Torthaí Foghlama don L3 leis na snáitheanna go léir | | |
| Fiosrú agus úsáid | Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Cuspóir, seánra agus guth | Cuspóir, seánra agus guth |
| | Catagóiriú | Tuiscint | Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs |
| | Athinsint agus mionléiriú | Freagairt agus intinn an údair | Freagairt agus intinn an údair |
| | Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | Líofacht agus féincheartú | Peannaireacht agus cur i láthair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Eolas, míniú agus údar a thabhairt | | |
| | Cur síos, tuar agus machnamh | | |
| | Baineann na Torthaí Foghlama don L3 leis na snáitheanna go léir | | |
| **Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir** | Iniúchadh a dhéanamh ar theanga agus ar chórais teanga | | |
| | Tuiscint a fhorbairt orm féin mar fhoghlaimeoir teanga | | |
| | Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt | | |

## 5.2 Téacs, seánra agus aistriú scileanna

Tagraíonn go leor Torthaí Foghlama do 'théacs' agus 'seánra'. Tá sainmhínithe na dtéarmaí seo leathan ó thaobh nádúir de agus tá siad ceaptha tacú le cur chuige ilmhódach, ildisciplíneach agus ionchuimsitheach i leith an teagaisc agus na foghlama teanga.

Cuimsítear gach toradh ar úsáid teanga sa 'téacs': caint, gothaí, comharthaí, scríobh, Braille, amharc, tadhlach, leictreonach, digiteach agus ilmhódach.

Tagraíonn 'seánra' do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríbhneoireachta d'fhonn rudaí a athinsint, míniú a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil, daoine a chur ar an eolas, orduithe a thabhairt, insint a dhéanamh, rudaí a chur ina luí ar dhaoine agus údar a thabhairt le tuairimí. Áirítear ar an foirmeacha seo ó bhéal (ach gan bheith teoranta dóibh): scéalaíocht, drámaíocht, filíocht, óráidíocht, díospóireacht, scannáin agus na meáin dhigiteacha, mar shampla podchraoltaí, físeáin, fógraíocht, craoltaí teilifíse agus raidió. Le bheith cruinn faoi, is cineálacha téacsanna ó bhéal nó scríofa iad seánraí, a bhfuil níos mó ná abairt amháin iontu, a tháinig chun bheith ina nósmhaireachtaí le haghaidh feidhmeanna áirithe. Tá pátrúin eagraíochtúla iontu a bhfuiltear ag súil leo, chomh maith le gnéithe teanga a bhaineann le sainréim teanga, m.sh. insint, eolasach, áititheach agus lán seánraí.

Cuirtear na Torthaí Foghlama i láthair de réir chéad teanga na scoile, an Ghaeilge (T1), agus dara teanga na scoile, an Béarla (T2), ina dhiaidh sin. Déantar iad a ghrúpáil de réir snáithe, ag tosú leis an teanga ó bhéal, ansin an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht; agus déantar iad a liostú in ord ag baint úsáid as na trí ghné—Cumarsáid, Tuiscint, agus Fiosrú agus úsáid.

Liostaítear na Torthaí Foghlama a bhaineann le NTI (do Chéimeanna 3 agus 4) faoin ngné *Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir* agus baineann siad leis na trí shnáithe (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht). Liostaítear Torthaí Foghlama Breise do T3 na scoile ag Céim 4 faoi na gnéithe Cumarsáid, Tuiscint, agus Fiosrú agus Úsáid, agus baineann siad leis na trí shnáithe (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht).

I gcás a lán de na Torthaí Foghlama don Ghaeilge agus don Bhéarla, tá coincheapa agus scileanna ag baint leo ar féidir iad a aistriú trasna Torthaí Foghlama ó theanga amháin go teanga eile. Taispeántar cén áit ar féidir an t-aistriú tarlú le siombail naisc 🔗 a liostaítear i ndiaidh an toraidh ábhartha. Bíonn cód dhá chuid i ndiaidh na siombaile naisc. Tosaíonn an cód le huimhir an Toraidh Foghlama nasctha i nGaeilge [**TF**: Toradh Foghlama] nó i mBéarla [**LO**: *Learning Outcome*]. Ina dhiaidh seo bíonn an chéim/na céimeanna a bhaineann leis an toradh sin [C: Céim, S: *Stage*].

Tá sé seo léirithe sa sampla i dTábla 4. Sa chás seo, baineann an nasc leis an gcéad Toradh Foghlama Béarla (T2) - 'LO1' is ea an chéad chuid den chód a sheasann do Learning Outcome uimhir 1. Is do Chéimeanna 1 agus 2 atá an Toradh Foghlama nasctha áirithe seo - 'S1+2' is ea an cód do Stage (céim) 1 agus 2.

**Tábla 4:** Aistriú trasna Torthaí Foghlama 1

| Teanga: Gaeilge T1 Snáithe: Teanga ó Bhéal Céimeanna: 1 agus 2<br>Gné: Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga | |
|---|---|
| **1. . Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird** | Suim a chur i rud éigin, comhaird a thabhairt agus éisteacht go gníomhach ar mhaithe le taitneamh agus le cuspóir ar leith, agus i dteangacha eile nuair is cuí LO1, S1+2 |

## 5.3 Litearthacht sa chéad, dara agus tríú teanga de chuid na scoile

### Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (Gaeilge T1)

Cainteoirí Gaeilge nach cainteoirí dúchais iad atá ag freastal ar scoil Ghaeltachta nó ar scoil lán-Ghaeilge, déanfar iad a thumadh ar feadh tréimhse in L1 na scoile (Gaeilge). Tarlaíonn an tumoideachas nuair a mhúintear páistí i dteanga atá éagsúil lena dteanga bhaile. Tar éis tréimhse de bheith tumtha sa Ghaeilge, aistríonn páistí na scileanna—go háirithe sa litearthacht— atá foghlamtha acu go dtí an teanga bhaile agus a mhalairt. I scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, tar éis tréimhse ghníomhach teagmhála le Gaeilge agus bunús a fháil sa teanga ó bhéal agus tar éis d'eispéiris léitheoireachta agus scríbhneoireachta teacht chun cinn, cuirfear scileanna foirmiúla litearthachta i láthair na bpáistí in T1 na scoile (Gaeilge) i gCéim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha).

Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeilge a éascú, beidh rogha ar fáil chun tréimhse tumoideachais iomlán a fheidhmiú go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. Tá gá le tréimhse tumoideachais iomlán a fheidhmiú go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach i scoileanna Gaeltachta; dá bharr sin ní thosófar ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile ach tar éis na tréimhse tumoideachais iomláin mar atá leagtha amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2020. Sna scoileanna seo, leagfar an bhéim i gCéim 1 (na naíonáin shóisearacha agus na naíonáin shinsearacha) ar na Torthaí Foghlama do T1 (Gaeilge) na scoile a bhaint amach. Cuirfear siar baint amach na dTorthaí Foghlama do T2 na scoile (Béarla) go dtí tar éis na tréimhse tumoideachais, nuair a chabhrófar leis na páistí na scileanna a shealbhaigh siad sa Ghaeilge a aistriú go dtí an Béarla.

Dá bharr sin, beifear ag súil leis, cé gcuirfidh na páistí tús leis an mBéarla níos déanaí, go rachaidh siad trí Thorthaí Foghlama Chéim 1 níos sciobtha. Léirítear sa taighde ar chomhthéacsanna dá leithéid seo, ina gcuirtear siar foghlaim na mórtheanga ar feadh tréimhse ama, go n-éiríonn chomh maith céanna nó níos fearr leis na páistí sa mhórtheanga sa deireadh agus go gcabhraíonn sé le buanú, sealbhú agus foghlaim na mionteanga. Lena chois sin, tugann sé stádas don mhionteanga.

## Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus scoileanna Béarla (Béarla nó Gaeilge T1) Fócas ar an T3

Ag Céim 4, is féidir tús a chur le litearthacht fhoirmiúil in T3 láithreach. Is féidir leis an bpáiste tógáil ar na scileanna litearthachta atá aige cheana féin in T1 agus T2 na scoile agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar T3 na scoile. Ós rud é go bhfoghlaimeofar T3 ó leibhéal an ghlantosaitheora, is féidir leis an múinteoir an litearthacht fhoirmiúil a scafláil agus tacaíochtaí a úsáid nuair is gá. Ag Céim 4, beidh an leibhéal teanga in T3 an-bhunúsach/bunúsach agus is éard a bheidh i gceist leis ná teanga ghearr is féidir a thuar.

---

Léirítear sna táblaí ar na leathanaigh a leanas na Torthaí Foghlama don Ghaeilge (T1) agus don Bhéarla (T2). Léirítear na Torthaí Foghlama don Nuatheanga Iasachta ag Céim 3 agus Céim 4 ina dhiaidh sin.

Clúdaíonn formhór na dTorthaí Foghlama céim amháin agus déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe ag deireadh na céime sin. Tarlaíonn forbairt fhadtéarmach de bharr roinnt foghlama, agus dá bharr sin déantar cur síos ar an bhfoghlaim thar dhá chéim i gcásanna áirithe. Nuair a dhéantar cur síos ar na Torthaí Foghlama thar dhá chéim, úsáideann múinteoirí topaicí aoisoiriúnacha agus téacsanna a éiríonn níos casta de réir a chéile le pleanáil le haghaidh foghlaim teanga páistí agus tacú léi. Tá ról tábhachtach ag an idirdhealú agus ag breithiúnas an mhúinteora chun tacaíocht a thabhairt do dhul chun cinn gach páiste i dtreo na dTorthaí Foghlama.

---

## Torthaí Foghlama don Teanga ó Bhéal (T1)

| Gné | Uimhir agus Lipéad | Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 2: Rang 1 agus Rang 2<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 3: Rang 3 agus Rang 4<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 4: Rang 5 agus Rang 6<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann |
|---|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid | 1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht go gníomhach le Gaeilge shaibhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthanna/ canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh siad gach focal. LO1, S1+2 | | Iad féin a aithint mar éisteoirí agus cainteoirí, agus cumarsáid fhiúntach agus chomhbhách a dhéanamh le daoine eile. A bhféiniúlacht a chur in iúl ó bhéal agus teangacha éagsúla a úsáid chuige sin.<br><br>Éisteacht go gníomhach agus le brí agus sult a bhaint as comhráite agus as téacsanna i réimse seánraí agus, nuair is féidir, i dteangacha éagsúla. LO1, S3 | Éisteacht go gníomhach ar feadh tréimhse ama, ag éisteacht do mhionsonraí agus bríonna caolchúiseacha agus i dteangacha éagsúla mar is cuí<br><br>Measúnú a dhéanamh ar an tslí a dtéann an chúis, an suíomh agus lucht éisteachta/ éisteoir i bhfeidhm ar réim, canúint agus blas an chainteora. LO1, S4 |
| | 2. Inspreagadh agus rogha | Téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir agus spéise, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. LO2, S1+2 | | Téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt go criticiúil dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir, spéise agus cuspóirí áirithe, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. LO2, S3+4 | |
| | 3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | A aithint go n-athraíonn an stíl chainte ag brath ar an ngaol idir daoine agus ar an lucht éisteachta, agus tuiscint a léiriú ar riachtanais an éisteora. Comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a leanúint, páirt a ghlacadh iontu agus daoine eile a fhreagairt i bhfocail nó go neamhbhriathartha, le tacaíocht de réir mar is gá. LO3, S1 | Leas a bhaint as teanga cuí chun comhráite ar thopaicí pearsanta agusar thopaicí curaclaim a thosú, a bheith páirteach iontu agus siúl agus tuinleanúint leo. Tuin oiriúnach chainte agus scileanna cuí léirithe a úsáid a oireann don lucht éisteachta. LO3, S2 | Teanga a úsáid go solúbtha agus go comhbhách nuair a bhítear ag tosú, ag cothú agus ag dul i mbun comhráite ar thopaicí pearsanta agus iad siúd atá bunaithe ar an gcuraclam.<br><br>Stíl, tuin, luas, stór focal, gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp a chur in oiriúint do lucht éisteachta éagsúil agus iad i mbun cumarsáide ó bhéal i réimse de sheánraí LO3, S3 | An tionchar a bhíonn ag cultúr agus féiniúlacht ar an tslí a ndéanann daoine cumarsáid lena chéile ó bhéal agus go neamhbhriathartha a fhiosrú.<br><br>Éisteacht agus labhairt go muiníneach, go neamhspleách agus go hoilte chun comhoibriú le daoine eile agus chun aiseolas, smaointí, cinntí agus torthaí a chomhroinnt le réimse de lucht éisteachta. LO3, S4 |
| | | Gaeilge a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad. LO3, S1+2 | | | |
| Tuiscint | 4. Struchtúr abairte agus gramadach | Úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos cuimsithí de réir a chéile, ina bhfuil an aimsir, ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus sainmhíniú cuía thabhairt, le tacaíocht de réir mar is gá. LO4, S1+2 | Úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos deacra de réir a chéile, ina bhfuil ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus úsáid a bhaint as nascfhocail, comhabairtí agus abairtí casta chun sainmhíniú cuí a thabhairt. LO4, S1+2 | Éagsúlacht a léiriú i bhfad agus i bhfoirm abairtí, bogadh go réidh idir réimse abairtí, idir shimplí, chomhshuite agus chasta, de réir mar a oireann don lucht éisteachta, don fheidhm agus don teanga atá á labhairt.<br><br>Úsáid chuí na gramadaí a léiriú agus difríochtaí idir struchtúr abairte agus struchtúr gramadaí a aithint i dteangacha agus i gcanúintí éagsúla.. LO4, S3+4 | |
| | 5. Stór focal | Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúr, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid, agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí.<br><br>Úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl.<br><br>Réimse leathan de bheannachtaí, nathanna cainte agus frásaí coitianta a úsáid is tuin agus foghraíocht chuí a úsáid agus iad a úsáid sa chomhthéacs cuí. LO5, S1+2 | | Réimse de straitéisí a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun réimse leathan d'fhocail agus de fhrásaí a shealbhú ó fhoinsí éagsúla, ar nós litríochta, téacsanna saineábhair agus teangacha eile. LO5, S3 | Stór leathan focal, frásaí agus teanga fháthchiallach a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaicí teibí, sainiúla agus atá ar eolas, de réir mar a oireann don lucht éisteachta agus don chuspóir. LO5, S4 |

| Torthaí Foghlama don Teanga Ó Bhéal (T1) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 6. Léiriú tuisceana | Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh. LO6, S1+2 | | Tuiscint a léiriú trí éisteacht go gníomhach le comhráite agus le téacsanna i réimse seánraí agus trasna teangacha eile, nuair is cuí, agus na téacsanna sin a thuiscint, a anailísiú agus a fhreagairt. LO6, S3 | Tuiscint a léiriú trí éisteacht go gníomhach le comhráite agus téacsanna i réimse seánraí agus trasna teangacha éagsúla, nuair is cuí, anailís a dhéanamh ar na comhráite agus téacsanna sin agus iad a chur i gcomparáid agus a mheasúnú. LO6, S4 |
| | | | | Freagairt go cruthaitheach agus go criticiúil den mhéid atá cloiste agus atá taithí acu air. LO6, S3+4 | |
| Fiosrú agus úsáid | 7. Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh go muiníneach. LO7, S1+2 | | Riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus a ndearcadh a mhíniú agus a chosaint. | |
| | | Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint, agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú. LO7, S1+2 | Ceisteanna oscailte agus dúnta a chur agus a fhreagairt, chun cabhair a lorg, cabhrú le heolas agus tuiscint a fháil, agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú. LO7, S1+2 | Réimse ceisteanna a chur agus a fhreagairt – idir oscailte, dhúnta, reitriciúil, agus treoircheisteanna – ar réimse cúiseanna, ar nós téacsanna a fhiosrú agus a phlé; smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú; tuairimí agus dearcthaí a chur i gcomparáid; agallamh a chur, bheith ag tuairimíocht, ag argóint agus ag áitiú. LO7, S3 | A roghnú cén bealach agus cén uair le réimse ceisteanna a chur agus a fhreagairt – idir oscailte, dhúnta, reitriciúil, agus treoircheisteanna – agus cúis shoiléir leo. LO7, S4 |
| | 8. Catagóiriú | Réimse daoine, rudaí, imeachtaí, eispéireas agus coincheapa níos casta a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú, le tacaíocht de réir mar is gá. LO8, S1+2 | | Catagóiriú a mhíniú agus a chosaint trasna an churaclaim agus tuiscint a léiriú ar an tslí a mbíonn catagóirí ag síorathrú agus iad éagsúil lena chéile. LO8, S3+4 | |
| | 9. Athinsint agus mionléiriú | Scéalta samhlaíocha agus insintí pearsanta a éiríonn níos casta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus aimsirí agus stór focal ó bhéal a úsáid go cuí. LO9, S1+2 | | Insintí a chruthú agus scéalta agus eachtraí a athinsint - idir fhíor agus samhailteach - do luchtanna éisteachta éagsúla, ag úsáid teanga shamhlaíoch agus mheafarach, ag tabhairt míniú breise nuair is cuí. LO9, S3+4 | |
| | 10. Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | Éisteacht agus freagairt le gnéithe aeistéitiúla agus cruthaitheacha teanga agus teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach, agus trasna teangacha éagsúla nuair is cuí. LO10, S1+2 | | Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha na teanga, iad a aithint, agus freagairt dóibh ag leibhéal fuaime, focail, abairte agus téacs agus an teanga a láimhseáil go cruthaitheach.<br><br>Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach ina gcomhrá agus a dtéacsanna féin agus trasna teangacha éagsúla nuair is cuí. LO10, S3+4 | |
| | 11. Eolas, míniú agus údar a thabhairt | Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá. LO11, S1+2 | | Eolas a anailísiú agus a roghnú le smaointe agus tuairimí a chur in iúl ar réimse cúiseanna, ar nós eolas a thabhairt, díospóireachta, míniú, cosanta agus áitiú ar dhaoine. LO11, S3+4 | |
| | 12. Cur síos, tuar agus machnamh | Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, imeachtaí agus próisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu. LO12, S1+2 | | Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, eachtraí, próisis, mothúcháin agus eispéiris a bhaineann le réimse leathan d'fhíor-choincheapa, agus coincheapa samhlaíocha, iad a thuar, agus machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu. LO12, S3+4 | |

| | Learning Outcomes for Oral Language (L2) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Element** | **Number and label** | **Stage 1:** Junior and senior infants<br><br>Through appropriately playful learning experiences, children should be able to | **Stage 2:** First and second classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 3:** Third and fourth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 4:** Fifth and sixth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to |
| Communicating | 1. Engagement, listening and attention | Show interest in, demonstrate joint attention and actively listen and attend for enjoyment and for a particular purpose, and in other languages where appropriate. TF1, C1+2 | | Recognise themselves as listeners and speakers, engaging purposefully and empathetically with others.<br><br>Express their individuality through their knowledge and use of various languages.<br><br>Actively listen and extract meaning and enjoyment from conversations and texts in a range of genres and where possible, in various languages. TF1, C3 | Actively listen and attend for extended periods of time, to include other languages where appropriate, listening for more detail and nuanced meanings.<br><br>Evaluate how the purpose, situation and audience/listener influence the speaker's register, dialect and accent. TF1, C4 |
| | 2. Motivation and choice | Choose, listen to, respond to and create texts in a range of genres, and in other languages where appropriate, across the curriculum for pleasure and interest. TF2, C1+2 | | Choose, listen to, critically respond to and create texts in a range of genres and in other languages where appropriate, across the curriculum for pleasure, interest and specific purposes. TF2, C3+4 | |
| | 3. Social conventions and awareness of others | Recognise that language style changes with different relationships and audiences.<br><br>Show understanding of the listener's needs while, with support, initiating, sustaining and engaging in conversations on personal and curriculum-based topics and responding verbally and non-verbally. TF3, C1<br><br>Use language with confidence to work collaboratively with others and share outcomes with familiar and unfamiliar audiences. TF3, C1+2 | Use language appropriately in order to initiate, sustain and engage in conversations on personal and curriculum-based topics and use a language style and tone suited to the audience. TF3, C2 | Use language flexibly and with empathy while initiating, sustaining and engaging in conversations on personal and curriculum-based topics.<br><br>Adapt language style such as tone, pace, choice of vocabulary, gestures, facial expressions and body language for a range of audiences whilst communicating orally in a range of genres. TF3, C3 | Explore how culture and identity can influence how people communicate with others, verbally and non-verbally.<br><br>Listen and speak with increasing confidence, independence and skill in order to work collaboratively with others and to share feedback, ideas, decisions and outcomes in a range of contexts with familiar and unfamiliar audiences. TF3, C4 |
| | 4. Sentence structure and grammar | Use coherent sentences of increasing complexity with correct tense, word order and sentence structure, while using connectives and producing compound and complex sentences to elaborate appropriately. TF4, C1+2 | | Vary sentence length and structure, moving fluidly between a range of sentence types; simple, compound and complex, as appropriate to audience, purpose and language being spoken.<br><br>Use grammar conventions appropriately and identify differences in sentence structure and grammar across languages and dialects. TF, C3+4 | |

| Learning Outcomes for Oral Language (L2) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Understanding | 5. Vocabulary | Use different strategies such as a speaker's gestures, tone of voice, known words, pictures, sentence structure, definitions and descriptions to acquire and show understanding of new words, to include other languages where appropriate.<br><br>Use sophisticated oral vocabulary and phrases, including the language of text, topic and subject-specific language, and express and use decontextualized language. TF5, C1+2 | Select and apply a variety of strategies to acquire a wide range of words and phrases from different sources such as literature, subject-specific texts and other languages. TF5, C3 | Critically select and use a wide-ranging, complex oral vocabulary, phrases and figurative language for familiar, abstract and subject-specific concepts and topics, as appropriate to audience and purpose. TF5, C4 |
| | 6. Demonstration of understanding | Demonstrate understanding through the ability to give and follow instructions, comprehend texts and clearly state a case. TF6, C1+2 | Demonstrate understanding by listening actively to, understanding, analysing and responding appropriately to conversations and texts in a range of genres and across other languages where appropriate. TF6, C3 | Demonstrate understanding by listening actively to, analysing, comparing and evaluating conversations and texts in a range of genres and across other languages where appropriate. TF6, C4 |
| | | | Respond creatively and critically to what they have heard and experienced TF6, C3+4 | |
| Exploring and using | 7. Requests, questions and interactions | Express personal needs, opinions and preferences, and make requests with confidence. TF7, C1+ 2<br><br>Ask and answer a variety of open and closed questions to seek help, get information, develop understanding, clarify and extend thinking. TF7, C2 | Express personal needs, opinions and preferences, explaining and justifying their perspective. TF7, C3 + 4 | |
| | | | Ask and answer a variety of questions – open, closed, leading, rhetorical – for a range of purposes, such as exploring and discussing texts; clarifying and extending thinking; comparing views and opinions; interviewing, speculating, arguing and persuading. TF7, C3 | Select how and when appropriate to ask and answer a wide range of question types; open, closed, leading and rhetorical, for an increasing range of complex purposes. TF7, C4 |
| | 8. Categorisation | Name, describe and categorise people, objects, experiences and concepts of increasing complexity, demonstrating growing depth of knowledge and improved understanding. TF8, C1+2 | Explain and justify categorisation, across the curriculum, as appropriate, and demonstrate understanding that categories are fluid and can vary. TF8, C3+4 | |
| | 9. Retelling and elaboration | Tell and retell imaginative stories and narratives of increasing complexity to familiar and unfamiliar audiences using appropriate sequencing, tense and oral vocabulary. TF9, C1+2 | Create narratives and retell stories and events, both real and imaginary, for various audiences, using imaginative and figurative language, elaborating where appropriate. TF9, C3+4 | |
| | 10. Playful and creative use of language | Listen and respond to the aesthetic and creative aspects of language and use language playfully and creatively, and across other languages as appropriate. TF10, C1+2 | Manipulate language creatively through listening and responding to the aesthetic and creative aspects of language, at sound, word, sentence and text level.<br><br>Use language playfully and creatively in their own conversations and texts and across other languages as appropriate. TF10, C3+4 | |
| | 11. Information giving, explanation and justification | Supply, explain and justify points of information to familiar and unfamiliar audiences using topic-specific language. TF11, C3+4 | Analyse and select information to communicate ideas and opinions for a variety of purposes, such as informing, debating, explaining, justifying and persuading. TF11, C3+4 | |
| | 12. Description, prediction and reflection | Describe, predict and reflect upon actions, events and processes relating to real and imaginary contexts. TF12, C1+2 | Describe, predict, reflect upon and evaluate actions, events, processes, feelings and experiences relating to a wide range of real and imaginary contexts. TF12, C3+4 | |

## Torthaí Foghlama don Léitheoireacht (T1)

| Gné | Uimhir agus Lipéad | **Céim 1:** Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 2:** Rang 1 agus Rang 2<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 3:** Rang 3 agus Rang 4<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 4:** Rang 5 agus Rang 6<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann |
|---|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid | 1. Rannpháirtíocht | Aird a thabhairt, páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sult a bhaint as a bheith ag éisteacht léi. Labhairt faoi bhrí agus faoi léirmhíniú focal scríofa agus léaráidí le daoine, iad féin a aithint mar léitheoirí.<br><br>Téacsanna i dteangacha éagsúla a iniúchadh. LO1, S1+2 | | A spéis agus a shásamh sa litríocht agus sa léitheoireacht i réimse seánraí trasna an churaclaim a fhorbairt.<br><br>Dul i ngleic le téacsanna atá níos casta agus téacsanna i dteangacha eile a fhiosrú. LO1, S3+4 | |
| | 2. Inspreagadh agus rogha | Téacsanna i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla a roghnú, a léamh agus cumarsáid a dhéanamh ina dtaobh, ar mhaithe le pléisiúr agus le spéis. LO2, S1 | Téacsanna a roghnú, a léamh agus a phlé i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla ar mhaithe le pléisiúr, cuspóirí ar leith agus spéis. LO2, S2 | Téacsanna i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla trasna an churaclaim a roghnú ar mhaithe le pléisiúr, spéis, agus cuspóirí ar leith. Léirmheas criticiúil a dhéanamh ar na téacsanna sin. LO2, S3+4 | |
| Tuiscint | 3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte | Gnásanna bunúsacha an chló a aithint agus a úsáid. LO3, S1 | Gnásanna an chló agus struchtúr abairte a úsáid mar chabhair chun brí a bhaint as téacs. LO3, S2 | Comparáid a dhéanamh idir gnásanna cló i dtéacsanna atá níos casta agus anailís a dhéanamh orthu.<br><br>Anailís a dhéanamh ar struchtúr abairte i dtéacsanna, lena n-áirítear abairtí simplí, abairtí comhshuite, agus abairtí casta.<br><br>Comparáid a dhéanamh idir struchtúr abairte agus téacsanna i dteangacha éagsúla. LO3, S3+4 | |
| | 4. Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | Súgradh le fuaimeanna agus iad a aithint agus a ionramháil, e.g., siollaí, rím, túsfhoghair agus foghair dheiridh agus fóinéimí i bhfocail labhartha.<br><br>Fuaimeanna i bhfocail atá i dtéacsanna Gaeilge, Béarla agus i dteangacha eile a aithint. LO4, S1+2 | | Comparáid a dhéanamh idir fuaimeanna agus pátrúin i bhfocail i seánraí éagsúla trasna an churaclaim.<br><br>Fuaimeanna i bhfocail atá i dtéacsanna Gaeilge, Béarla agus i dteangacha eile a aithint agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Canúintí agus blasanna i dtéacsanna a aithint agus a phlé. LO4, S3+4 | |
| | 5. Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | Gach litir i gcás íochtair agus i gcás uachtair ó aibítir na Gaeilge a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú chomh maith le patrúin choitianta litreacha. Roinnt straitéisí aitheanta focal a úsáid agus iad ag léamh téacsanna teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách. | Feasacht fóineolaíochta agus réimse de straitéisí aitheanta focal a úsáid go solúbtha agus go muiníneach agus iad ag léamh téacsanna teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách. Tuiscint a léiriú ar an difríocht idir fuaimniú na bhfocal sa chaint agus an leagan scríofa agus an tuiscint sin a chur i bhfeidhm ina gcuid léitheoireachta agus foghraíocht cheart na Gaeilge a úsáid. LO5, S2 | Réimse de straitéisí aitheanta focal a úsáid go solúbtha agus go muiníneach agus iad ag léamh téacsanna teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách trasna an churaclaim<br><br>Leas a bhaint as teanga(cha) atá ar a thoil acu chun brí a bhaint as téacs i dteanga(cha) eile. LO5, S3+4 | |

| | Torthaí Foghlama don Léitheoireacht (T1) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 6. Stór focal | Stór focal cuí a shealbhú chun tacú le tuiscint ar théacs, go neamhspleách nó i bpáirt.<br><br>Labhairt faoi stór focal nua léitheoireachta agus é a úsáid de réir mar a thagann sé chun cinn trí tharraingt ar chomhthéacs, focail le brí ionann agus focail leis an bhfuaim chéanna ach le brí dhifriúil chun cabhrú leis an tuiscint. LO6, S1 | Stór focal cuí a shealbhú chun tacú le tuiscint ar théacs go neamhspleách.<br><br>Réimse de straitéisí stór focal a úsáid chomh maith le heolas ar chomhchiallaigh agus frithchiallaigh chun brí focal agus frásaí nua a shoiléiriú agus a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn. LO6, S2 | Réimse leathan de straitéisí stór focal agus eolas ar chomhchiallaigh, frithchiallaigh, comhainmneacha, táthmhíreanna agus fréamhfhocail a úsáid go solúbtha agus go muiníneach chun focail/frásaí nua i dtéacsanna a phlé agus chun brí a bhaint astu. LO6, S3+4 | |
| Fiosrú agus úsáid | 7. Cuspóir, seánra agus guth | Taithí a fháil ar ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs agus réimse seánraí, freagairt dóibh agus roghanna agus tuairimí ina leith a chur in iúl. LO7, S1 | Taithí a fháil ar ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs agus ar réimse níos leithne seánraí, freagairt dóibh, agus roghanna agus tuairimí a chosaint. LO7, S2 | Gnéithe de théacs a chuireann cuspóir, seánra nó guthanna ar leith in iúl a ainmniú agus a phlé. Ciall a bhaint as téacs cé nach bhfuil sé mínithe go soiléir.<br><br>Freagairt do ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs i seánraí éagsúla trasna an churaclaim. A gcuid tuairimí agus roghanna ar na gnéithe sin a chosaint agus údar a thabhairt leo. LO7, S3 | An tionchar a bhíonn ag cultúr agus féiniúlacht ar chruthú téacs i réimse seánraí a aithint agus a fhiosrú.<br><br>Machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfreagairt a thug siad do ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs i seánraí éagsúla trasna an churaclaim. LO7, S4 |
| | 8. Freagairt agus intinn an údair | Smaointe agus tuairimí ar théacsanna i réimse seánraía phlé agus a chomhroinnt trasna an churaclaim. Machnamh agus plé a dhéanamh ar intinn an údair. LO8, S1+2 | | An intinn a bhíonn ag údair dhifriúla a chur i gcomparáid lena chéile, a chur i gcodarsnacht lena chéile agus machnamh criticiúil a dhéanamh orthu, agus léirmhínithe éagsúla ar théacs i réimse leathan seánraí a phlé. LO8, S3+4 | |
| | 9. Tuiscint | Sonraí tábhachtacha i dtéacs a thabhairt chun cuimhne, iad a phlé agus a athinsint in ord agus na príomhphointí eolais i dtéacs a aithint. LO9, S1+2<br><br>Dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as trí eolas cúlra agus réimse straitéisí tuisceana a úsáid le linn obair a dhéanamh go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile. LO9, S1 | Dul i ngleic le téacs trí úsáid a bhaint as réimse de straitéisí tuisceana agus eolas cúlra go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile. LO9, S2 | Straitéisí tuisceana a chur i gcomparáid lena chéile agus iad a roghnú ar bhealach solúbtha, chomh maith le taithí phearsanta agus eolas cúlra a úsáid chun dul i ngleic le téacs atá níos casta, go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile. LO9, S3 | Straitéisí tuisceana a chur i gcomparáid lena chéile agus údar maith a bheith leis an rogha straitéise a úsáidtear chun dul i ngleic le téacs i réimse seánraí trasna an churaclaim go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile, ag baint úsáid i gcónaí as taithí phearsanta agus eolas cúlra.<br><br>Comparáid a dhéanamh idir eolas, tuairimí, agus smaointe ó fhoinsí éagsúla i réimse téacsanna agus an t-eolas ar fad a tharraingt le chéile. LO9, S4 |
| | 10. Líofacht agus féincheartú | Téacsanna teagaisc agus téacsanna ag leibhéal neamhspleách a léamh i réimse seánraí ag luas réasúnta agus le tuiscint, agus féincheartú neamhspleách a dhéanamh. LO10, S1+2 | | Téacsanna i réimse seánraí a léamh gan stró, le luas cuí, go cruinn agus le tuin chuí dá lucht éisteachta. LO10, S3+4 | |

| Learning Outcomes for Reading (L2) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Element** | **Number and label** | **Stage 1:** Junior and senior infants<br><br>Through appropriately playful learning experiences, children should be able to | **Stage 2:** First and second classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 3:** Third and fourth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 4:** Fifth and sixth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to |
| **Communicating** | 1. Engagement | Attend to, take part in and enjoy listening to reading and talking about the meaning and interpretation of written words and illustrations with others, recognising themselves as readers.<br><br>Discover and explore texts in various languages. TF1, C1+2 | | Develop their interest in and enjoyment of literature and reading in a variety of genres across the curriculum.<br><br>Engage with texts of increasing complexity, and discover and explore texts in various languages. TF1, C3+4 | |
| **Communicating** | 2. Motivation and choice | Choose, read and communicate about text in a range of genres and languages for pleasure and interest. TF2, C1 | Choose, read and communicate about text in a range of genres and languages for pleasure, interest and specific purposes. TF2, C2 | Choose, read and critically respond to texts in a range of genres and languages across the curriculum for pleasure, interest and specific purposes. TF2, C3+4 | |
| **Understanding** | 3. Conventions of print and sentence structure | Identify and use basic conventions of print in text. TF3, C1 | Use conventions of print and sentence structure to help understand text. TF3, C2 | Analyse and compare conventions of print in texts of increasing complexity.<br><br>Analyse sentence structures, including simple, compound and complex sentences in texts.<br><br>Compare sentence structures and texts in various languages. TF3, C3+4 | |
| **Understanding** | 4. Phonological and phonemic awareness | Play with, recognise and manipulate sounds such as syllables, rhyme, onset-rime and phonemes in spoken words. TF4, C1+2 | | Compare sounds and patterns in words found in texts in various genres across the curriculum.<br><br>Recognise and compare sounds in words in English, Irish, other languages and across dialects and accents. TF4, C3+4 | |
| **Understanding** | 5. Phonics, word recognition, and word study | Recognise, name and sound all lower- and upper-case letters and common letter patterns, displaying some word identification strategies when reading instructional and independent-level texts. | Use phonic knowledge and a range of word identification strategies with flexibility and confidence when reading instructional and independent-level texts. | Use a range of word identification strategies flexibly and with confidence when reading instructional and independent-level texts across the curriculum.<br><br>Use existing language skills and knowledge to decipher text in other languages. | |
| **Understanding** | 6. Vocabulary | Acquire appropriate vocabulary to support the comprehension of text shared by the teacher or read independently.<br><br>Talk about and use new vocabulary as it arises, drawing on context and identifying words with similar meaning and words with similar sounds but different meaning. | Acquire appropriate vocabulary to support the independent comprehension of text.<br><br>Draw on a developing knowledge of word structure and word parts, including some prefixes and suffixes, to clarify and discuss the meaning of words. TF6, C2 | Acquire deep and broad vocabulary knowledge to facilitate independent comprehension of texts, to include subject-specific texts.<br><br>Draw on an increasing knowledge of word structure and word parts, including prefixes, suffixes and root words, to independently uncover the meaning of words encountered in texts. Use knowledge of synonyms, antonyms, homonyms, homographs and homophones to clarify and discuss the meaning of new and known vocabulary.<br><br>Use appropriate reference materials to independently uncover the meaning of unknown words. TF6, C3+4 | |

## Learning Outcomes for Reading (L2)

**Exploring and using**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 7. Purpose, genre, and voice | Experience and respond to the aesthetic, creative, and imaginative aspects of text and a range of genres expressing preferences and opinions. TF7, C1 | Experience and respond to the aesthetic, creative and imaginative aspects of texts and a wider range of genres justifying preferences and opinions. TF7, C2 | Identify and discuss features of texts which convey a particular purpose, genre, or voice and infer meanings which are not explicitly stated.<br><br>Respond to the aesthetic, creative, and imaginative aspects of a wide range of texts in various genres across the curriculum and defend their preferences and opinions. TF7, C3 | Recognise and examine the implications of culture and identity on the creation of texts across a range of genres.<br><br>Critically reflect on their response to the aesthetic, creative, and imaginative aspects of a wide range of texts in various genres across the curriculum. TF7, C4 |
| 8. Response and author's intent | Discuss and share thoughts and opinions on texts in a range of genres across the curriculum. Consider and discuss author's intent. TF8, C1+2 | | Compare, contrast and critically reflect on the intent of different authors and discuss various interpretations of text in a wide range of genres. TF8, C3+4 | |
| 9. Comprehension | Recall, discuss and sequence significant details and identify key points of information in text. TF9, C1+2 | | | |
| | Draw on background knowledge as well as a range of comprehension strategies to engage with and create meaning when working with a range of texts independently or collaboratively. TF9, C1 | Draw on a repertoire of comprehension strategies and background knowledge to comprehend text independently or collaboratively. TF9, C2 | Compare and select comprehension strategies flexibly and interchangeably and use background knowledge to engage with text in a variety of genres independently or collaboratively. TF9, C3 | Choose, justify, and apply comprehension strategies to engage with text in a variety of genres across the curriculum, independently or collaboratively, and continue to draw on background knowledge.<br><br>Compare and synthesize information, thoughts, and ideas from a variety of text sources. TF9, C4 |
| 10. Fluency and self-correction | Read instructional and independent-level texts in a range of genres with reasonable pace and understanding, and self-correct independently. TF10, C1+2 | | Read texts in a variety of genres effortlessly with appropriate pace, accuracy and expression for a variety of audiences. TF10, C3+4 | |

| Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T1) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gné** | **Uimhir agus Lipéad** | **Céim 1:** Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 2:** Rang 1 agus Rang 2<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 3:** Rang 3 agus Rang 4<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 4:** Rang 5 agus Rang 6<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann |
| Cumarsáid | 1. Rannpháirtíocht | Aird a thabhairt ar mharcanna agus líníocht a dhéanamh, páirt a ghlacadh ann agus taitneamh a bhaint as, agus scríobh chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus é a dhéanamh i dteangacha éagsúla nuair is cuí. LO1, S1 | Iad féin a aithint mar scríbhneoirí, páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht, agus taitneamh a bhaint aisti, chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí. LO1, S2 | Dearcadh dearfach agus cuspóirí éagsúla a léiriúagus iad ag tabhairt faoi théacs i réimse seánraí, i dteangacha éagsúla nuair is cuí, agus trasna an churaclaim.<br><br>Scríbhneoireacht a úsáid mar uirlis chun ord agus eagar a chur ar smaointe agus iad a shoiléiriú, agus chun a bhféiniúlacht a chur in iúl (agus úsáid a bhaint as teangacha eile san áireamh). LO1, S3+4 | |
| Cumarsáid | 2. Inspreagadh agus rogha | Uirlisí, topaic agus ábhar cuí a roghnú don scríbhneoireacht pháirteach nó neamhspleách agus téacsanna a roghnú chun roinnt le daoine eile. LO2, S1+2 | | Uirlisí, straitéisí, agus ábhar, a mheas go criticiúil agus a roghnú chun téacs a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim ar mhaithe le cuspóirí agus luchtanna éisteachta/léite éagsúla. LO2, S3+4 | |
| Tuiscint | 3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte | Gnásanna bunúsacha an chló chomh maith le struchtúr abairte a úsáid agus iad ag cumadh téacsanna i bpáirt le daoine nó go neamhspleách. LO3, S1 | Úsáid a bhaint as gnásanna an chló, struchtúir abairte níos casta, aimsirí cearta na mbriathra agus nascfhocail ina gcuid scríbhneoireachta. LO3, S2 | Úsáid a bhaint as gnásanna an chló atá ag éirí níos caolchúisí an t-am ar fad ina scríbhneoireacht neamhspleách.<br><br>Úsáid a bhaint as abairtí simplí, comhshuite agus casta agus iad ag athrú fhad na n-abairtí chun dul in oiriúint do lucht léitheoireachta, stíl agus tuin a gcuid scríbhneoireachta. LO3, S3+4 | |
| Tuiscint | 4. Litriú agus staidéar ar fhocail | Litreacha ó aibítir na Gaeilge a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú agus úsáid a bhaint as roinnt litrithe chirt, ag tarraingt ar an eolas atá acu faoi phatrúin fuaime agus patrúin litreacha chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi litriú focail (litriú cumtha).<br>Tosú ar thuiscint a léiriú ar athruithe gramadaí agus iad a úsáid i bhfrásaí coiteanna ina gcuid scríbhneoireachta. | Straitéisí litrithe a úsáid chun focail nua agus athruithe gramadaí a litriú agus iad a úsáid mar is cuí agus tuiscint a léiriú ar na difríochtaí idir an teanga ó bhéal agus an leagan scríofa den teanga.<br><br>Réimse focal ardmhinicíochta a litriú go cruinn agus ábhair thagartha a úsáid go neamhspleách chun litrithe a cheartú agus a sheiceáil. LO4, S2 | Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann comhfhreagairtí idir litreacha agus fuaimeanna, patrúin litrithe choitianta agus codanna agus fréamhacha lánbhrí d'fhocail i bhfeidhm ar litriú, agus úsáid a bhaint as an eolas sin chun focail a litriú i gceart ina gcuid scríbhneoireachta.<br><br>Úsáid a bhaint as ábhar tagartha cuí chun litriú a sheiceáil agus a cheartú go neamhspleách.<br><br>A aithint go n-athraíonn focail Ghaeilge uaireanta de réir chomhthéacs na gramadaí (séimhiú, úrú, uimhir iolra, tuiseal ginideach).<br><br>Cosúlachtaí agus difríochtaí idir focail agus patrúin litreacha i dteangacha (Gaeilge, Béarla, nó teangacha eile) agus i seánraí éagsúla a aithint agus phlé. LO4, S3+4 | |

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T1)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 5. Stór focal | Úsáid a bhaint as stór focal níos leithne óna dtaithí phearsanta agus óna dtaithí ar phlé le téacs. Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach, le tacaíocht de réir mar is gá. LO5, S1 | Úsáid a bhaint as stór focal níos casta ó go leor foinsí agus gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha na teanga a fhiosrú ina gcuid scríbhneoireachta. LO5, S2 | Teanga agus stór focal oiriúnach a fhiosrú agus a roghnú chun téacsanna a chruthú i réimse seánraí dteangacha éagsúla nuair is cuí, ar mhaithe le cuspóirí agus luchtannaéisteachta/léite éagsúla. Údar/cúiseanna a thabhairt leis na roghanna sin. LO5, S3 | Teanga agus stór focal oiriúnach a fhiosrú agus a roghnú chun téacs níos casta a chruthú i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí, ar mhaithe le cuspóirí agus luchtanna éisteachta/léite éagsúla. Údar/cúiseanna a thabhairt leis na roghanna sin.<br><br>Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, samhlaíocha agus fáthchiallacha na teanga a úsáideann siad ina gcuid scríbhneoireachta.<br><br>Measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as stór focal ag brath ar chomhthéacsanna éagsúla. LO5, S4 |
| Fiosrú agus úsáid | 6. Cuspóir, seánra agus guth | Líníocht a dhéanamh agus scríobh agus tuiscint aige ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon, le linn dóibh téacsanna** a chruthú i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí.<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar struchtúr téacs agus gnéithe teanga a bhaineann le réimse seánraí agus iad a úsáid go rathúil.<br><br>A nguth pearsanta a fhorbairt ina gcuid scríbhneoireachta chun a gcuid tuairimí, eolas agus taithí a chomhroinnt. LO6, S1+2 | | Téacs a chruthú ar chúiseanna údarachta ar leith, ag léiriú tuiscint níos doimhne ar thionchar an lucht éisteachta/léite ar a gcuid scríbhneoireachta. Anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar struchtúr téacs agus gnéithe teanga a bhaineann le réimse seánraí.<br><br>A nguth pearsanta a léiriú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air trína gcuid tuairimí, eolais, agus taithí a roinnt i réimse seánraí ar mhaithe le cuspóirí agus lucht éisteachta/léite ar leith.<br><br>Tuiscint a léiriú ar an tslí a bhféadfaí canúintí agus blasanna éagsúla a úsáid agus téacs á chruthú. LO6, S3+4 | |
| Fiosrú agus úsáid | 7. Próiseas na scríbhneoireachta agus téacs a chruthú | An próiseas scríbhneoireachta a úsáid chun téacs a scríobh i gcomhpháirt le daoine eile agus/nó go neamhspleách. LO7, S1+2 | | Scileanna agus straitéisí a bhaineann leis an scríbhneoireacht mar phróiseas a ainmniú agus a mheas agus iad a úsáid chun téacsanna a chruthú go neamhspleách agus/nó i bpáirt le daoine eile, i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí, trasna an churaclaim ar mhaithe le cuspóirí agus luchtannaéisteachta/léite éagsúla.<br><br>Teanga chuí a úsáid chun leasuithe eagarthóireachta a mheas agus a phlé bunaithe ar théacsanna a cruthaíodh i réimse seánraí ar mhaithe le cuspóirí agus luchtanna éisteachta/léite éagsúla. LO7, S3+4 | |
| Fiosrú agus úsáid | 8. Freagairt agus intinn an údair | Brí a gcuid téacsanna féin a chomhroinnt agus tuiscint a léiriú trí fhreagairt do théacs daoine eile. LO8, S1+2 | | A gcuid aidhmeanna/a n-intinn féin mar údair agus gnéithe seachtracha a mbíonn tionchar acu ar údair a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu. Tuairimí daoine eile ar a gcuid téacsanna a phlé agus a mheas. LO8, S3+4 | |
| Fiosrú agus úsáid | 9. Peannaireacht agus cur i láthair | Ceannlitreacha agus litreacha beaga a scríobh mar aonad reatha leo féin.<br><br>Téacsanna a chur i láthair i réimse formáidí. LO9, S1 | Scríobh agus úsáid á baint as stíl scríbhneoireachta.<br><br>Téacsanna a chur i láthair i réimse formáidí. LO9, S2 | Scríobh go hinléite agus go líofa agus úsáid á baint as stíl scríbhneoireachta atá rognaithe.<br><br>Téacsanna a chur i láthair i réimse formáidí. LO9, S3 | Stíl agus leagan amach ábhartha a roghnú, a chosaint, agus a mholadh chun téacsanna a chruthú agus a chur i láthair i réimse formáidí. LO9, S4 |

## Learning Outcomes for Writing (L2)

| Element | Number and label | **Stage 1:** Junior and senior infants<br><br>Through appropriately playful learning experiences, children should be able to | **Stage 2:** First and second classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 3:** Third and fourth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to | **Stage 4:** Fifth and sixth classes<br><br>Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to |
|---|---|---|---|---|---|
| Communicating | 1. Engagement | Attend to, take part in and have fun mark-making, drawing and writing, across languages where appropriate, to communicate with others. TF1, C1 | Recognise themselves as writers, take part in and enjoy writing, across languages where appropriate, to communicate with others. TF1, C2 | Engage positively and purposefully while creating text in a variety of genres, other languages where appropriate and across the curriculum.<br><br>Use writing as a tool to clarify and structure thought and to express individuality. TF1, C3+4 | |
| | 2. Motivation and choice | Choose appropriate tools, content and topics for their own writing and select texts for sharing with others. TF2, C1+2 | | Evaluate and critically choose appropriate tools, strategies, content and topics to create text in a range of genres across the curriculum for a variety of purposes and audiences. TF2, C3+4 | |
| Understanding | 3. Conventions of print and sentence structure | Use basic conventions of print and sentence structure. TF3, C1 | Use more sophisticated conventions of print and sentence structure, and a range of verb tenses and connectives in their writing. TF3, C2 | Use increasingly nuanced print conventions in their independent writing.<br><br>Use a variety of simple, compound and complex sentence structures, varying sentence length to suit the audience, style and tone of their writing. TF3, C3+4 | |
| | 4. Spelling and word study | Recognise, name and sound letters and use some correct spellings, drawing on their sound and letter patterns to try out invented spelling.<br><br>Spell high frequency and high interest words accurately. | Use knowledge of letter-sound correspondences and common spelling patterns to accurately spell words.<br><br>Spell a wide range of high frequency words accurately and begin to use reference materials to check and correct spelling. TF4, C2 | Analyse how letter-sound correspondences, common spelling patterns and meaningful word parts and roots impact on spelling, using this knowledge to correctly spell words in their writing.<br><br>Use appropriate reference materials to independently check and correct spelling. TF4, C3+4 | |
| | 5. Vocabulary | Use a growing range of vocabulary from their personal experiences and engagement with text and use language playfully and creatively in their writing. TF5, C1 | Use a more sophisticated range of vocabulary from many sources and explore the aesthetic, creative and imaginative dimensions of language in their writing. TF5, C2 | Examine, select and justify appropriate vocabulary to create text across a range of genres and other languages where appropriate for a variety of purposes and audiences. TF5, C3 | Examine, select and justify appropriate vocabulary to create text of increasing complexity across a range of genres and other languages where appropriate for a variety of purposes and audiences.<br><br>Evaluate the aesthetic, creative, figurative and imaginative dimensions of language in their writing.<br><br>Evaluate how vocabulary is used in various contexts in their writing. TF5, C4 |

## Learning Outcomes for Writing (L2)

**Exploring and using**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6. Purpose, genre, and voice | Draw and write with a sense of purpose and audience while creating texts in a range of genres and other languages where appropriate.<br><br>Explore and use the typical text structure and language features associated with a variety of genres.<br><br>Develop an individual voice to share their thoughts, knowledge and experiences. TF6, C1+2 | | Create text for a wide variety of authentic purposes, demonstrating an increasing understanding of the influence of the audience on their work.<br><br>Use, analyse and evaluate the typical text structure and language features associated with a wide variety of genres across the curriculum.<br><br>Use a variety of writing techniques to further develop and demonstrate an individual voice in their writing, including awareness of dialect. TF6, C3+4 | |
| 7. Writing process and creating text | Use the writing process when creating texts collaboratively or independently. TF7, C1+2 | | Identify and evaluate skills and strategies associated with writing as a process and use them to create texts independently and/or collaboratively across a range of genres, in other languages where appropriate and across the curriculum for a variety of purposes and audiences.<br><br>Use appropriate language to evaluate and discuss revisions and edits to texts created in a range of genres for a variety of purposes and audiences. TF7, C3+4 | |
| 8. Response and author's intent | Share the meaning of their own texts and demonstrate understanding through responding to the texts of others. TF8, C1+2 | Elaborate on the meaning of their own writing and discuss the texts of others showing an emerging recognition of the author's intent. TF8, C1+2 | Examine and critically reflect on their own intent and influences as authors.<br><br>Discuss and evaluate others' interpretation of their texts. TF8, C3+4 | |
| 9. Handwriting and presentation | Write upper- and lower case letters as separate, flowing letters and present texts in a range of formats. TF9, C1 | Write legibly and fluently in a chosen script and present texts in a range of formats. TF9, C2 | Write legibly and fluently in a chosen script using a personal style and present texts in a range of formats. TF9, C3 | Select, justify, and recommend appropriate writing and presentation styles to create and present texts in a range of formats. TF9, C4 |

## Torthaí Foghlama do Nuatheangacha Iasachta ag Céim 3 agus Céim 4

Tá trí phríomhinniúlacht leabaithe i ngach ceann de na Torthaí Foghlama do na Nuatheangacha Iasachta. Déantar na príomhinniúlachtaí a shainaithint ag baint úsáid as túslitreacha (faoi mar atá leagtha amach i dTábla 5 thíos), díreach i ndiaidh gach Toradh Foghlama.

I ngach cás, sainaithnítear na trí phríomhinniúlacht is ábhartha don Toradh Foghlama. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 5:** Príomhinniúlachtaí a shainaithnítear laistigh de na Torthaí Foghlama

| Príomhinniúlacht | Túslitreacha |
|---|---|
| A bheith slán | S |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | FD |
| A bheith matamaiticiúil | M |
| A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | CT |
| A bheith cruthaitheach | C |
| A bheith i d’fhoghlaimeoir gníomhach | FG |
| A bheith i do shaoránach gníomhach | SG |

**Céim 3 agus 4: Rang a Trí go Rang a Sé –Torthaí Foghlama chun cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir**

| Gné | Uimhir agus lipéad | Toradh Foghlama |
|---|---|---|
| | | Teanga ó Bhéal / Léitheoireacht / Scríbhneoireacht |
| | | Céim 3: Rang a Trí agus a Ceathair / Céim 4: Rang a Cúig agus a Sé |
| | | *Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann:* |
| **Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir** | **1. Teanga agus córais teanga a fhiosrú** | • bunús focal, nathanna agus leaganacha cainte i dteangacha a fhiosrú. FG, C, M.<br>• an chaoi a n-imríonn teangacha tionchar ar a chéile agus an bhaint atá acu lena chéile a fhiosrú. FG, FD, M.<br>• tuiscint ar theanga agus ar chórais teanga a fhiosrú agus a léiriú, ar an gcaoi ar féidir iad a chur i gcomparáid lena chéile, agus ar uathúlacht gach teanga. FG, CT, M.<br>• iniúchadh a dhéanamh ar na teangacha a úsáidtear sa seomra ranga, sa scoil, sa phobal níos leithne agus sa domhan níos leithne, agus samplaí a léiriú ó eispéiris ghnáthshaoil. SG, FG, S. |
| | **2. Mé féin mar fhoghlaimeoir teanga a thuiscint** | • an chaoi agus an fáth a bhfoghlaimímid teangacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh air sin, agus na bealaí is úsáidí agus is éifeachtaí don pháiste féin chun teangacha a fhoghlaim a shainaithint agus a roinnt. FG, CT, FD.<br>• úsáid a bhaint as eolas, straitéisí agus scileanna a bhfuil máistreacht faighte aige orthu cheana féin i dteanga amháin le cabhrú le tuiscint agus cumarsáid i dteanga(cha) eile. FG, CT, M.<br>• na teangacha ar fad atá ar eolas aige a úsáid le dul i ngleic le topaicí curaclaim agus le topaicí a bhfuil spéis phearsanta aige iontu<br>• na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir teangacha a aithint le cabhrú le naisc a chruthú (m.sh., ord na bhfocal, focail ghaolmhara, patrúin fuaime). FG, CT, M. |
| | **3. Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt** | • fiosrú agus ceiliúradh a dhéanamh ar a chultúr féin agus ar chultúir eile sa seomra ranga, scoil, pobal áitiúil agus sa domhan níos leithne, agus plé á dhéanamh orthu go tuisceanach agus go measúil. SG, C, S.<br>• tuiscint a léiriú ar an nasc idir pobail teanga agus na cultúir a bhaineann leo, chomh maith le tosca eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairt cultú(i)r. SG, C, S. |

Déantar **téacsanna dílse** a chruthú agus a fhoilsiú d'fhíorlucht féachana/don phobal. D'fhéadfadh amhráin, dánta, rabhlóga, ranna, físeáin ghearra, amchláir, bileoga, bróisiúir, póstaeir, biachláir, foirmeacha bunúsacha iarratais, srl., a bheith i gceist. Ar an lámh eile, cruthaítear téacsanna oideolaíochta go sonrach le tacú leis an bhfoghlaim teanga.

**Ceiliúradh:** D'fhéadfadh breithlaethanta, laethanta saoire, féilte, damhsaí agus amhráin thraidisiúnta a bheith i gceist leis seo.

**Focail ghaolmhara:** Focail in dhá theanga nó níos mó atá cosúil lena chéile ó thaobh na foirme agus na brí de (m.sh., apple, der Apfel). Is sampla d'aistriú dearfach eolais ó theanga amháin go teanga eile iad focail ghaolmhara.

**Rudaí inláimhsithe:** Nithe is féidir leis an bpáiste a fheiceáil, a bhrath agus a cheangal leis an timpeallacht atá thart air, m.sh., earraí seomra ranga.

**Topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu:** Topaicí a bhaineann leis an saol laethúil, le heispéireas saoil an pháiste féin agus topaicí traschuraclaim a úsáidtear agus a athneartaítear go laethúil, mar shampla, braistintí/mothúcháin, cluichí, ceisteanna, tuairimí a chur in iúl, uimhreacha, gnáthamh seomra ranga, srl.

**Córas teanga:** tagraíonn sé seo do na gnéithe, aonaid, patrúin agus prionsabail a bhíonn i gceist le teanga faoi leith. D'fhéadfadh focail, fuaimeanna, patrúin (m.sh., iolraí, ord na bhfocal, struchtúr), córais scríbhneoireachta (script agus na rialacha a rialaíonn an chaoi a n-oibríonn a litreacha/graif le chéile), srl., a bheith i gceist leis seo.

**Topaicí pearsanta:** Topaicí a bhaineann le buneolas pearsanta agus le saol laethúil an pháiste, m.sh., mé féin, mo theaghlach, mo phobal áitiúil, srl.

**Tacaíochtaí:** áirítear leis seo ciúnna comhthéacs (íomhánna, gothaí, ciúnna neamhbhriathartha, srl.), foclóir, straitéisí cumarsáide neamhbhriathartha (m.sh., méar a dhíriú, an ceann a chlaonadh, gothaí gnúise a dhéanamh, srl.).

**Téacsanna:** Gach toradh ar úsáid teanga: caint, gothaí, comharthaí, scríobh, Braille, amharc, tadhlach, leictreonach, digiteach agus ilmhódach.

*Is chun críocha léiriúcháin na samplaí thuas agus níl siad uileghabhálach.*

Céim 4: Rang a cúig agus a sé - Torthaí Foghlama don Inniúlacht Chumarsáideach sa T3

| Gnéithe | Torthaí Foghlama |
|---|---|
| | Teanga ó Bhéal / Léitheoireacht / Scríbhneoireacht |
| | **Céim 4: Rang a Cúig agus a Sé** |
| | *Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann:* |
| **Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt** | • ceisteanna an-ghearr agus simplí a chur agus a fhreagairt ag baint úsáid as focail agus nathanna coitianta sa spriocthteanga le heolas an-bhunúsach/bunúsach a fháil agus a thabhairt maidir le nithe inláimhsithe agus topaicí pearsanta agus topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu.* SG, FG, CT. |
| | • caidreamh gearr agus simplí a thosú, a choimeád agus a chríochnú ag baint úsáid as nathanna an-ghearr agus simplí, ag léiriú feasachta ar choinbhinsiúin shóisialta agus ag tarraingt ar thacaíochtaí* nuair is gá SG, CT, S. |
| | • páirt a ghlacadh i ngnáthaimh, gníomhaíochtaí, tascanna agus caidrimh an-simplí sa seomra ranga, lena n-áirítear cluichí an-simplí ag baint úsáid as T3 FG, C, CT. |
| **Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint** | • príomheolas i dtéacsanna* an-ghearr agus simplí a shainaithint agus tuiscint a léiriú air, eolas a bhaineann le nithe inláimhsithe, agus pearsanta, agus topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu (cé go mb'fhéidir nach dtuigfeadh sé gach uile fhocal). FG, C, M. |
| | • focail, ceisteanna, leideanna agus treoracha gearra simplí in T3 a bhaineann le nithe inláimhsithe laethúla, agus le rudaí pearsanta, agus le topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu, a aithint agus tuiscint a léiriú orthu, ag tarraingt ar thacaíochtaí* nuair is gá FG, CT, FD, |
| | • réimse fuaimeanna agus patrún fuaime a bhaineann leis an teanga atá á foghlaim a aithint agus a fhuaimniú, agus iad a chur i gcomparáid le teangacha eile. SG, FG, M. |
| **Teanga a fhiosrú agus a úsáid** | • focail choitianta, leaganacha agus nathanna foirmleacha cainte a ghiniúint le heolas an-bhunúsach/bunúsach a thabhairt maidir le nithe inláimhsithe, agus topaicí pearsanta a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu, ag baint úsáid as ábhar amhairc, comharthaí agus tacaíochtaí le cabhrú leis an gcumarsáid. SG, C, S. |
| | • téacsanna* an-ghearr agus simplí a ullmhú agus a rá, mar shampla ráiteas, dán, rann nó amhrán. C, CT, S. |

| | |
|---|---|
| | • téacsanna* a bhailiú, a chruthú agus a roinnt ag baint úsáid as Béarla, Gaeilge, T3, agus teangacha eile chun léiriú a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige maidir lena chultúr féin agus cultúir eile. SG, C, FD. |

# 6. Curaclam Teanga na Bunscoile i bhFeidhm

Cabhraíonn Curaclam Teanga na Bunscoile le múinteoirí tacú le foghlaim teanga páistí trí phróiseas foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Bíonn an curaclam agus Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile ag obair le chéile chun tacú le múinteoirí eispéiris foghlama shaibhre a chur ar fáil sa teanga. Tugtar treoir agus tacaíocht sa chuid seo don churaclam i bhfeidhm, trí smaointe móra a chur i láthair atá mar bhonn agus taca le foghlaim agus teagasc sa seomra ranga. Áirítear leo seo cuir chuige maidir le foghlaim **dara teanga agus teangacha breise** na bpáistí, an **éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha**, chomh maith le **hoideolaíochtaí don chomhtháthú agus don litearthacht.**

## Foghlaim an dara teanga agus na teanga breise

Leanann formhór na bpáistí cosáin intuartha agus an chéad teanga á foghlaim acu. Ní haon eisceacht í foghlaim an dara teanga ná foghlaim na teanga breise agus foghlaimíonn páistí an Ghaeilge (agus an T3 i gCéim 4) ar bhealaí atá indibhidiúil ach intuartha. Beidh an cosán céanna á leanúint ag páistí a fhoghlaimíonn Béarla mar theanga bhreise (EAL), ach beidh tuilleadh teagmhála acu leis an teanga agus níos mó deiseanna acu í a úsáid lasmuigh de chomhthéacs na scoile.

I dtús báire tuigtear do pháistí de réir a chéile gur féidir cumarsáid agus brí a dhéanamh i dteangacha eile agus tosaíonn siad ag léiriú tuisceana. Nuair a bhíonn beagán focal sealbhaithe acu sa teanga nua, tosaíonn siad ag meascadh agus ag úsáid na bhfocal seo in abairtí T1 mar fhriotal measctha. Má shealbhaítear an teanga nua i suíomh aitheanta, foghlaimeoidh siad focail agus frásaí a bhíonn in úsáid go minic i rith an lae. Dá bharr sin, ó thaobh na Gaeilge de, moltar go n-úsáidtear an Ghaeilge go rialta i rith an lae lasmuigh den cheacht Gaeilge. Is féidir í a úsáid ar scoil agus sa seomra ranga mar theanga chumarsáide agus bhainistíochta. Mar shampla, chun teachtaireacht a sheoladh, ceist a chur nó cabhair a lorg. Is féidir cur chuige cosúil leis seo a ghlacadh le T3 na scoile ó Chéim 4.

Ar an gcaoi seo, tosóidh na páistí ag úsáid na dteangacha atá á bhfoghlaim acu gan smaoineamh agus ar an ngnáthbhealach. Déanann siad cumarsáid chomh maith trí fhocail agus frásaí coitianta atá ar eolas acu in T2 a úsáid (agus in T3 ó Chéim 4). Tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna acu chun na focail agus na frásaí seo a athrá i gcomhthéacsanna fiúntacha agus diongbháilte. Ina theannta sin, ba cheart go dtabharfaí spreagadh do pháistí úsáid a bhaint as a stór teangacha ar fad chun caint níos spontáiní a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh ach úsáid a bhaint as T2 (agus as T3 ó Chéim 4). Tá tacaí do mhúinteoirí, ina ndéantar forbairtí agus tacaí teagaisc d'fhoghlaim na dara teanga agus na teanga breise ag an bpáiste a imlíniú agus a léiriú, foilsithe in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile.

## Nuatheangacha Iasachta (Céim 3 agus Céim 4)

Tá NTI ina chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile le haghaidh Chéim 3 agus Chéim 4.

### Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)

Tá sé mar aidhm i gCéim 3 bunús láidir a chruthú ónar féidir le páistí dul ar aghaidh chun T3 a fhoghlaim i gCéim 4. Úsáidfear an leithdháileadh ama molta ag Céim 3 do na Torthaí Foghlama a bhaineann le Feasacht a Chothú ar Theangacha agus ar Chultúir. Bainfidh na páistí úsáid as Béarla, Gaeilge agus teangacha eile chun;

- an chaoi a n-oibríonn teangacha a fhoghlaim
- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad teangacha
- feasacht idirchultúrtha a fhorbairt.

Tugtar spreagadh do mhúinteoirí an leithdháileadh ama molta arna leagan amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* a úsáid do cheachtanna scoite agus do ghníomhaíochtaí teagmhasacha nó comhtháite laistigh den churaclam teangacha agus lasmuigh de. Mar shampla, le linn na n-eispéireas foghlama a bhaineann le Ceol, d'fhéadfadh na páistí iniúchadh a dhéanamh ar bhunús focal a úsáidtear go minic (*piccolo*, *presto*, *tempo*, *crescendo*). Mar an gcéanna, le linn eispéireas foghlama Tíreolaíochta, d'fhéadfadh na páistí iniúchadh a dhéanamh ar an leagan Gaeilge de logainmneacha nó d'ainmneacha sráide ina gceantar, agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh go bhfuil difríochtaí idir an chiall atá leo i mBéarla le hais na céille atá leo i nGaeilge.

I gCéim 3, bainfear úsáid as agus forbrófar réamheolas agus réamhthaithí na bpáistí ar theangacha san fhoghlaim agus sa teagasc agus dá bhrí sin, beidh cosúlacht dhifriúil ar an bhfoghlaim i ngach seomra ranga. Bíonn go leor deiseanna foghlama agus teagaisc le fáil i scoileanna ina bhfuil éagsúlacht teanga bunaithe ar an éagsúlacht teanga atá sna seomraí ranga. I gcás nach bhfuil aon teanga eile á labhairt laistigh de phobal na scoile, is féidir úsáid a bhaint as eolas na bpáistí ar an nGaeilge agus ar an mBéarla chun bunús saibhir a chur ar fáil ar ar féidir feasacht na bpáistí a fhorbairt ar theangacha agus ar chultúir. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí éagsúla a spreagann na páistí machnamh a dhéanamh agus léirthuiscint a fháil ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha atá ann lasmuigh den seomra ranga. Mar shampla, is féidir leis na múinteoirí úsáid a bhaint as acmhainní ilmheánacha amhail físeáin, leabhair, agus ceol ina bhfuil teangacha agus cultúir éagsúla. Ina theannta sin, is féidir le múinteoirí tacú le páistí tuilleadh feasachta a fháil ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha atá le fáil ina bpobal áitiúil, ina dtír agus ar fud an domhain. I gCéim 3 is é an múinteoir ranga a threoraíonn an cur chuige seo i dteanga na scoile.

### Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)

Ag Céim 4, foghlaimíonn páistí conas cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal an-bhunúsach/bunúsach in T3. Tacófar leis sin trí fhócas leanúnach ar Fheasacht a Chothú ar Theangacha agus ar Chultúir, rud a leanann ó Chg*Creatchuraclam na Bunscoile* ag Céim 4 do na Torthaí Foghlama a bhaineann le Feasacht a Chothú ar Theangacha agus ar Chultúir, agus do T3 araon. Arís, is féidir an leithdháileadh ama molta a úsáid do na heispéiris foghlama scoite agus do na gníomhaíochtaí comhtháite ar fud an churaclaim.

Lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn ann agus T3 á foghlaim ag Céim 4, múinfear an teanga chéanna i rang a 5 agus rang a 6. Is príomhghné de theagasc éifeachtach teanga í teagmháil leis an

sprioctheanga. Mar sin, tugtar spreagadh chun úsáid a bhaint as T3 mar an príomh-mheán chun T3 a fhoghlaim agus a theagasc agus chun úsáid neamhfhoirmeálta a bhaint as T3 le linn an lae scoile. Tá sé inghlactha go dtaispeánfar an t-ullmhúchán agus an phleanáil do T3 i dteanga na scoile (Béarla nó Gaeilge). Níl sé riachtanach ná níltear ag súil leis go mbeadh T3 na scoile ag teacht leis na teangacha a mhúintear sna hiar-bhunscoileanna a bhféadfadh na páistí freastal orthu.

Sna pointí thíos tugtar roinnt rudaí tábhachtacha le cur san áireamh agus páistí ag foghlaim an dara teanga agus na teanga breise. Baineann gach tagairt do T2 le páistí óga a bheith ag foghlaim teangacha breise. Baineann na próisis seo ar an gcaoi chéanna ach go hindíreach le T1 an pháiste de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn ina scileanna teanga T1 i rith a bhlianta ar an mbunscoil.

# Páiste atá ag foghlaim an dara* teanga: Na príomhphrionsabail

Tá na pointí thíos pléite go mion ag Ó Duibhir agus Cummins
sa Tuarascáil Taighde ó CNCM Uimh. 16 (2012, lgh. 37-58)

- Déantar foghlaimeoirí neamhspleácha spreagtha teanga de pháistí trí dheiseanna taitneamhacha idirghníomhaíochta le daoine eile.

- Foghlaimíonn páistí foclóir agus frásaí béil tábhachtacha trí dheiseanna aithrise trí scéalta, amhráin, súgradh agus nósmhaireachtaí laethúla.

- Mealltar na páistí le deiseanna le haghaidh cumarsáid bhríoch mar a mbaineann siad úsáid as leideanna comhthéacsúla agus réamheolas le haghaidh fíorchuspóra.

- Is féidir le páistí treisiú earráidí a sheachaint trí theagasc follasach foirme, lena n-áirítear gnéithe áirithe den ghramadach.

- An fócas a bhíonn ag páistí ar bhrí i dtosach chun eolas intuigthe ar T2 a fhorbairt, tacaíonn fócas ar fhoirm leis sin níos déanaí.

- Múintear páistí tríd an spriocteanga, mar shampla, múintear an Ghaeilge trí mheán na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

- Is pointí tosaigh tábhachtacha iad réamheolas, céim forbartha agus spéiseanna páistí nuair a bhíonn a bhfoghlaim teanga á pleanáil.

- Beidh foghlaim T2 páistí á méadú agus á brostú de réir mar a mhéadaítear a dteagmháil le T2, mar shampla, trí úsáid neamhfhoirmiúil a bhaint as an nGaeilge i rith an lae.

- Déantar foghlaim teanga na bpáistí a mhéadú trí dheiseanna le teanga a chruthú le briathra, gan bhriathra agus i scríbhinn, i gcomhthéacsanna bríocha, i rith an lae scoile.

- Múnlaítear na chéad chéimeanna eile a bheidh ag na páistí i bhfoghlaim teanga trína mhéad agus a aithnítear a gcuid difríochtaí aonair agus a fhreagraítear dóibh.

- Déantar measúnú ar dhul chun cinn teanga páistí tríd an teanga a chruthaíonn siad go neamhspleách chomh maith le measúnuithe faoi threoir an mhúinteora.

*Baineann gach tagairt do T2 le páistí óga a bheith ag foghlaim teangacha breise. Baineann na próisis seo ar an gcaoi chéanna ach go hindíreach le T1 an pháiste de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn ina scileanna teanga T1 i rith a bhlianta ar an mbunscoil.

## Tumoideachas

Tarlaíonn an tumoideachas nuair a thumtar foghlaimeoirí teanga go hiomlán i dteanga atá éagsúla lena dteanga bhaile nó lena dteanga dhúchais. I dtimpeallacht tumoideachais, faigheann an páiste teanga na timpeallachta tumoideachais chomh maith lena dteanga bhaile. Tar éis tréimhse de bheith tumtha sa teanga nua, ba cheart na páistí a spreagadh leis na scileanna atá foghlamtha acu sa teanga nua a aistriú go teangacha eile agus a mhalairt.

Bíonn páistí as teaghlaigh nach labhraíonn Gaeilge, agus a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil nó ar scoil Ghaeltachta, i suíomh tumoideachais. Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeilge a éascú, d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge, agus chun tacú le leanúnachas forbartha inniúlachta na gcainteoirí dúchais sa teanga, beidh sé de rogha ag na scoileanna seo tréimhse tumoideachais iomlán a fheidhmiú go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. Ní thosófar ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile ach tar éis tréimhse tumoideachais iomlán a shocraíonn an scoil.

Déantar páistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu (BTB) a thumadh i dteanga na scoile. I gcás páistí atá tumtha i dteanga de chuid an phobail, nuair a bhíonn teanga an phobail éagsúil le teanga an bhaile, is féidir le tuismitheoirí agus leis an scoil ról tábhachtach a imirt le teanga bhaile an pháiste a cheiliúradh agus a chothabháil.

## An Cur Chuige Cumarsáideach

Moltar an cur chuige cumarsáideach mar chur chuige leis an dara teanga agus le teangacha breise a mhúineadh. Tá an cur chuige seo foghlaimeoir-láraithe; agus leagtar an bhéim go príomha ar rannpháirtíocht na bpáistí i gcumarsáid atá taitneamhach, idirghníomhach agus fiúntach ina gcuirtear a saol laethúil agus spéiseanna san áireamh, laistigh d'eispéiris foghlama teanga agus le linn an lae scoile.

Laistigh de na ceachtanna teanga, leagtar an bhéim ar úsáid a bhaint as an sprioctheanga a luaithe agus a mhinice agus is féidir. Bíonn cumarsáid páiste le páiste, páiste le múinteoir agus múinteoir le páiste i ngach eispéireas foghlama a oiread agus is féidir, cé go bhféadfadh an múinteoir tacú le go leor de na hidirghníomhaíochtaí. Tacaíonn an múinteoir le hinniúlacht chumarsáideach na bpáistí trí shamhaltú a dhéanamh ar agus athúsáid a bhaint as an sprioctheanga i gcaitheamh an lae.

Agus eispéireas foghlama teanga á ullmhú ag an múinteoir, cruthóidh sé comhthéacsanna leis na páistí ina mbeidh orthu úsáid a bhaint as an sprioctheanga chun tasc a chur i gcrích. Cé go mbeidh teanga nua i gceist leis seo, beidh na páistí ag baint úsáid agus leas as an teanga atá acu cheana le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc. Is féidir leis na páistí páirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí teanga lena n-áirítear dul siar ar stór focal atá ar eolas acu cheana sa tréimhse réamhchumarsáide den eispéireas foghlama teanga, ach tá a fhios acu go bhfuil siad á dhéanamh ar mhaithe le tacú leis an gcumarsáid.

Agus cur chuige cumarsáideach i bhfeidhm, is féidir leis a bheith cabhrach an taithí foghlama a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

- An tréimhse réamhchumarsáideach : In éineacht leis na páistí, déanann an múinteoir iniúchadh ar theanga ábhartha mar ullmhúchán don chéim chumarsáideach. Cuirtear foclóir, nathanna agus feidhmeanna teanga atá riachtanach don tasc teanga in aithne ag baint úsáid as réimse de thacaí agus de ghníomhaíochtaí, mar shampla amhráin, cluichí agus téacsanna dílse. Tá nasc díreach ann idir an teanga a úsáidtear sa chéim seo agus an teanga a úsáidtear sa tréimhse chumarsáide. Is gnéithe riachtanacha den chéim seo iad múnlóireacht, teagasc follasach, athrá agus cleachtadh ionas go mbeidh an páiste in ann úsáid a bhaint as an teanga i bhfíorchomhthéacs cumarsáideach le linn na céime cumarsáidí.

- An tréimhse chumarsáideach: Tugann an múinteoir tasc cumarsáideach do na páistí ina n-úsáideann na páistí an stór focal, na nathanna cainte, na feidhmeanna nó struchtúir teanga a bhí ar eolas acu cheana féin mar aon leis na cinn a fiosraíodh le déanaí. Tá na tascanna seo dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus d'fhéadfadh súgradh, drámaí, díospóireachtaí, agallaimh, fadhbanna le réiteach, cluichí agus mar sin de a bheith i gceist. Ba cheart go mbeadh an deis ag na páistí freisin le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc, trí úsáid a bhaint as a stór teangacha sa phróiseas. Agus an teanga in úsáid níos minice acu, éiríonn na foghlaimeoirí níos neamhspleáiche de réir a chéile ó thaobh an teanga nua a úsáid. Is féidir le múinteoirí earráidí a thabhairt faoi deara agus aiseolas ceartaitheach a chur ar fáil. Ba cheart na hearráidí seo a úsáid ansin chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim ina dhiaidh sin.

- An tréimhse iarchumarsáide: Tar éis do na páistí úsáid a bhaint as an teanga don fhíorchumarsáid, daingníonn na foghlaimeoirí a gcuid foghlama agus tugtar deiseanna dóibh féachaint ar theanga an cheachta arís agus anailís a dhéanamh uirthi i réimse gníomhaíochtaí, agus iad ag cleachtadh stór focal úsáideach, gramadaí agus struchtúr. Le linn na céime seo, is féidir leis na páistí úsáid a bhaint as an teanga chéanna le haghaidh tascanna agus gníomhaíochtaí comhchosúla a chuireann ar a gcumas an teanga chéanna nó teanga atá mórán mar a chéile a aistriú chuig comhthéacs/suíomh nua agus a bhfoghlaim a neartú. Ansin, cuireann an múinteoir leis an teanga sin le linn dó a bheith ag ullmhú d'eispéiris foghlama as sin amach.

Le linn múineadh teanga go ginearálta, is féidir dul ó thréimhse go tréimhse go solúbtha leis an gcur chuige cumarsáideach, ach tosaítear leis an tréimhse réamhchumarsáide de ghnáth nuair atá ábhar nua á mhúineadh. Is é an sprioc mhór don mhúinteoir ná tacú leis an bhfoghlaimeoir chun labhairt agus cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga/sna sprioctheangacha chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

Tá go leor modhanna teagaisc is féidir a úsáid laistigh de chur chuige cumarsáideach, agus moltar éagsúlacht a chur sna gníomhaíochtaí agus sna tascanna a thacaíonn le forbairt inniúlachtaí cumarsáideacha na bpáistí laistigh dá gcomhthéacs agus a fheileann dá riachtanais.

## Na Feidhmeanna Teanga

Tá na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim an dara teanga agus na teanga breise. 'Feidhm teanga' a thugtar ar an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc cumarsáide éigin a bhaint amach. Ionas go mbeidh páistí atá ag foghlaim an dara teanga agus na teanga breise in ann feidhmiú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina dteanga nua, tá sé tábhachtach go mbeidh máistreacht acu ar fheidhmeanna na teanga. Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí, mar shampla, iad féin a chur in aithne do dhaoine eile, beannú, ceisteanna a chur, iad féin a chur in iúl,

rudaí a iarraidh agus a gcuid freagraí a struchtúrú do dhaoine eile. Athróidh an cineál teanga a úsáideann an páiste ag brath ar ról an pháiste sa chomhrá, ar na daoine a bhfuil an páiste ag caint leo, agus ar chomhthéacs na hidirghníomhaíochta. Mar sin, tá go leor bealaí inar féidir feidhm theanga a chomhlíonadh.

Bíonn páiste ag comhlíonadh feidhmeanna teanga nuair a bhíonn an chumarsáid ag tarlú. Is féidir leis an bpáiste na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin san fhíorshaol ach i gcásanna samhailteacha chomh maith amhail rólimirt agus dráma soch-dhramatúil. Ní féidir na feidhmeanna teanga a úsáid i bhfolús. Dá bhrí sin, d'fhonn freastal ar ábhar suime agus ar riachtanais teanga na bpáistí, moltar an teanga a mhúineadh i gcomhthéacs ábhar a bhaineann le saol na bpáistí. Cruthóidh na hábhair comhthéacsanna réalaíocha le haghaidh samplaí a úsáid agus a mhúineadh sna ceachtanna teanga. D'fhéadfadh an múinteoir nathanna cainte nó frásaí ar leith atá bunaithe ar riachtanais agus ar chéim na bpáistí a mhúineadh. Ba cheart go mbeadh dul chun cinn follasach ann maidir le castacht na bhfrásaí de réir mar a éiríonn na páistí níos inniúla i dtaobh úsáid na teanga. I dteannta leis an méid sin, ba cheart go dtabharfaí spreagadh do na páistí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar fheidhmeanna na teanga in Aguisín 2, ina dtugtar tuilleadh mínithe ar shé chatagóir leathana. Tá ábhar tacaíochta do mhúinteoirí atá ag obair leis na feidhmeanna teanga le fáil in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile.

## Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)

Baineann FCÁT le cásanna ina múintear réimsí curaclaim / ábhair nó gnéithe d'ábhair trí theanga bhreise. Tá aidhmeanna na gceachtanna seo défhócasaithe, is iad sin foghlaim an ábhair agus foghlaim chomhuaineach na sprioctheanga, mar shampla, Ealaín a mhúineadh trí Ghaeilge. Tugann FCÁT deis do pháistí coincheapa, meonta agus scileanna i réimse ar leith den churaclam a fhoghlaim trí Ghaeilge, agus a muinín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid i gcomhthéacsanna cumarsáideacha dílse taobh amuigh den cheacht teanga scoite. Tugtar deiseanna do mhúinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú ar fud an churaclaim ar bhealach gníomhach bríoch agus cuirtear le teagmháil na bpáistí leis an teanga freisin. Maidir leis seo, ní mór cuimhneamh ar mhuinín agus líofacht an mhúinteora sa teanga. Is féidir le múinteoirí a gcuid pleanála a thosú trí ábhar a roghnú ina bhfuil siad compordach a bheith ag labhairt trí Ghaeilge, atá oiriúnach don FCÁT agus a chruthaíonn deiseanna plé agus rannpháirtíochta gníomhaí ó pháistí i ngrúpaí. Ba cheart an teanga a mbeidh ar na páistí úsáid a bhaint aisti sa cheacht FCÁT a chur i láthair i gceachtanna teanga, agus ba cheart féachaint siar uirthi agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi i gcaitheamh an lae scoile agus, faoi dheireadh, ba cheart í a úsáid agus a neartú sa cheacht FCÁT ina núsáidtear í chun ábhair eile a fhoghla-im.  Tá Ábhar Tacaíochta maidir le FCÁT a úsáid don Ghaeilge i ngach céim (agus in T3 na scoile i gCéim 4 má mheasann an múinteoir go bhfuil sé oiriúnach) le fáil in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile.

## Scileanna, straitéisí agus eolas a aistriú ó theanga go teanga

Is de nádúr teangacha iad a bheith gaolmhar le chéile. Tá buntuiscint choincheapúil ann, nó stór eolais, a bhaineann le gach teanga. Ceadaíonn sé seo aistriú na gcoincheap, na scileanna litearthachta agus na straitéisí foghlama ó theanga amháin go teanga eile. Is féidir le formhór na bpáistí teanga amháin ar a laghad a labhairt nuair a thosaíonn siad ar an scoil. Bíonn tionchar ag an

gcumas sa teanga amháin seo ar an gcaoi a bhfoghlaimeoidh siad teangacha eile. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag roinnt gnéithe den chéad teanga, mar shampla an fuaimniú agus an chomhréir ar an gcaoi a labhróidh an páiste an dara teanga. Is féidir gnéithe eile amhail cosúlachtaí san aibítir agus fuaimeanna na litreacha a aistriú ó theanga amháin go teanga eile agus ar an mbealach sin, cabhraítear leis an bpáiste an dara teanga a fhoghlaim.

Cé gur gá spás ar leith a choinneáil do T1, T2 agus T3 na scoile, tá sé tábhachtach chomh maith an t-aistriú ó theanga go teanga a mhúineadh. Cuimsítear le cuid de na coincheapa agus scileanna is féidir a aistriú idir teangacha eolas faoi ghnásanna cló, scileanna agus straitéisí chun téacsanna a thuiscint agus scileanna agus straitéisí a bhaineann leis an bpróiseas scríbhneoireachta. Le linn na gcéimeanna tosaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na múinteoirí aird na bpáistí a tharraingt ar na ceangail idir na dteangacha atá á bhfoghlaim acu. Nuair a thosaíonn na páistí á fheiceáil agus le taithí, beidh siad in ann é seo a dhéanamh dóibh féin. Cabhraíonn an próiseas seo le páistí chun an dara teanga agus teangacha breise a fhoghlaim ar bhealach níos éifeachtúla agus tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr a gcéad teanga. Dá bharr sin, is féidir tacú leis an bpróiseas a bhaineann leis an dara teanga agus teangacha breise a fhoghlaim má chaitheann múinteoirí roinnt ama teagaisc ar an aistriú ó theanga go teanga seachas breathnú ar gach teanga aisti féin, nó mar "ábhair" aonair. Má dhírítear ar an aistriú, beidh páistí ábalta naisc a dhéanamh idir teangacha agus feasacht a fhorbairt faoin gcaoi a bhfeidhmíonn teangacha.

## Aistriú scileanna do pháistí a fhoghlaimíonn Gaeilge agus Béarla mar Theanga Bhreise

I gcás páistí a fhoghlaimíonn Béarla mar Theanga Bhreise (BTB), tá sé ríthábhachtach go dtacaítear le húsáid a theanga/theangacha baile ar scoil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcothaítear sa bhaile í/iad lena chinntiú go gcoinníonn na páistí orthu ar bheith cumasach ina dteanga/ina dteangacha. Cinnteofar leis seo go bhfuil bunús láidir ann lenar féidir foghlaim teanga breise a chur. Ina theannta sin, is féidir go leor scileanna, lena n-áirítear príomhscileanna litearthachta atá ag páistí ina dteanga/ina dteangacha baile a aistriú go teangacha na scoile agus a mhalairt. Ba cheart do mhúinteoirí spreagadh a thabhairt do na tuismitheoir leanúint d'úsáid an teanga bhaile chun tacú leis an aistriú agus chun luach bunúsach a dteanga/dteangacha baile a neartú.

## Feasacht teanga agus feasacht idirchultúrtha

Is gnéithe bunúsacha iad feasacht teanga agus feasacht idirchultúrtha de Churaclam Teanga na Bunscoile. Cé go bhfuil seo soiléir sna Torthaí Foghlama thar gach céim de Churaclam Teanga na Bunscoile, leagtar béim ar leith ar an gcuid seo d'fhoghlaim teanga sna Torthaí Foghlama a bhaineann leis an ngné Ag cur leis an bhFeasacht ar Theangacha agus ar Chultúir (ó Chéim 3). Cuimsítear le feasacht teanga réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- iniúchadh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha
- feasacht ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha
- scileanna agus straitéisí a fhorbairt maidir le foghlaim ghinearálta teanga

Nuair a chothaítear feasacht na bpáistí ar theangacha eile agus a suim iontu, tugann sé spreagadh dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh i dteangacha atá acu mar aon le teangacha nach bhfuil. Cuireann feasacht teanga feabhas ar fheasacht na bpáistí ar an eolas intuigthe atá acu ar a gcéad

theanga. Cuirfidh an fheasacht fheabhsaithe seo leis an bpróiseas a bhaineann le teangacha breise a fhoghlaim agus rachaidh sé chun tairbhe don phróiseas céanna. Nuair a thugann páistí a bhfuil i gceist le foghlaim teanga faoi deara, is féidir leo na scileanna agus straitéisí foghlama teanga sin a aistriú agus iad ag foghlaim teangacha breise. Tugtar an deis do na páistí sna gníomhaíochtaí feasachta teanga príomhscileanna breathnaitheacha agus anailíseacha a fhorbairt le linn dóibh teanga amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le teangacha eile.
Is féidir le múinteoirí tús a chur leis an smaoineamh teangacha a chur i gcodarsnacht lena chéile trí úsáid a bhaint as T1 agus T2 na scoile ó aois óg agus leanúint ar aghaidh le T3 i gCéim 4. Cuireann tagairt do 'theangacha eile' sa churaclam ar chumas na múinteoirí úsáid a bhaint as teangacha baile agus as teangacha an phobail chun deiseanna spreagúla a chur ar fáil do na páistí chun teangacha a iniúchadh, a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile thar Chéimeanna 1–4.

Tá go leor féidearthachtaí ann maidir le comparáid a dhéanamh idir teangacha, mar shampla, ord na bhfocal in abairtí, stór focal, fónaic agus gramadach. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na múinteoirí aird na bpáistí a tharraingt ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir teangacha d'aon turas agus ar bhealach follasach. Mar sin féin, nuair a spreagtar an fheasacht sin i bpáistí, d'fhéadfadh sé a bheith de chumas iontu na naisc sin a thabhairt faoi deara iad féin. Ar ndóigh, ní féidir le duine a bheith ag súil go mbeidh an t-eolas ag an múinteoir ar na teangacha ar fad atá i stór- teangacha an pháiste. Mar sin féin, is féidir leo bunús a chur ar fáil do chomparáid den sórt sin trí spreagadh a thabhairt do pháistí ceangail a dhéanamh lena dteangacha baile. Sa deireadh, rachaidh an cur chuige seo chun tairbhe na foghlaimeoirí ar fad sa rang, an múinteoir san áireamh, le linn do na páistí a bheith ag foghlaim focail i dteangacha nua agus le linn dóibh a bheith ag foghlaim faoin gcaoi a n--oibríonn teangacha eile.

Mealltar páistí le feasacht faoin gcultúr agus faoin oidhreacht a bhaineann le teangacha eile a chastar orthu (lena n-áirítear an T3 ó Chéim 4) agus tugtar léirthuiscint dóibh ar chultúir agus ar nósanna atá éagsúil lena gcultúr féin. Nuair is féidir leo dul i ngleic go gníomhach méid áirithe leis an gcultúr a bhaineann le teanga, treisítear an méid spéise a bhíonn acu sa teanga. Tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag na páistí chun cur lena bhfeasacht ar chultúr na hÉireann. Tá sé tábhachtach don mhúinteoir dearbhú a dhéanamh ar scileanna teanga na bpáistí a bhfuil teanga dhúchais acu nach í teanga dhúchais fhormhór an ranga í, nó ar chainteoirí dúchais sprioctheanga iad. Tá sé tábhachtach chomh maith deiseanna a chur ar fáil chun an cultúr agus na traidisiúin a bhaineann le tír/oidhreacht a dteanga a roinnt. Dearbhaítear teanga bhaile na bpáistí seo dá bharr sin, agus feiceann siad go bhfuil a dteanga(cha) chomh tábhachtach céanna.

## Éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha

Is saintréith dár mbunscoileanna í an éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha. Tá an teanga agus an fhéiniúlacht chultúrtha fite fuaite ina chéile agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le teangacha baile na bpáistí a dhearbhú i mbunscoileanna na hÉireann cheana féin (CNCM, 2005). Thar na 4 chéim, cuirtear deis ar fáil do mhúinteoirí chun tuilleadh foghlama a chothú mar aon le feasacht teanga do gach páiste, trí aitheantas a thabhairt do réimse teangacha an tseomra ranga, agus deiseanna a chur ar fáil chun eolas maidir leo a roinnt. Mar an gcéanna, tríd an eolas agus trí na léargais a thugann páistí ar na cultúir agus na hoidhreachtaí a bhaineann leis na teangacha baile seo, faigheann páistí eile léirthuiscint ar chultúir agus ar ghnásanna atá difriúil leis na cinn atá acu féin.

Léiríonn Curaclam Teanga na Bunscoile an éagsúlacht theangeolaíoch atá le feiceáil i mbunscoileanna trí theangacha eile a aithint, an Béarla, an Ghaeilge agus teangacha eile san áireamh, agus tríd an Nuatheanga Iasachta a thabhairt isteach i gCéim 3 agus 4. Tagann gach páiste ar scoil lena stór teangacha féin agus cruthaítear deiseanna trí leas a bhaint as eolas na bpáistí uilig ar theanga. Cuireann tagairt do 'theangacha eile' i ngach céim den churaclam ar chumas an mhúinteora leas a bhaint as agus tacú le hinniúlachtaí teanga na bpáistí uilig, agus deiseanna iontacha a chur ar fáil dóibh chun teangacha a fhiosrú, a iniúchadh agus a chur i gcomparáid lena chéile. Mar shampla, is féidir iad a spreagadh chun téacsanna ina dteangacha baile a léamh agus a scríobh agus na téacsanna céanna a roinnt lena bpiaraí. Cuirtear an fheasacht teanga chun cinn sa seomra ranga nuair a spreagtar iad chun a dteangacha baile a úsáid agus an t-eolas atá acu ar na teangacha a roinnt. Nuair a dhéantar plé ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir teangacha cabhraítear le páistí feasacht a fhorbairt orthu agus léargas a fháil ar na naisc idir an teanga agus an cultúr.

Leagtar tuilleadh béime ar an bhfoghlaim seo trí Nuatheanga Iasachta a thabhairt isteach ag Céim 3 agus 4. Cé go bhfuil an chuid is mó de na scoileanna éagsúil ó thaobh teangacha agus ó thaobh cultúir de, tá níos lú éagsúlachta le fáil i roinnt pobail scoile. I gcásanna dá leithéid, is féidir le múinteoirí leas a bhaint as na teangacha a labhraítear sa phobal níos leithne agus as na cultúir a bhaineann leis na teangacha seo. Ba cheart réamhthaithí na bpáistí ar theangacha agus ar chultúir a iniúchadh agus leas a bhaint aisti, lena náirítear baint leis an bpobail, turais thar lear, comhfhreagrais carad pinn, nó comhoibriú le scoileanna lasmuigh d'Éirinn. I gcéim 4, forbróidh páistí a bhfeasacht ar éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha a thuilleadh trí T3 a chur le sonraíocht an churaclaim-. Cuirfidh sé seo ar chumas na bpáistí stór focal ilteangach a fhorbairt beag beann ar a dteanga bhaile.

## Cuir chuige spraíúla

Tarlaíonn cuir chuige spraíúla ar thrí bhealach dhifriúla go ginearálta: súgradh atá faoi stiúir iomlán an pháiste/na bpáistí; gníomhaíochtaí spraíúla atá pleanáilte ag an múinteoir agus a bhfuil an múinteoir i gceannas orthu; agus amanna a roinneann an múinteoir agus na páistí gníomhaíocht shúgartha. Is deiseanna iad seo uilig chun taithí a fháil ar agus úsáid a bhaint as gnéithe dá dteanga forbartha agus dá litearthacht ar bhealach comhtháite. Cé gur ríshoiléir don bhreathnóir buntáistí an tsúgartha do theanga labhartha an pháiste, cuireann an súgradh agus an ghníomhaíocht shúgartha deiseanna saibhre ar fáil do chleachtais litearthachta eile - an léamh agus an scríobh. Le linn dóibh a bheith ag spraoi, go háirithe nuair a bhíonn siad i gceannas ar a spraoi féin, tabharfaidh páistí an léamh agus an scríobh isteach sa chluiche má chuirtear an deis ar fáil dóibh. Is féidir leis an múinteoir plé a dhéanamh leis na páistí roimh ré ar na rudaí a bheidh ag teastáil uathu don spraoi. Cuireann sé seo le feasacht na bpáistí ar úsáid agus ar úsáideacht na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sa saol laethúil. Mar shampla, nuair a bhíonn páistí óga ag ligean orthu gur dochtúirí iad, bíonn orthu oidis a scríobh, bíonn gá le hábhar léitheoireachta sa seomra feithimh, bíonn leabhar coinní ag teastáil ón bhfáilteoir agus mar sin de. D'fhéadfadh páistí atá níos sine scripteanna a chruthú do dhrámaí a fhorbraíonn ó rólimirt nó téacs a scríobh a ghabhann le grianghraif na dtógálacha a rinne siad le bloic. Bíonn an deis ag múinteoirí ar féidir leo a bheith ag spraoi leis na páistí chun litearthacht an fhíorshaoil a léiriú trí, mar shampla, liostaí siopadóireacht agus oidis a scríobh, agus nótaí a bhreacadh de chaint na bpáistí le linn an rólimeartha le húsáid d'fhorbairt scripte. Déanann páistí cleachtadh ar léamh agus ar scríobh an

fhíorshaoil le linn dóibh a bheith ag súgradh agus is anseo ar féidir meonta dearfacha i leith na litearthachta a chothú.

Cuireann an súgradh go mór leis an litearthacht trí na deiseanna a chuireann sé ar fáil d'fhorbairt teanga labhartha na bpáistí, a bhfuil an-tábhacht ag baint leis maidir leis an litearthacht trí chéile a fhorbairt. Mar shampla, spreagtar comhráite bréagacha faoi chásanna bréagacha nuair a chuirtear leideanna fóin ar fáil agus nuair a bhíonn rochtain orthu. Ní hamháin go gcuireann sé seo forbairt na teanga ó bhéal chun cinn, ach an smaointeoireacht theibí chomh maith, agus mar is eol dúinn, is minic gurb é an próiseas céanna é an chaint agus an smaoineamh do pháistí óga. Tagann sé seo le agus léiríonn sé na cuir chuige a dtacaítear leo in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*

D'fhéadfadh cuir chuige spraíúla go leor deiseanna a chur ar fáil chun an dara teanga agus teangacha breise a fhoghlaim.

## Inniúlacht traschuraclaim agus disciplín

Tá foghlaim na teanga agus na litearthachta fite fuaite ina chéile. Tacaíonn na huirlisí a chuireann an teanga ar fáil leis an bhfoghlaim ar bhealach a leathnaíonn amach i rith lá scoile agus lasmuigh de. Ag breathnú thar an gcuraclam, feicimid go mbíonn tionchar ag coincheapa, meonta agus scileanna tábhachtacha ar an gcaoi a ndéantar cumarsáid in ábhair éagsúla. Mar shampla, bíonn gá

le stór focal agus struchtúir teanga chun biashlabhra a mhíniú san eolaíocht atá sách éagsúil ón stór focal agus na struchtúir a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe atá i saothar ceoil. Is féidir codarsnacht a dhéanamh idir na téacsanna a shamhlaímid leis na hamharc-ealaíona agus struchtúir na dtéacsanna clóite a d'fhéadfadh páistí a fheiceáil in úrscéal. Bíonn gá le scileanna chun tuiscint a fháil ar bhunfhoinse na staire atá éagsúil ó na scileanna a theastaíonn chun meas a léiriú ar dhán.

Déantar cumarsáid i ndisciplíní ar bhealaí éagsúla. Tugtar inniúlacht disciplín ar theanga agus litearthacht a mhúineadh ar feadh an churaclaim, ar bhealach a thacaíonn le smaointeoireacht agus le foghlaim na n-ábhar éagsúil. Cuireann an fhoghlaim i réimsí eile den churaclam cumas saibhir ar fáil do chur i bhfeidhm bríoch criticiúil na scileanna teanga agus litearthachta. Cuirtear comhthéacs dílis ar fáil d'fhorbairt na teanga ó bhéal, na léitheoireacht agus na scríbhneoireachta nuair a chuirtear ceisteanna ar pháiste in ábhar eile. Tacaítear leis an bhforbairt teangeolaíochta agus leis an tuiscint ar dhisciplín nuair a dhéantar pleanáil le haghaidh, agus nuair a mhúintear teanga ar an gcaoi seo. Déantar comhtháthú na foghlama teanga agus na foghlama bunaithe ar ábhar i rith an lae, na seachtaine agus na bliana scoile a chur chun cinn i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

## Litearthacht chriticiúil

Éilíonn an rannpháirteachas bríoch gníomhach leis an litearthacht go dtéimid níos faide ná coincheapa traidisiúnta a bhaineann le céard is brí le tuiscint a fháil ar an méid a léimid. Feiceann páistí réimse téacsanna i bhformáidí agus i modhanna éagsúla ar bhonn laethúil. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeidís ar an airdeall maidir leis na bunchlaontaí a mbíonn tionchar acu ar na peirspictíochtaí a léirítear sna téacsanna seo. Toisc gur údar amháin ar a laghad a chruthaigh gach téacs, is le cúinsí sóisialta a mhúnlaítear agus chuirtear gach téacs le chéile. Ní hamháin go dtuigeann léitheoirí criticiúla an méid atá á léamh acu, ach bíonn ceisteanna acu ina leith. Cé atá á chur i láthair sa téacs? Cé nach bhfuil á chur i láthair? Cé na smaointe a leagtar béim orthu? Cé na smaointe a ndéantar neamhaird díobh? Cabhraítear le páistí éagothroime cumhachta a aithint sna téacsanna a mhúnlaíonn a ndomhan agus an tsochaí ina hiomláine trí sheasamh doicheallach a ghlacadh.

Is éard atá i gceist leis an litearthacht chriticiúil ná na peirspictíochtaí a chuirtear ar fáil sna téacsanna a shainaithint, anailís a dhéanamh orthu, agus dúshlán a chur rompu go gníomhach. Bíonn baint ag tionchar na ndearcthaí seo ar ár saol laethúil a cheistiú leis chomh maith. Ó thaobh an teagaisc de, tacaítear leis trí léamh agus éisteacht le roinnt téacsanna, ó roinnt peirspictíochtaí. Déanann múinteoirí éascaíocht ar an litearthacht chriticiúil trí smaoineamh go cúramach ar na téacsanna a fheiceann páistí sa seomra ranga agus cabhrú le páistí anailís a dhéanamh ar cé agus céard a léiríonn na téacsanna. Chomh maith leis sin, is féidir tacú le páistí téacsanna a chruthú a smaoiníonn ar pheirspictíochtaí malartacha, a cheistíonn an norm, nó a iniúchann guthanna a bhfuil tearcionadaíocht acu. Agus a scileanna teanga agus litearthachta á gcur i bhfeidhm acu ar an gcaoi seo, déantar rannpháirtithe gníomhacha, tuisceanacha agus criticúla díobh leis an domhan ina maireann siad.

## Litearthacht dhigiteach

De réir mar a thagann teicneolaíochtaí nua chun cinn agus mar thoradh ar a bheith ag maireachtáil i tsochaí agus i gcultúr a mbíonn níos mó tionchair ag teicneolaíochtaí digiteacha orthu, is gné thábhachtach d'fhoghlaim na bpáistí í an litearthacht dhigiteach. Tacaíonn an curaclam le hinniúlachtaí na bpáistí chun dul i ngleic leis an teicneolaíocht chun eolas a shealbhú, a thuiscint agus a chur in iúl do agus in éineacht le réimse pobal agus i réimse comhthéacsanna. Is cuid lárnach d'fhorbairt na litearthachta digití í inniúlacht an pháiste chun faisnéis ábhartha a aimsiú, a roghnú agus a anailísiú go criticiúil i roinnt meán, lena n-áirítear téacs, ábhar amhairc agus ábhar fuaime. Chomh maith leis sin, bíonn an cumas chun dul i ngleic leis an teicneolaíocht dhigiteach ar bhealaí cruthaitheacha samhlaíocha i gceist leis chomh maith.

Aithníonn an curaclam gur féidir an teicneolaíocht a úsáid mar uirlis don fhorbairt agus don fhoghlaim litearthachta agus teanga. Tagraíonn 'téacs' sa churaclam do gach táirge úsáide teanga, lena n-áirítear leictreonach agus digiteach. Le húsáid oiriúnach na dteicneolaíochtaí digiteacha sa seomra ranga, is féidir cabhrú le páistí faisnéis, scileanna agus tuiscint a léiriú i gcomhréir le Torthaí Foghlama na dtrí shnáithe uilig den churaclam. Trína chur ar a gcumas dul i ngleic le teicneolaíochtaí digiteacha ó thús na bunscoile, is féidir le múinteoirí tacú le páistí dearcadh dearfach a chothú i leith úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus an teicneolaíocht a úsáid go freagrach agus go cuí. De réir mar a éiríonn páistí eolach ar na teicneolaíochtaí digiteacha, is féidir leo réimse teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tuiscint a fhorbairt ar fhaisnéis, í a aimsiú, critíc a dhéanamh uirthi agus í a bhainistiú mar smaointeoirí rannpháirteacha gníomhacha.

Cuireann an teicneolaíocht an deis ar fáil beocht a chur i dteanga trí rochtain a fháil ar acmhainní dílse (amhail amchláir traenach nó greannáin a forbraíodh lena núsáid sna tíortha ina labhraítear an NTI) chomh maith le hábhar agus acmhainní oideolaíochta (amhail comhráite agus scéalta leibhéalaithe a forbraíodh ar mhaithe le teangacha a fhoghlaim). I gcomhthéacs foghlama teanga, soláthraíonn an teicneolaíocht deis leargas a fháil ar fhíor-úsáid na teanga atá á foghlaim, chomh maith le léargais chultúrtha. Baineann sé seo le hábhar go mór mór nuair nach mbíonn an NTI atá á fhoghlaim ar fáil sa tírdhreach teangeolaíoch áitiúil.

I gcás na bpáistí a labhraíonn teangacha eile sa bhaile nó sa phobal, cuireann an teicneolaíocht tobar acmhainní ar fáil sna teangacha seo, amhail uirlisí tagartha cosúil le foclóirí, foinsí liteartha amhail scéalta, dánta nó oidis agus acmhainní cultúrtha ó thíortha a bhfuil ceangail acu leo. Is é rochtain mhéadaithe ar theangacha eile agus úsáid mhéadaithe astu sa seomra ranga a neartaíonn a luach agus cuireann sé ar chumas na bpáistí úsáid a bhaint as a stór teangacha ar fad le haghaidh foghlama ar fud an churaclaim.

# 7. Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile:

Tacaíonn Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile le múinteoirí chun na Torthaí Foghlama a úsáid trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil maidir le taithí shaibhir foghlama a chur ar fáil agus a phleanáil do pháistí. Déantar cur síos ar na trí chomhpháirt de na huirlisí úsáide sa chuid seo a leanas – Samplaí d'Fhoghlaim Teanga Páistí, Contanaim Dul chun Cinn, agus Ábhair Thacaíochta do Mhúinteoirí.
Tá na huirlisí úsáide le fáil ag www.curriculumonline.ie

### 7.1 Samplaí d'Fhoghlaim Teanga Páistí

Tá réimse Samplaí d'Fhoghlaim teanga páistí sa Bhéarla (T1) agus sa Ghaeilge (T2) le fáil in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile. Agus iad anótáilte ag múinteoirí, leis na samplaí seo tugtar léargas ar an gcaoi a noibríonn múinteoirí leis na Torthaí Foghlama chun cinntí a dhéanamh maidir le céard atá le teagasc, na cineálacha gníomhaíochtaí, na heispéiris agus na hoideolaíochtaí a úsáideann siad, agus an cineál eolais a bhailíonn siad maidir le conas atá ag éirí le páistí ina bhfoghlaim teanga. Léirítear an chaoi ar féidir le himeachtaí foghlama aonair eolas mór luachmhar maidir le foghlaim teanga páistí sa dá theanga a chur ar fáil do mhúinteoirí agus tacú leo agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim á bpleanáil acu.
Is múinteoirí a rinne na Samplaí a fhorbairt sna trí chomhthéacs scoile, in T1 agus in T2 na scoile araon, agus tá siad curtha i láthair i bhformáidí clóite, fuaime agus amhairc sna huirlisí úsáide ar líne. Cuirfear le líon na Samplaí le himeacht aimsire chun stór saibhir ábhair a sholáthar do mhúinteoirí a thaispeánann foghlaim agus forbairt teanga thar na trí shnáithe i ranganna bunscoile.

### 7.2 Contanaim Dul chun Cinn

Déantar cur síos i dTorthaí Foghlama Churaclam Teanga na Bunscoile ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo ó gach páiste tar éis tréimhse ama. Chun cabhrú le múinteoirí na Torthaí Foghlama a úsáid chun gníomhaíochtaí agus eispéiris a phleanáil agus a sholáthar a thacaíonn le foghlaim teanga na bpáistí tar éis na tréimhse ama seo, déantar mionchur síos ar na Torthaí Foghlama sa Chontanaim Dul chun Cinn.
Tá trí Chontanaim Dul chun Cinn ann, ceann amháin do gach ceann de na trí shnáithe, agus tá dhá leagan ann de gach Contanam - leagan Béarla agus leagan Gaeilge. I dteannta a chéile, déanann na Contanaim cur síos ar thuras foghlama teanga i rith na bunscoile. D'fhéadfadh páistí a bheith in áiteanna difriúla sa Chontanam do Thorthaí Foghlama difriúla agus i snáitheanna difriúla. Léiríonn sé seo nádúr casta na foghlama teanga. Mar aon leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt páistí ag bogadh ar aghaidh agus siar thar na Contanaim. Cuireann na Contanaim tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí le pictiúir shaibhre a chruthú d'fhoghlaim teanga páistí agus na pictiúir sin a úsáid chun tacú le dul chun cinn na bpáistí i dtreo Thorthaí Foghlama an Bhéarla agus na Gaeilge. Níltear ag súil go ndéanfadh múinteoirí ranga measúnú ar dhul chun cinn na bpáistí aonair ag baint úsáid as clocha míle dul chun cinn. Ina ionad sin, cuireann siad faisnéis ar fáil chun tacú le pleanáil chomh maith le measúnú iomlánaíoch ar fhoghlaim na bpáistí. Ar an gcaoi seo, is acmhainn phraiticiúil iad don idirdhealú de réir mar a oibríonn múinteoirí le páistí de réimse leathan cumas sna trí chomhthéacs teanga.

### 7.3 Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí

Tá idirghníomhú idir an múinteoir agus an páiste ag croílár obair na scoileanna chun tacú le forbairt agus le foghlaim teanga na bpáistí. Tá Ábhar Tacaíochta le fáil in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile maidir le réimse straitéisí teagaisc agus modheolaíochtaí chun cabhrú le páistí an Béarla (T1) agus an Ghaeilge (T2) a fhoghlaim. Tá an tÁbhar Tacaíochta foilsithe ar www.curriculumonline.ie mar PDFanna ar féidir iad a phriontáil agus iad léirithe le físeáin agus le grianghraif chun bonn eolais a chur faoi theagasc na teanga ó bhéal, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Dírítear i roinnt den ábhar seo ar choincheapa teanga agus ar scileanna a bhaineann go sonrach leis an mBéarla nó leis an nGaeilge, fad is go ndírítear i gcuid eile ar choincheapa agus ar scileanna atá mar bhonn faoin dá theanga. Le chéile, tugtar achoimre i míreanna an Ábhair Tacaíochta ar shamplaí den chleachtas atá bunaithe ar thaighde. Spreagtar múinteoirí lena machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís na cleachtais a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint ar bhealach a oirfidh dá rang agus dá gcomhthéacs scoile féin.
Leanfar de bheith ag cur leis na huirlisí úsáide le himeacht aimsire de réir mar a shainaithnítear riachtanais agus cleachtais agus acmhainní nua do theagasc an Bhéarla agus na Gaeilge.

# 8. Gluais

| | |
|---|---|
| **Abairtí Coimpléascacha**<br><br>*Complex sentences* | Bíonn clásal neamhspleách in abairt choimpléascach a bhfuil clásal spleách amháin nó níos mó ag teacht ina dhiaidh. Bíonn cónasc fo-ordaitheach in abairt choimpléascach i gcónaí ar nós, *mar, ó, tar éis, cé,* nó *nuair* nó forainm coibhneasta amhail *a*, m.sh. *Tá na mic léinn ag staidéar **mar** go bhfuil scrúdú acu amárach.* |
| **Aeistéitiúil**<br><br>*Aesthetic* | Baineann gné aeistéitiúil na teanga le húsáid na teanga go samhlaíoch, go cruthaitheach agus go healaíonta. |
| **Braistint gutha**<br><br>*Sense of voice* | Tagraíonn braistint gutha d'fhorbairt ghuth féin agus fhéinléiriú an pháiste (cumas gníomhúcháin). |
| **Stóir phearsanta focail**<br><br>*Personal word banks* | Is bailiúcháin d'fhocail iad bunachair focail phearsanta a úsáideann scríbhneoir nó a theastaíonn uaidh, a bhaineann le spéiseanna pearsanta agus/nó a litrítear go mícheart go minic. Níl na focail atá sa bhunachar focail phearsanta ar taispeáint sa seomra ranga ná ní féidir teacht orthu go héasca. |
| **Buninniúlacht teanga choitianta**<br><br>*Common underlying language proficiency* | De réir mar a fhoghlaimíonn páistí teanga amháin, sealbhaíonn siad scileanna meititheangeolaíocha ar féidir leo leas a bhaint astu nuair a bheidh siad ag foghlaim teanga eile. |
| **Slabhra (Cnuasach)**<br><br>*Cluster* | Baineann carn consan le dhá nó níos mó litreacha ag déanamh dhá (nó trí) fhuaim, mar shampla is carn consan nó cumasc consan iad na chéad trí litir de 'scríobh'. |
| **Ceisteanna dúnta**<br><br>*Closed questions* | Is ceisteanna ísealoird iad ceisteanna dúnta a bhfuil fócas cúng acu agus a éilíonn freagraí gearra, fíriciúla, m.sh., *cé, céard, cén áit agus cathain*. Úsáidtear iad chun faisnéis ar leith a spreagadh. |
| **Ceisteanna oscailte**<br><br>*Open questions* | Is ceisteanna ardoird iad ceisteanna oscailte a éilíonn go smaoineoidh agus go ndéanfaidh an freagróir machnamh. Ní féidir na ceisteanna seo a fhreagairt le briathar dearfach nó diúltach amháin, m.sh. 'tá' nó 'níl'. Éilíonn siad freagra níos forbartha a chuireann eolas agus/nó mothúcháin an fhreagróra féin san áireamh. |
| **Comhabairtí**<br><br>*Compound sentences* | Bíonn dhá chlásal neamhspleácha a bhfuil cónasc comhordaitheach leo i gcomhabairtí. Is iad seo a leanas na cónaisc chomhordaitheacha: *do, agus, ná, ach, nó, fós, dá bharr sin.* Cé is moite d'abairt an-ghearr, bíonn camóg i ndiaidh na gcónasc comhordaitheach i gcónaí nuair a úsáidtear iad chun dhá chlásal neamhspleácha a chur le chéile, m.sh., *D'imir Alex peil, dá bharr sin chuaigh Mary ag siopadóireacht.* |
| **Comhainmneacha**<br><br>*Homonyms* | Is focail iad comhainmneacha a fhuaimnítear ar an gcaoi chéanna ach a bhfuil bríonna éagsúla leo, m.sh. suí *agus saoi, loch agus luch, tráth agus trá.* |
| **Comhaird** | Cás is ea comhaird ina bhfuil na daoine aonair atá bainteach le gníomh cumarsáide ag díriú ar an rud céanna. Tá níos mó i gceist ná |

| | |
|---|---|
| *Joint attention* | féachaint ar rud; tuigeann na daoine aonair go bhfuil siad ag freagairt don rud céanna. |
| **Comhchiallaigh**<br><br>*Synonyms* | Is focal é comhchiallach a bhfuil an bhrí chéanna aige nó brí atá cosúil le focal eile m.sh., *sásta, sona, ríméadach.* |
| **Comhfhreagrais graiféime-fóinéime**<br><br>*Grapheme-phoneme correspondences* | Is ionann comhfhreagras graiféime-fóinéime agus na caidrimh idir na siombail scríofa agus na fuaimeanna a chuireann siad in iúl.<br><br>Ionas go mbeidh páistí ábalta an scil seo a shealbhú go hiomlán, ní mór dóibh a bheith ábalta:<br><br>• gach litir, litreacha beaga agus móra, a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú<br>• a aithint gur féidir le litreacha feidhmiú ina n-aonar nó i ngrúpa<br>• a aithint gur féidir le litreacha difriúla an fhuaim chéanna a chur in iúl<br>• fuaimeanna atá cosúil lena chéile a léiríonn meascán de litreacha difriúla a shainaithint<br>• meascán litreacha difriúla agus na fuaimeanna éagsúla a léiríonn siad a aithint<br>• caidrimh idir na siombail agus na fuaimeanna nach bhfuil chomh coitianta sin a aithint. |
| **Comhghraf**<br><br>*Homograph* | Is focail iad comhghraif a bhfuil an litriú céanna acu ach a bhfuil níos mó ná brí amháin ag baint leo, agus/nó fuaimniú difriúil, m.sh. *ceann, ábhar.* |
| **Comhpháirtíochtaí (baile-scoil)**<br>*Partnership (home-school)* | Is féidir comhpháirtíochtaí idir an baile agus an scoil a chur in iúl trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú a chuireann feabhas ar na deiseanna oideachais do pháistí. |
| **Comhréir**<br><br>*Syntax* | Is éard atá i gceist le comhréir ná na rialacha eagraíochtúla a shocraíonn ord na bhfocal, eagrú na habairte agus caidrimh na bhfocal. Socraíonn an chomhréir cén meascán focail a ghlactar leo nó atá gramadúil, agus cé na cinn nach bhfuil. Rialaíonn an chomhréir foirm nó struchtúr abairte. Socraíonn na rialacha sin ord na bhfocal, na bhfrásaí, agus na gclásal; eagrú abairte; agus na caidrimh idir focail, rangúcháin focail, agus gnéithe eile den abairt. |
| **Comhtháthú**<br><br>*Integration* | Tugann an comhtháthú disciplíní le chéile d'fhadhbanna agus do cheisteanna tábhachtacha, agus nuair a ionchorpraítear réamheolas an fhoghlaimeora sa tuiscint nua.<br><br>**Ildisciplíneach:** is cur chuige é seo a bhaineann leas as tuiscint ar go leor disciplíní ach a fhanann laistigh de theorainn na ndisciplíní. Sa chur chuige seo sainaithnítear téama lárnach (mar shampla patrún) agus úsáidtear ansin é chun na hábhair atá á nionchorprú a eagrú agus a chomhghaolú.<br><br>**Idirdhisciplíneach:** Sa chur chuige seo tá na hábhair fós sách soiléir ina ndifríochtaí agus ina n-ionchur ar leith ach sa chroílár eagrúcháin tá na príomhchoincheapa, scileanna agus céimeanna idirdhisciplíneacha. Leagtar béim ar smaointe móra amhail an inbhuanaitheacht agus córais nó ar scileanna móra |

| | |
|---|---|
| | idirdhisciplíneacha amhail an chumarsáid agus réiteach fadhbanna. Is féidir le teorainneacha éirí doiléir nuair nach bhfuil sé go hiomlán soiléir cén t-ábhar atá á mhúineadh ag am ar leith.<br><br>**Trasdisciplíneach** Téann an cur chuige seo níos faide ná na disciplíní. Is é comhthéacs an fhíorshaoil é an t-ionad eagrúcháin agus táthar ag súil go bhfiosróidh foghlaimeoirí fadhb nó ceist. Léirítear meas ar na disciplíní anseo ach tugtar tús áite don trasdisciplíneacht. Úsáidtear na disciplíní chun tacú leis an tuiscint ar agus teacht ar réiteach na faidhbe a sainaithníodh. Cumasaíonn sé teacht chun cinn na bpeirspictíochtaí nua fad is gur féidir disciplíní reatha a shárú le heolas nua a fhaightear. Ach é sin a dhéanamh, spreagtar teorainneacha na n-ábhar a bheith fite fuaite ina chéile ionas gur féidir an t-eolas seo a chur le chéile arís agus a ath-chomhcheangal. Spreagtar foghlaimeoirí chun eolas a ghiniúint nach dtéann i ngleic le fadhb shóisialta amháin ach a chuireann le tuiscint ar an domhan mar atá. |
| **Córas teanga**<br><br>*Language system* | Córas teanga: tagraíonn sé seo do na gnéithe, aonaid, patrúin agus prionsabail a bhíonn i gceist le teanga faoi leith. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí focail, fuaimeanna, patrúin, córais scríbhneoireachta leo sin (script agus na rialacha a rialaíonn an chaoi a dtéann a charachtair/a ghraif le chéile), srl. |
| **Deighilt fóinéime**<br><br>*Segmenting phonemes* | Chun focal a dheighilt ina fhóinéimí aonair d'fhonn é a litriú, m.sh. tá trí fhóinéim san fhocal *cat*: /c/, /a/, /t/ agus tá trí fhóinéim ag an bhfocal *chun*: /ch/, /u/, /n/. |
| **Eagraí grafach**<br><br>*Graphic organiser* | Is léirithe amhairc iad eagarthóirí grafacha d'eolas, de choincheapa nó de smaointe. |
| **Eiseamláirí teanga**<br><br>*Language exemplars* | Tagraíonn eiseamláirí teanga do struchtúir ábhartha, stór focal agus teanga a bhfuil gá leo chun cuspóir cumarsáide a bhaint amach mar chuid d'fheidhm teanga. |
| **Eolas follasach**<br><br>*Explicit knowledge* | Is ionann eolas follasach agus eolas a fhoghlaimítear trí phróiseas comhfhiosach. Is féidir cur síos a dhéanamh air/é a mhíniú.<br><br>Is ionann eolas follasach teanga agus foghlaim chomhfhiosach faoi, agus aird a thabhairt ar, rialacha gramadaí agus ar ghnéithe den sprioctheanga. |
| **Eolas intuigthe**<br><br>*Implicit knowledge* | Eolas atá ag daoine ó nádúr (trí fhoghlaim neamh-chomhfhiosach), ach nach bhfuil siad in ann a chur in iúl. Faightear eolas *teanga* intuigthe trí ionchur agus úsáid teanga. |
| **Feasacht fhóinéimeach**<br><br>*Phonemic awareness* | Is ionann feasacht fhóinéimeach agus an léargas go bhfuil ord fóinéimí i ngach focal labhartha.<br><br>Is éard is fóinéim ann ná an t-aonad fuaime is lú i bhfocal, m.sh., 'ag': /a/ /g/. Tá an tuiscint seo lárnach do<br><br>shealbhú na fónaice. |
| **Feasacht fhóineolaíoch** | Baineann an fheasacht fhóineolaíoch le feasacht an duine aonair ar struchtúr fóineolaíochta, nó ar struchtúr fuaime, na bhfocal. Tá |

| | |
|---|---|
| *Phonological awareness* | feasacht na bhfocal, na ríme, na siollaí, an túsfoghair agus an fhoghair deiridh, agus na bhfóinéimí i gceist léi. |
| **Feasacht idirchultúrtha**<br><br>*Intercultural awareness* | Le fócas ar fheasacht idirchultúrtha, is amhlaidh a fhorbraítear feasacht ar chultúr an pháiste féin agus ar chultúir, luachanna agus creidimh eile. Cothaíonn sé tuiscint, meas agus glacadh le daoine agus cultúir eile trí dhíriú ar eolas sonrach a fhorbairt, mar aon le dearcthaí agus scileanna. |
| **Feasacht mheititheangeolaíoch**<br><br>*Metalinguistic awareness* | Tagraíonn feasacht mheititheangeolaíoch don chumas le machnamh a dhéanamh ar theanga agus ar an gcaoi a n-úsáidtear í mar phróiseas agus mar dhéantán, agus a thuiscint gur féidir linn teanga a athrú ar bhealaí éagsúla. De réir mar a thagann forbairt ar fheasacht mheititheangeolaíoch páistí, tuigeann siad níos fearr, mar shampla, gur féidir brí liteartha agus brí intuigthe araon a bheith le teanga. |
| **Feasacht teanga**<br><br>*Language awareness* | San fheasacht teanga, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag an bpáiste ar theangacha. Baineann sé le forbairt thuiscint agus fheasacht an pháiste maidir le hábhar, struchtúr agus pátrúin teanga—conas a fheidhmíonn teanga. Cuimsítear scileanna breathnóireachta teanga leis freisin ina ndéanann an páiste comparáid agus codarsnacht idir teanga atá ar eolas aige cheana agus teangacha nua, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar a straitéisí foghlama teanga féin. |
| **Feidhmeanna sóisialta**<br><br>*Social functions* | Is iad feidhmeanna sóisialta na teanga ná nuair a úsáidtear an teanga do chuspóir an chaidrimh shóisialta laethúil, mar shampla beannú, meas a léiriú, comhbhá agus imní a léiriú, 'tá brón orm' a rá agus fáiltiú roimh chuairteoirí go muiníneach. |
| **Feidhmeanna teanga**<br><br>*Functions of language* | Baineann feidhm teanga le conas a úsáidtear teanga chun cuspóir cumarsáideach a bhaint amach. |
| **Focail ardmhinicíochta**<br><br>*High-frequency words* | Is focail iad focail ardmhinicíochta a thagann aníos go minic i dtéacsanna, m.sh. *an*, *tá*, *chun*, *dúirt*, *tháinig*<br>srl. |
| **Focail ghaolmhara**<br><br>***Cognates*** | Focail in dhá theanga nó níos mó atá cosúil lena chéile ó thaobh na foirme agus na brí de (m.sh., apple, der Apfel). Is sampla eile d'aistriú dearfach eolais ó theanga amháin go teanga eile iad focail ghaolmhara. |
| **Fócas ar fhoirm**<br><br>***Focus on form*** | Aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt go follasach ar ghnéithe teangeolaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn go nádúrtha i gceachtanna ina bhfuil an príomhfhócas ar chumarsáid nó ar chiall. |
| **Fóinéim**<br><br>*Phoneme* | Is éard is fóinéim ann ná an t-aonad fuaime is lú i bhfocal. Tá dhá fhóinéim san fhocal *sé* /s/ and /é/. Tá trí fhóinéim san fhocal *bád* /b/, /á/, /d/. |
| **Foirm**<br><br>*Forms* | Baineann foirm le leaganacha amach clóite de sheánra ar leith, m.sh. *dán*, *gearrscéal*, *dráma*, *úrscéal*, *meamram*, *ríomhphost*, *scannán*, srl. |

| | |
|---|---|
| **Forbairt stóir focal**<br><br>***Vocabulary development*** | Tagann forbairt ar stór focal ó bhéal agus ar stór focal léitheoireachta páistí agus iad ag éirí níos casta, ag dul ón rud nithiúil go dtí an rud teibí, i dtaca lena mhinice a úsáidtear focail, a chasta atá an bhrí, a dhoimhne atá an t-eolas ar fhocail, agus na hathruithe a tharlaíonn mar thoradh ar na próisis a bhaineann le déanamh focal. |
| **Fréamhfhocail**<br><br>***Root words*** | Is foirm d'fhocail é fréamhfhocal tar éis gur baineadh na táthmhíreanna agus na hinfhillteacha gramadúla uilig, m.sh., *madra*, *rith*, *brón*, *tóg*, *gruaig*. Is féidir go leor focail eile a chruthú trí úsáid a bhaint as fréamhfhocail:<br><br>• focail infhillte: fréamh + infhilleadh gramadúil, m.sh. madraí, rithim<br>• focail a thagann ó fhocail eile: fréamh + táthmhír, m.sh. brónach, tógálaí<br>• comhfhocail, m.sh., gruaigeadóireacht. |
| **Frithchiallaigh**<br><br>*Antonyms* | Is focal é frithchiallach a chiallaíonn a mhalairt d'fhocal eile, m.sh., *maith* agus *olc*. |
| **Fuaim**<br><br>*Sound* | Baineann an téarma 'fuaim' leis an bhfuaim a dhéanaimid nuair a deirimid litir nó focal, ach ní bhaineann sé leis an litir chlóite. Is féidir an fhuaim chéanna a chur in iúl le litreacha difriúla, mar shampla an fhuaim /v/ in *vótáil*, *dámh* agus *marbh;* is féidir fuaim a léiriú le níos mó ná litir amháin, mar shampla an fhuaim /k/ sa Bhéarla; *cat* agus *walk*. Tá trí fhuaim san fhocal *chun* /ch/, /u/, /n/ ach tá ceithre litir ann 'c', 'h', 'u', 'n'. Ní mór do mhúinteoirí na téarmaí 'fuaim' agus 'litir' a úsáid go cruinn chun cabhrú leis an scoláire idirdhealú a dhéanamh idir an dá mhír go soiléir. |
| **Gnásanna cló**<br><br>*Conventions of print* | Is ionann gnásanna cló agus bealaí a bhfuil glacadh leo chun téacs scríofa a chur i láthair agus a eagrú go dtuigfidh gach léitheoir an téacs seo go héasca. Áirítear an méid seo a leanas leis na gnásanna:<br><br>• bíonn teachtaireacht ag an gcló<br>• treoshuíomh an chló ó chlé go deas<br>• treoshuíomh an chló ó bharr go bun<br>• spléachadh fillte<br>• spásáil oiriúnach, ceannlitriú, gramadach agus poncaíocht. I measc na ngnásanna digiteacha tá:<br>• scrolláil<br>• ag svaidhpeáil ó chlé go deas<br>• treoshuíomh an chló ó bharr go bun |
| **Ilchultúrtha / idirchultúrtha**<br>***Pluricultural/intercultural*** | Úsáidtear an téarma "**ilchultúrtha**" chun tagairt a dhéanamh do dhaoine atá mar chuid de dhá ghrúpa cultúrtha nó níos mó. Úsáidtear an téarma "**idirchultúrtha**" chun tagairt a dhéanamh d'inniúlacht chultúrtha lena gcuimsítear:<br>•eolas faoi ghrúpaí cultúrtha eile, a dtáirgí agus a gcleachtais, agus na bealaí ina ndéanann daoine de chultúir éagsúla cumarsáid lena chéile;<br>•meonta amhail fiosracht, oscailteacht, meas ar dhaoine eile, agus comhbhá;<br>•scileanna léirmhínithe agus comhthuisceana, mar shampla |

| | |
|---|---|
| | cleachtas ó chultúr eile a léirmhíniú, agus é a chur i gcomparáid le cleachtais laistigh de chultúr an duine féin;<br>•scileanna aimsithe amhail an cumas chun eolas nua faoi chultúr a chuardach agus a fháil chomh maith leis na cleachtais agus na táirgí a théann leis;<br>•feasacht chultúrtha chriticiúil, is é sin, an cumas chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar chleachtais agus ar tháirgí ó chultúr an dhuine féin agus na cleachtais agus táirgí a bhaineann le cultúr daoine eile. |
| **Ilteangachas**<br><br>***Plurilingualism*** | Is ionann ilteangachas agus dhá theanga nó níos mó a bheith le fáil i bpobal nó i sochaí. |
| **Leibhéal léitheoireachta neamhspleáiche**<br><br>*Independent reading level* | Cuimsíonn téacs ag leibhéal léitheoireachta neamhspleáiche téacs ar féidir le páiste é a léamh go líofa agus a thuiscint gan aon chabhair ón múinteoir. Ba cheart go mbeadh an páiste ábalta 95-100% de na focail a aithint agus 90-100% den téacs a thuiscint. |
| **Leibhéal léitheoireachta teagaisc**<br><br>*Instructional reading level* | Cuimsíonn 'téacs ar leibhéal teagaisc' téacs ag leibhéal cuí dúshláin, ach nach bhfuil thar chumas an pháiste. Tá sé oiriúnach téacsanna ag leibhéal na léitheoireachta oideachasúla a úsáid sa léitheoireacht faoi threoir. Le gnáth-threoir ranga agus tacaíocht chuí, ba cheart go mbeadh an páiste ábalta 90-95% de na focail a shainaithint agus 75-90% d'ábhar an téacs a thuiscint. |
| **Leideanna comhréire**<br><br>*Semantic cues* | Is leideanna iad leideanna comhréire do bhrí na bhfocal ar féidir iad a fháil amach ag baint úsáid as eolas ar ord na bhfocal, struchtúr na habairte agus caidrimh na bhfocal. |
| **Leideanna séimeantaice**<br><br>*Syntactic cues* | Is leideanna iad leideanna séimeantaice do bhrí na bhfocal ar féidir iad a fháil amach ag baint úsáid as leideanna sa phictiúr, sa téacs agus/nó le réamheolas. |
| **Líofacht na léitheoireachta ó bhéal**<br><br>*Oral reading fluency* | Is éard is líofacht na léitheoireacht ó bhéal ann ná cumas na léitheoirí léamh amach os ard leis an luas, cruinneas agus gnéithe prosóideacha cuí, mar shampla mothú, béim, tuinairde agus friotal oiriúnach. |
| **Litriú cumtha**<br><br>*Invented spelling* | Is téarma é an litriú cumtha nó an litriú garbh a úsáidtear nuair a úsáideann páiste a mheascán féin de litreacha chun focail a dhéanamh agus téacs á chruthú acu. |
| **Lucht Léitheoireachta**<br><br>*Audience* | Is é an pobal an spriocllucht éisteachta, léitheoireachta, nó féachana a bhfuil an scríbhneoir, an dearthóir, nó an cainteoir ag labhairt leo. |
| **Moirféim**<br><br>*Morpheme* | Is éard is moirféim ann ná an t-aonad gramadaí is lú sa teanga a bhfuil brí ag baint leis. Ní gá gurb ionann moirféimí agus focail. Tá moirféim amháin san fhocal 'madra', ach tá dhá mhoirféim san fhocal 'madraí': 'madra' don ainmhí agus 'í' le léiriú go bhfuil níos mó ná ceann amháin ann.<br><br>Tá moirféimí an-úsáideach chun cabhrú leis an scoláire oibriú amach conas a léitear agus a scríobhtar focail. |

| | |
|---|---|
| **Moirfeolaíocht**<br><br>*Morphology* | I gcúrsaí teangeolaíochta, is ionann moirfeolaíocht agus staidéar ar fhocail, ar an gcaoi a gcruthaítear iad, agus a gcaidreamh le focail eile sa teanga chéanna. Déantar iniúchadh san ábhar ar struchtúr na bhfocal agus ar ghnéithe d'fhocail, amhail fréamhacha, fréamh na bhfocal, réimíreanna, agus iarmhíreanna. Déantar iniúchadh i moirfeolaíocht freisin ar chodanna de chaint, ar iontonú agus béim, agus ar na bealaí ar féidir le comhthéacs fuaimniú agus ciall na bhfocal a athrú. |
| **Nascfhocail**<br><br>*Compound words* | Is focail iad nascfhocail a nascann ailt agus abairtí chun díriú ar am, cúis agus tionchar, comparáid nó cur leis. Cruthaíonn nascfhocail nasc idir smaoineamh amháin agus smaoineamh eile agus cabhraíonn siad loighic an eolais a léiriú. Is acmhainní tábhachtach iad nascfhocail chun comhtháthú i dtéacsanna a chruthú. Is féidir cuspóirí na nascfhocal a ghrúpáil mar a leanas:<br><br>• am–chun am nó ord na smaointe a thabhairt le fios (m.sh. *ar dtús, ina dhiaidh sin, ansin)*<br>• cúis– chun cúis agus tionchar a léiriú (m.sh., *mar, do, mar sin)*<br>• suimitheach– chun eolas a chur leis (m.sh. *freisin, le cois, anuas air sin)*<br>• comparáideach– m.sh., *ina áit sin, de rogha air sin*<br>• coinníollach/faomhach– chun coinníollacha nó admháil a dhéanamh (m.sh., *ach fós féin, cé go)*<br>• soiléiriú– m.sh., *déanta na fírinne, mar shampla*. |
| **Nithe inláimhsithe**<br><br>*Concrete objects* | Nithe is féidir leis an bpáiste a fheiceáil, a bhrath agus a cheangal leis an timpeallacht atá thart air, m.sh., earraí seomra ranga. |
| **Oideachas ilteangach agus idirchultúrtha**<br><br>*Plurilingual and intercultural education* | Tacaíonn oideachas ilteangach agus idirchultúrtha le forbairt na réimsí scileanna teanga ina mbíonn nasc ag teangacha lena chéile agus ina nidirghníomhaíonn siad lena chéile. Spreagann sé na foghlaimeoirí chun leas a bhaint as a n-acmhainní agus a n-eispéiris theangeolaíocha agus chultúrtha chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais. |
| **Prionsabal na hAibítre**<br><br>*Alphabetic principle* | Aithnítear i bprionsabal na haibítre go n-úsáidtear litreacha agus meascáin de litreacha chun fuaimeanna teanga a léiriú, atá bunaithe ar chaidreamh idir litreacha scríofa, siombail, agus focail labhartha. |
| **Próiseas scríbhneoireachta**<br><br>*Writing process* | Sa phróiseas scríbhneoireachta bíonn an múinteoir ag múineadh go follasach do na páistí cén chaoi le bheith ag obair agus ag foghlaim go gníomhach mar scríbhneoirí. Is iad seo a leanas na céimeanna sa phróiseas scríbhneoireachta:<br><br>• plean a chur le chéile don scríbhneoireacht trí thopaicí agus smaointe a roghnú gan mórán cabhrach<br>• téacs a chumadh ag baint úsáid as struchtúr eagraíochtúil téacs oiriúnach<br>• an téacs scríofa a léamh arís chun a chinntiú go bhfuil ciall leis agus go mbaineann sé a chuspóir amach |

| | |
|---|---|
| | • an téacs a chur in eagar agus a mhionathrú trína athscríobh chun sonraí a chur leis nó a bhaint de d'fhonn an bhrí a shoiléiriú<br>• tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh ar an obair scríofa mar fhreagairt ar aiseolas ó dhaoine eile. |
| **Stór ilteangacha**<br>*Plurilingual repertoire* | Is ionann réimse scileanna ilteangacha agus na teangacha éagsúla is féidir le duine a úsáid chun tacú lena fhoghlaim agus lena chumarsáid. B'fhéidir gur foghlaimíodh na teangacha i gcomhthéacsanna éagsúla (sa bhaile, trí theagmháil shóisialta, ar scoil, srl.); d'fhéadfaí iad a úsáid ar chúiseanna éagsúla (cumarsáid a dhéanamh le daoine muinteartha, le sóisialú le comharsana, le foghlaim ar scoil). Is iondúil go mbíonn leibhéil éagsúla inniúlachta ag daoine i dteangacha éagsúla maidir le réimse scileanna teanga/scileanna ilteangacha. |
| **Stór teangacha**<br><br>*Linguistic repertoire* | An tsraith eolais agus scileanna atá ag duine i dteanga amháin nó níos mó agus a leaganacha. Fásann agus athraíonn réimsí scileanna teanga le himeacht aimsire nuair a fhaightear tuilleadh cleachtaidh agus taithí ar theanga/ar theangacha. |
| **Scileanna paraitheangeolaíocha**<br><br>*Paralinguistic skills* | Áirítear an méid seo a leanas le scileanna paraitheangeolaíocha:<br><br>• inchloisteacht<br>• tuin chainte<br>• tuinairde<br>• tost<br>• béim<br>• luas |
| **Scileanna seachtheangeolaíocha**<br><br>*Extra linguistic skills* | Baineann na hinniúlachtaí seo a leanas le scileanna seachtheangeolaíocha:<br><br>• breathnú sa tsúil go hoiriúnach<br>• comharthaíocht choirp a úsáid<br>• gothaí agus gothaí gnúise agus gothaí láimhe a úsáid nuair is cuí. |
| **Seánra**<br><br>*Genre* | Tagraíonn 'seánra' do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríbhneoireachta d'fhonn rudaí a athinsint, míniú a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil, daoine a chur ar an eolas, orduithe a thabhairt, insint a dhéanamh, rudaí a chur ina luí ar dhaoine agus údar a thabhairt le tuairimí. Áirítear ar an foirmeacha seo ó bhéal (ach gan bheith teoranta dóibh): scéalaíocht, drámaíocht, filíocht, óráidíocht, díospóireacht, scannáin agus na meáin dhigiteacha, mar shampla podchraoltaí, físeáin, fógraíocht, craoltaí teilifíse agus raidió. Le bheith cruinn faoi, is cineálacha téacsanna ó bhéal nó scríofa iad seánraí, a bhfuil níos mó ná abairt amháin iontu, a tháinig chun bheith ina nósmhaireachtaí le haghaidh feidhmeanna áirithe. Tá pátrúin eagraíochtúla acu a bhfuiltear ag súil leo, chomh |

| | |
|---|---|
| | maith le gnéithe teanga a bhaineann le sainréim teanga, m.sh. insint, eolasach, áititheach agus lán seánraí. |
| **Séimeantaic**<br><br>*Semantics* | Baineann an tséimeantaic le brí; cuirtear brí in iúl trí an gcaidreamh idir na focail. |
| **Spléachadh**<br><br>*Scanning* | Is éard is brí le spléachadh sa chomhthéacs seo ná súil thapa a chaitheamh ar ábhar léitheoireachta ó réimse foinsí clóite agus ar líne, d'fhonn ábhar léitheoireachta a roghnú atá oiriúnach don chuspóir léitheoireachta. |
| **Straitéisí aitheanta focail**<br><br>*Word identification strategies* | Cuireann straitéisí aitheanta focail ar chumas na bpáistí focail nua a léamh le huathoibríocht mhéadaithe. Áirítear leis na straitéisí sin:<br><br>• úsáid gnéithe amhairc nó grafacha d'fhocal<br>• úsáid na gcomhfhreagras graiféime-fóinéime<br>• úsáid an eolais ar ord na litreacha, patrúin litrithe agus ceangail idir fhocail. |
| **Straitéisí litrithe**<br><br>*Spelling strategies* | Is féidir straitéisí litrithe foghraíochta agus traidisiúnta a úsáid d'fhocail nach bhfuil cur amach orthu agus téacs á chruthú.<br><br>Áirítear leis na straitéisí sin:<br><br>• eolas ar chomhfhreagras graiféime-fóinéime a úsáid<br>• focail a dheighilt ina siollaí<br>• cuimhne amhairc a úsáid<br>• línte agus pátrúin litrithe chomónta a úsáid |
| **Straitéisí stóir focal**<br><br>*Vocabulary strategies* | Cabhraíonn straitéisí stóir focal chun brí na bhfocal agus na bhfrásaí nua a fháil amach nó a shoiléiriú, lena n-áirítear:<br><br>• úsáid a bhaint as leideanna comhthéacs<br>• eolas a bhaint as fréamh na bhfocal agus as táthmhíreanna<br>• eolas a bhaint as frithchiallaigh, comhchiallaigh, comhainmneacha, agus comhghraif<br>• foclóirí a cheadú agus tagairtí eile de réir mar is cuí. |
| **Straitéisí tuisceana**<br><br>*Comprehension strategies* | Is próisis iad straitéisí tuisceana a úsáideann léitheoirí chun ciall a bhaint as téacsanna. Is iad seo a leanas roinnt príomhstraitéisí tuisceana:<br><br>• réamheolas a spreagadh agus a úsáid<br>• tuar<br>• samhlú<br>• naisc a dhéanamh<br>• ceistiú<br>• soiléiriú<br>• tábhacht a aimsiú<br>• cur in iúl<br>• tarraingt le chéile |

| | |
|---|---|
| **Struchtúr eagraíochtúil téacs**<br><br>*Text organisational structures* | Is éard is struchtúr téacs ann ná an bealach ina n-eagraítear faisnéis i gcineálacha éagsúla téacsanna, mar shampla, teidil na gcaibidlí, fotheidil, an clár ábhar, innéacsanna agus gluaiseanna, achoimrí, ailt tosaigh agus deiridh, cur in ord, príomhabairtí, tacsanomaíocht, cúis agus tionchar. Sainmhínítear cineál an téacs agus múnlaítear a bhrí trí roghanna na struchtúr téacs agus na ngnéithe de theanga le chéile. |
| **Táthmhíreanna**<br><br>*Affixes* | Is éard atá i gceist le táthmhíreanna ná moirféimí a chuirtear le fréamh an fhocail chun focal nua a chruthú, m.sh., *tóg+álaí, mí+s(h)ásta* nó leagan gramadúil d'fhocal, m.sh. madra+í, siúl+aim. |
| **Téacs insinte**<br><br>*Narrative text* | Is cineál dioscúrsa ó bhéal nó scríofa é téacs insinte a bhfuil sé mar chuspóir aige scéal a insint, nó cur síos a dhéanamh ar eachtra nó ar ord imeachtaí. Is féidir le téacs insinte a rangú mar fhicsean nó mar neamhfhicsean. |
| **Téacs mínitheach**<br><br>*Expository text* | Is cineál dioscúrsa ó bhéal nó scríofa é téacs mínitheach a bhfuil sé mar chuspóir aige rud a mhíniú, daoine a chur ar an eolas maidir leis, nó cur síos a dhéanamh. |
| **Téacsanna**<br><br>*Texts* | Gach toradh ar úsáid teanga le bheith san áireamh i dtéacs: caint, gothaí, comharthaí, scríobh, Braille, amharc, tadhlach, leictreonach, digiteach agus ilmhódach. |
| **Téacsanna dílse**<br><br>*Authentic texts* | Cruthaítear agus foilsítear téacsanna dílse don phobal. D'fhéadfadh amhráin, dánta, rabhlóga, ranna, físeáin ghearra, amchláir, bileoga, bróisiúir, póstaeir, biachláir, foirmeacha bunúsacha, srl., a bheith i gceist. |
| **Téamaí**<br><br>*Themes* | I measc na dtéamaí don Ghaeilge tá: mé féin, sa bhaile, scoil, bia, an teilifís, siopadóireacht, caitheamh aimsire, éadaí, an aimsir agus ócáidí speisialta. Is féidir leis na múinteoirí go leor topaicí a roghnú ó na téamaí. Is féidir na topaicí seo a leathnú amach chun ábhair a chuimsiú a bhfuil spéis ag an bpáiste iontu. |
| **Teanga an dioscúrsa**<br><br>*Language of discourse* | Éilíonn dioscúrsa go ndeir páistí roinnt míreanna cainte chun struchtúir theangeolaíocha ar leith a thógáil, mar shampla insintí, cuntais fhíriciúla, argóintí, mínithe nó meascán díobh sin. Éilíonn sé seo go dtéann páistí níos faide ná an abairt bhunúsach agus go gcuireann siad abairtí le chéile chun cuntais a chruthú atá ciallmhar ó thaobh eagrú na brí agus an ábhair de, agus atá comhtháite ó thaobh an leanúnachais idir abairtí de. Éilíonn teanga an dioscúrsa go mbíonn stór focal sofaisticiúil agus a bhaineann le seánra ar leith ag páistí, chomh maith leis an eolas gramadúil chun abairtí a chur le chéile don topaic ar leith atá á phlé. |
| **Teanga bhaile/teangacha baile**<br><br>Home Language(s) | Is ionann teanga bhaile/teangacha baile agus teanga/ teangacha na cumarsáide teaghlaigh agus an teanga/na teangacha a sh ealbhaítear sa luathóige, lena n-áirítear teangacha comharthaíochta. Úsáidtear an téarma chun tagairt a dhéanamh do theanga ar bith i gcomhthéacs baile agus níl breithiúnas luacha i gceist leis. |

| | |
|---|---|
| **Teanga nach bhfuil i gcomhthéacs**<br><br>*Decontextualised language* | Sainmhínítear teanga nach bhfuil i gcomhthéacs mar theanga nach dtugtar aon chomhthéacs léi. Níl sí fréamhaithe in aon chomhthéacs ama ná suímh agus ní bhíonn sí ag brath ar ghrinneas ná ar thaithí fhisiciúil. Tá úsáid na teanga nach bhfuil i gcomhthéacs lárnach d'fhoghlaim na bpáistí ag réimse leibhéal. Úsáidtear í chun faisnéis nua a chruthú agus a chur in iúl don lucht féachana nach mbeadh mórán eolais cúlra tugtha acu don chainteoir. Tá na téarmaí 'teanga nach bhfuil i gcomhthéacs' agus 'stíl teanga dea-scríofa' an-chosúil lena chéile mar go dtagraíonn an dá théarma do theanga atá eagraithe, soiléir agus scoite amach. |
| **Teangacha eile**<br>*Other languages* | Áirítear an méid seo a leanas le tagairtí do theangacha eile:<br>• teangacha baile na bpáistí,<br>• teangacha i bpobal na scoile agus sa phobal níos leithne,<br>• teangacha a bhfuil taithí ag páistí orthu (m.sh., ó thuras thar lear, ó bheith ag scríobh chuig cara pinn nó ó rang i scoil eTwinning, trí idirghabhálacha le páistí eile a labhraíonn teanga eile sa bhaile, srl.). |
| **Téarmaíocht leabhair**<br><br>*Book terminology* | Is ionann téarmaíocht leabhair agus an stór focal a bhaineann le leabhair, m.sh., *údar*, *blurba*, *maisitheoir*, *leathanach ábhair*, *gluais*, *caibidil*, *foilsitheoir*, srl. |
| **Topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu**<br><br>*Familiar topics* | Topaicí a bhaineann leis an saol laethúil, le heispéireas saoil an pháiste féin agus topaicí traschuraclaim a úsáidtear agus a athneartaítear go laethúil, mar shampla, braistintí/mothúcháin, cluichí, ceisteanna, tuairimí a chur in iúl, uimhreacha, gnáthamh seomra ranga, srl. |
| **Topaicí pearsanta**<br><br>*Personal topics* | Ábhair a bhaineann le heolas pearsanta atá bunúsach/an-bhunúsach agus a bhaineann le saol laethúil na bpáistí, m.sh., mé féin, mo mhuintir, mo phobal áitiúil, srl. |

# 9. Tagairtí


An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). Curaclam na Bunscoile: Réamhrá. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Intro_Eng.pdf

An Roinn Oideachais, an Astráil Thiar (2013). First 005. Speaking and Listening Resource Book. Addressing Current Literacy Challenges. An Roinn Oideachais, Rialtas na hAstráile Thiar. Ar fáil ag: http://det.wa.edu.au/stepsresources/detcms/education/stepsresources/first-steps-literacy/speaking-and-listening-resource-book.en?catid=13601995

Rialtas na hÉireann (2010). Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/20-Year-Strategy-English-version.pdf

Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhilips, T., Marsh, J., O'Connor, M. agus Shiel, G. (2012). Literacy in Early Childhood and Primary Education (3-8 years). Tuarascáil Taighde Uimh. 15 CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Primary_Developments/Language/Review-and-Research/litreport.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007a). Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do scoileanna. CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/assess%20%20guide.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007b). Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Daltaí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama. Ar fáil ag: http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Publications/SEN_Introduction.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag www.ncca.ie/earlylearning

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2012). Achoimrí Feidhmeacha: Cnuasach ó thaighde coimisiúnaithe maidir le teanga na bunscoile. CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary Education/Primary_Developments/Language/Review-and-Research/c1.pdf

Ó Duibhir, P. agus Cummins, J. (2012). I dTreo Curaclam Teanga Comhtháite sa Luath-Óige agus san Oideachas Bunscoile (3-12 bliana). Tuarascáil Taighde Uimh. 16 CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Towards_an_Integrated_Language_%20Curriculum_in_Early_Childhood_and_Primary_Education_.pdf

Shiel, G., Cregan, Á., McGough, A. agus Archer, P. (2012). Oral Language in Early Childhood and Primary Education (3-8 years). Tuarascáil Taighde Uimh. 14 CNCM: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: http://ncca.ie/en/Publications/Reports/Oral_Language_in_Early_Childhood_and_Primary_Education_3-8_%20years_.pdf

# 10. Aguisíní

## Aguisín 1: Scileanna teanga agus gnéithe

Taispeántar na scileanna teanga a bhaineann go sonrach le gach gné sa tábla thíos. Baineann na scileanna sa tábla le foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí i rith a dtaithí ar an mbunscoil ó Chéim 1-4. Déantar iad a fhorbairt mar is cuí i ngach comhthéacs scoile agus de réir na céime foghlama atá bainte amach ag gach páiste maidir leis an gcéad agus an dara teanga a fhoghlaim.

**Tábla 6:** **Céim 1-4 Coincheapa, meonta agus scileanna teanga**

| | **Teanga ó Bhéal** Oral Language | **Léitheoireacht** Reading | **Scríbhneoireacht** Writing |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid/** Communicating | Comhaird ar thopaic agus tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn- intinniúlacht | Tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn i dtéacs- intinniúlacht | Tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn- intinniúlacht |
| | Cloí le topaic, teagmhas séimeantach (baineann freagra an pháiste le hábhar)- bainteacht | Roghnú agus léamh téacsanna léitheoireachta a fheileann don chuspóir agus don ábhar spéise- bainteacht | Cloí le topaic- bainteacht |
| | Féachaint sa tsúil, gothaí agus comharthaíocht choirp- scileanna breise teanga | | |
| | Inchloiseacht, tuin chainte tuinairde, sos, béim, luas- scileanna paraitheangacha | | |
| | Ag freagairt, ag tosú, ag coinneáil comhrá ag imeacht, ag seachadadh agus ag tógaíl seala | | |
| | | Dul i ngleic le raon leathan téacsanna- téacs a léamh le cruinneas, le líofacht agus le brí (tuiscint) | |
| | Éisteacht ghníomhach agus cuimhne bhriathartha | Feasacht ar bhrí agus ar léirmhíniú téacs/pictiúir | |
| | | Feasacht ar chuspóir an údair | Feasacht ar chuspóir |
| | Airdeallacht agus freagracht i dtaobh riachtanais dhaoine eile d'fhionn cumarsáid fhiúntach a fhorbairt- tuiscint ar dhaoine eile | Tuiscint ar an lucht éisteachta/ féachana | |

| | **Teanga ó Bhéal**<br>Oral Language | **Léitheoireacht**<br>Reading | **Scríbhneoireacht**<br>Writing |
|---|---|---|---|
| **Tuiscint/** Understanding | Scileanna urlabhra | | |
| | | | Scríobh cruinn na litreach- soléitheacht |
| | Scileanna fhóineolaíochta | Prionsabal na haibítre- litreacha agus braislí litreacha- an gaol idir fuaim agus teanga a aithint | |
| | | Ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála sa léitheoireacht | Ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála sa scríbhneoireacht |
| | Tuiscint choincheapúil, gaolmhaireachtaí séimeantacha, forbairt foclóra- séimeantacht | Tuiscint choincheapúil, gaolmhaireachtaí séimeantacha. Forbairt foclóra- séimeantaic | Ag úsáid foclóir a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile sa scríbhneoireacht- séimeantacht |
| | Tuiscint ar rialacha eagraíochtúla a bhaineann le hord na bhfocal, le struchtúr agus le h-eagrú abairte- comhréir | Úsáid comhréir i réimse seánraí e.g., filíocht a thabhairt faoi deara | Abairtí a éiríonn níos cruinne agus níos casta de réir a chéile ó thaobh deilbhíochta- comhréir |
| | Tuiscint ar rialacha a bhaineann le focail a athrú e.g., an t-iolra, aimsirí na mbriathra | Leideanna graiféime- fóinéime, leideanna séimeantacha agus leideanna comhréire- straitéisí aitheanta focal | Ag úsáid feasacht fhóineolaíochta agus ortografaíochta chun focail a litriú i gceart- litriú |
| | Cuimhne bhriarthartha | | |

**Fiosrú agus úsáid/** Exploring and using

| **Teanga ó Bhéal**<br>Oral Language | **Léitheoireacht**<br>Reading | **Scríbhneoireacht**<br>Writing |
|---|---|---|
| Ag glacadh páirte go héifeachtach agus mar a oireann i gcomhrá | | |
| Braistint ar fhorbairt a ghutha féin agus féinléiriú (braistint gutha an pháiste agus féinléirithe a fhorbairt) | | Braistint fhorbairta ghutha féin |
| Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs | Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs | Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs |
| Teanga a úsáid ar mhaithe le himirt agus cleasaíocht, rainn, cleasanna focail, jócanna agus focail agus siollaí gan bhrí | | |
| Ag cruthú agus ag tuiscint téacsanna inste- athinisint agus cumadh scéalta agus instí pearsanta | | Ag cruthú téacsanna inste |
| Ag cruthú agus ag tuiscint téacs léiritheach- cuntais fhíriciúla, míniúcháin, cur síos agus argóintí | Ag aithint na bpríomhphointí eolais i dtéacs léiritheach | Ag cruthú téacsanna léiritheacha |
| Ag úsáid na teanga chun iarratais a dhéanamh, dearcadh agus roghanna a chur in iúl, rudaí a mhíniú agus a thuairisciú, chun plé, argóint agus tuar a dhéanamh agus chun réasún agus údar a thabhairt maidir le cinntí, míniúcháin agus torthaí | | Ag freagairt do théacsanna tríd an scríbhneoireacht |
| Ag úsáid teanga chun eolas a chur i láthair cinéalacha éagsúla lucht éisteachta agus an teanga a húsáid chun eolas a chur i láthair | | Ag cur tuairimí, mothúchán agus roghanna in iúl tríd an scríbhneoireacht |
| | Ag úsáid straitéisí tuisceanna chun brí a bhaint as téacs, é a mheas agus freagairt dó | |
| | Ag déanamh monatóireachta ar thuiscint agus ag úsáid straitéisí féin-cheartaithe de réir mar a oireann | Ag úsáid próiseas na scríbhneoireachta chun téacs a chruthú |
| | Ag úsáid struchtúr eagraíochtúla téacs mar chabhair don tuiscint le linn léitheoireachta | Ag úsáid structhúr agus sainréim teanga oireann don seanra agus don fhoirm- struchtúr eagraíochtúla téacs |

# Aguisín 2: Feidhmeanna teanga

Feidhmeanna Teanga

Nuair a bhíonn an dara teanga á múineadh leagtar béim shuntasach ar thábhacht na teanga ó bhéal mar chuid chriticiúil de mhúineadh na teanga. Is féidir na feidhmeanna teanga a úsáid mar thúsphointe dó sin.  Cabhraítear le forbairt a dhéanamh ar chumas an pháiste chun cumarsáid a dhéanamh trí bhéim a leagan ar fheidhmeanna na teanga, agus ar an mbealach sin cabhraítear le sealbhú na Gaeilge agus na dteangacha eile nuair is cuí, nuair a úsáidtear mar theanga an tseomra ranga iad.

Tá ábhar tacaíochta ar fáil ar líne do theagasc na bhfeidhmeanna teanga as Gaeilge. Ar mhaithe le cabhrú le húsáid phraiticiúil an ábhair, roinneadh na feidhmeanna teanga sna catagóirí seo a leanas agus cuireadh samplaí de gach catagóir ar fáil. Baineann na catagóirí leas as seacht fheidhm na teanga de chuid Halliday agus cuirtear in oiriúint iad chun freastal ar riachtanais sheomraí ranga na hÉireann. Is ionann go díreach feidhmeanna na teanga comharthaíochta agus feidhmeanna na teanga ó bhéal. Is féidir Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (PECS) a úsáid go héifeachtach freisin chun riachtanais, faisnéis agus mothúcháin a chur in iúl. Is féidir na catagóirí thíos a nuashonrú agus a chur in oiriúint bunaithe ar thuiscintí na foghlama teanga a thagann chun cinn.

Tábla 7: Feidhmeanna Teanga

| **Déanaimid cumarsáid chun ...**<br>We communicate to ... | **Úsáidimid teanga chun ....**<br>We use language to ... |
|---|---|
| **Caidreamh sóisialta a dhéanamh**<br>Initiate and maintain social interaction | · Bualadh le duine<br>· Slán a fhágáil<br>· Glaoch ar dhuine<br>· Aird a lorg<br>· Beannú do dhuine<br>· Cur in aithne<br>· Comhghairdeas a dhéanamh<br>· Comhbhrón a dhéanamh |
| **Soiléiriú a lorg i gcomhrá**<br>Seek clarification in conversation | · Easpa tuisceana a léiriú<br>· Cabhair a lorg<br>· Litriú a lorg<br>· Athrá a lorg |
| **Dul i gcion ar dhaoine eile**<br>Influence others | · Cead a lorg<br>· A thabhairt<br>· Agus a dhiúltú<br>· Buíochas a léiriú<br>· Smaoineamh a chur chun cinn<br>· Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh<br>· Duine a ghríosadh<br>· Magadh faoi dhuine<br>· Cuireadh a thabhairt<br>· A dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi<br>· Foláireamh a thabhairt do dhuine<br>· Stádas a fhógairt nó a cheistiú<br>· Maíomh<br>· Dúshlán duine a thabhairt |
| **Dearcadh a léiriú agus a lorg**<br>Describe and seek an opinion | · Eolas nó easpa eolais, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu<br>· Cinnteacht, éiginnteacht nó féidearthacht a léiriú agus fiosrú fúthu<br>· Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus a fhiosrú<br>· Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú<br>· Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu<br>· Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi<br>· Leithscéal a ghabháil<br>· Sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu<br>· Aontú nó easaontú le ráiteas<br>· Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú<br>· Séanadh, Maithiúnas a léiriú<br>· Tacaíocht a léiriú<br>· Díomá a léiriú, Dóchas a léiriú<br>· Ligean air/uirthi<br>· Scéalta a chumadh nó a insint<br>· Léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh, nó fiosrú faoi |
| **Eolas a thabhairt agus a lorg**<br>Give and seek information | · Aithint, Tuairisciú, Teachtaireacht a thabhairt<br>· Ceartú<br>· Ceisteanna a chur agus a fhreagairt |
| **Struchtúr a chur ar chomhrá**<br>Structure a conversation | · Oscailt<br>· Féincheartú a dhéanamh<br>· Cur síos a dhéanamh céim ar chéim<br>· Coimriú<br>· Deireadh a chur le comhrá |

# Aguisín 3: Ábhair Thacaíochta Shamplacha

Seo a leanas ábhair thacaíochta shamplacha chun tacaíochtaí a léiriú do mhúinteoirí agus iad ag ullmhú eispéiris foghlama teanga NTI a chur ar fáil do pháistí i gCéim 3 agus i gCéim 4.
Tá sé i gceist go gcuirfí ábhair thacaíochta cosúil leo sin ar fáil in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile ag www.currriculumonline.ie

Sampla 1 – Ábhar Tacaíochta maidir le Feasacht Teanga

Sampla 2 – Ábhar Tacaíochta maidir le Feasacht Idirchultúrtha

Sampla 3 – Ábhar Tacaíochta maidir le hInniúlacht Chumarsáideach a Fhorbairt in T3

Sampla 4 – Ábhar Tacaíochta maidir le Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga a Thuiscint

# Sámpla 1- Feasacht Teanga a Fhorbairt

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Abairtí a Chur i gComparáid agus i gCodarsnacht - Mé féin mar fhoghlaimeoir teanga a thuiscint |
| **Gné** | Ag cothú feasacht ar theangacha agus chultúir |
| **Céim/rang** | Céimeanna 3 agus 4 (Ranganna 3 – 6) |

| Torthaí Foghlama | Príomhinniúlachaí |
|---|---|
| ***Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann***<br>• a chuid eolais, straitéisí agus scileanna a úsáid i dteanga amháin atá máistreacht acu ann cheana féin, chun cabhrú le tuiscint agus le cumarsáid i dteangacha eile FG, M.<br>• cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha a aithint, chun cabhru le naisc a dhéanamh (m.sh., ord focal, gaoilte, patrúin fuaime) FG, M. | **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach (FG)**<br>• Ag déanamh machnaimh ar fhoghlaim teanga agus ag aithint na straitéisí is éifeachtaí go pearsanta.<br>• Ag foghlam le daltaí eile agus ó daltaí eile sa rang agus meas a léiriú ar an eolas a thugann páistí a bhfuil teangacha baile éagsúla acu chuig an seomra ranga.<br>**A bheith matamaiciúil (M)**<br>• Patrúin fhuaime, cruthanna litreacha agus focal, siollaí srl. a fhiosrú agus a thuiscint srl. |

## Réamhrá

Is dlúthchuid de theangacha go mbíonn siad idirnasctha. Is féidir le páistí an t-eolas atá acu cheana féin ar theangacha, na scileanna a úsáideann sé le hidirghníomhú agus plé leis na teangacha sin, agus na straitéisí a úsáideann sé lena inniúlacht teanga a fhorbairt tuilleadh a aithriú thar teangacha. Feasacht Teanga a thugtar ar fheasacht an pháiste ar an eolas, scileanna agus straitéisí a úsáideann sé i dteanga amháin a thacaíonn lena gcuid tuiscine ar theangacha nua.

**Is é an aidhm a bhaineann le feasacht teanga páistí a spreagadh ná:**

- braistint a fhorbairt ar **conas a oibríonn teangacha**, m.sh.,
    - a mbíonn i gceist le teangacha – fuaimeanna, siombailí/carachtair/comharthaí, focail, grúpaí focal/ codanna den chaint
    - an chaoi a gcuirtear teangacha le chéile – comhréir, ord na bhfocal
    - ciall na bhfocal – comhchiallaigh, frithchiallaigh, focail ghaolmhara, srl.
- **an chaoi a bhfoghlaimímid teangacha** a fhiosrú, m.sh.,
    - straitéisí cosúil le neamónaic, comhcheangal focal agus spléach-chártaí/íomhánna le cuimhniú ar fhocail nua agus ar an gcaoi lena litriú
    - tuartha a úsáid agus scanadh a dhéanamh le focail a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu a aithint le hiarracht a dhéanamh an chiall a bhféadfadh a bheith le téacs a oibriú amach

- deiseanna a chur ar fáil don pháiste **a fhiosracht a fhorbairt** maidir le gach teanga, m.sh.,
    - trí imeartas focal ina mbíonn ar an bpáiste brí a dhíchódú i dteanga(cha) nua
    - trí cheol agus amhránaíocht
    - trí na cultúir a shíltear a bheith i gceist sna tíortha ina labhraítear teangacha eile a fhiosrú
    - trí chomparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir teangacha atá ar eolas cheana féin agus cinn nua

## Buntáistí a Bhaineann le Feasacht Teanga a Fhorbairt

Is iomaí buntáiste a bhaineann le díriú ar an bhFeasacht Teanga.

Maidir le feasacht teanga a fhorbairt:

- is bealach é leis an bpáiste a chur ar an eolas faoin éagsúlacht teanga atá ina sheomra ranga agus taobh amuigh de.
- feidhmíonn sé mar thacaíocht don fhoghlaim teanga le linn saol scoile an pháiste agus ina dhiaidh sin.
- tacaíonn sé le forbairt litearthachta gach páiste.
- tacaíonn sé le foghlaim teanga bhreise tríd an eolas teanga reatha agus straitéisí foghlama teanga atá ag an bpáiste a ghníomhachtú.
- cabhraíonn sé leis an bpáiste ciall a bhaint as focail nua agus téacsanna.
- forbraíonn sé muinín an pháiste iarracht a dhéanamh nó dul sa seans.
- cabhraíonn sé le foghlaim níos gníomhaí agus níos neamhspleáiche a fhorbairt.

## Eispéireas foghlama agus teagaisc le feasacht teanga an pháiste a fhorbairt

Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an abairt chéanna i roinnt teangacha.

1. Roghnaíonn an múinteoir agus na páistí abairt le fiosrú, m.sh., **"Tá 8 bpláinéad sa ghrianchóras."** Bíonn sé cabhrach abairt a roghnú ina bhfuil gnéithe is féidir a aithint, m.sh., uimhreacha, focail eolaíocha, focail iasachta (m.sh., karaoke), srl.

2. Aistrítear an abairt go roinnt teangacha. Is féidir le páistí a bhfuil teangacha éagsúla baile acu cabhrú leis seo, nó is féidir uirlisí aistriúcháin ar líne a úsáid, mar shampla Reverso, Google Translate nó Systran. D'fhéadfadh teangacha an tseomra ranga, na scoile nó an phobail áitiúil a bheith i gceist sna haistriúcháin seo, amhail Béarla, Polainnis, Portaingéilis, Liotuáinis, Spáinnis, srl.

Abairt shamplach a aistríodh go teangacha éagsúla

| **Tá 8 bpláinéad sa ghrianchóras** | **Gaeilge** |
|---|---|
| Hay 8 planetas en el sistema solar | Spáinnis |
| There are 8 planets in the solar system | Béarla |
| Există 8 planete în sistemul solar | Rómáinis |
| W układzie słonecznym jest 8 planet | Polainnis |
| Há 8 planetas no sistema solar | Portaingéilis |
| Saulės sistemoje yra 8 planetos | Liotuáinis |
| Il y a 8 planètes dans le système solaire | Fraincis |
| Es gibt 8 Planeten im Sonnensystem | Gearmáinis |
| Ci sono 8 pianeti nel sistema solare | Iodáilis |
| 在太阳系中有 8 颗行星 | Sínis simplí |
| Υπάρχουν 8 πλανήτες στο ηλιακό σύστημα.<br>(Ypárchoun 8 planítes sto iliakó sýstima.) | Gréigis |

3. Is féidir leis na páistí roinnt ama a chaitheamh i mbun iniúchadh ar an abairt sna teangacha éagsúla (ní chuirtear céad teanga na scoile san áireamh sa ghníomhaíocht seo) agus spreagtar iad leis an mbrí a oibriú amach le chéile.

4. Is féidir leis an múinteoir foghlaim na bpáistí a éascú trí phlé a dhéanamh ar na **héagsúlachtaí agus na cosúlachtaí** idir na habairtí. Úsáidfidh na páistí réimse **straitéisí** agus codanna éagsúla na habairte á bhfiosrú acu sna teangacha éagsúla. Is féidir na straitéisí seo a roinnt leis an seomra ranga le cur le tuiscint na bpáistí ar an gcaoi a bhfoghlaimímid teangacha.

## Ceisteanna samplacha chun na habairtí teanga a dhíchódú

- Céard iad na focail a bhreathnaíonn cosúil lena chéile duit/ a bhfuil cur amach agat orthu?
- Céard iad na focail a bhreathnaíonn nua/éagsúil duit?
- An bhfuil aon chosúlachtaí/éagsúlachtaí idir na teangacha seo agus na teangacha atá á bhfoghlaim agat [dírigh ar aicinn (m.sh., úsáid an grave nó aigu sa Fhraincís, carachtair/cló a úsáidtear, úsáid ceannlitreacha, srl.]
- Cén focal ar briathar é?
- Céard iad na focail ar ainmfhocail iad?
- Céard iad na focail a bhféadfadh fuaim chomhchosúil a bheith i gceist leo?
- An féidir leat an abairt seo a rá/scríobh in aon teanga(cha) eile?

Is féidir páistí a spreagadh leis na teangacha a léirítear sna habairtí éagsúla a shainaithint.

## Machnamh ar na straitéisí a úsáideadh

- Céard a rinne tú le brí na habairte a dhéanamh amach?
- Céard a thug tú faoi deara faoi na habairtí agus na teangacha éagsúla?
- An úsáideann tú an straitéis seo agus teangacha/ábhair eile á bhfoghlaim agat?

### Ceisteanna machnaimh do mhúinteoirí

- Smaoinigh ar na cineálacha straitéisí foghlama a d'úsáid tú féin i d'aistear foghlama teanga féin. Conas a chabhraigh siad leat foghlaim?
- Céard iad na cineálacha straitéisí a úsáideann na páistí i do rangsa le Béarla agus Gaeilge a fhoghlaim?
- Conas is féidir na straitéisí seo a chomhtháthú in eispéiris foghlama amach anseo?
- An féidir leat smaoineamh ar am a d'úsáid tú feasacht teanga le tacú le do thuiscint ar theanga bhreise?

<table>
<tr><th colspan="2">Abairtí teanga a dhíchódú – Bileog phlé do pháistí</th></tr>
<tr><td colspan="2">Breathnaigh ar na habairtí seo a leanas agus féach an féidir leat an méid seo a leanas a oibriú amach.<br><br>1. Cén teanga atá in úsáid i ngach abairt?<br>2. Céard a chiallaíonn na habairtí?</td></tr>
<tr><td>• Hay 8 planetas en el sistema solar<br>• Există 8 planete în sistemul solar<br>• W układzie słonecznym jest 8 planet<br>• Há 8 planetas no sistema solar<br>• Saulės sistemoje yra 8 planetos<br>• Es gibt 8 Planeten im Sonnensystem</td><td>• Il y a 8 planètes dans le système solaire<br>• Ci sono 8 pianeti nel sistema solare<br>• 在太阳系中有8颗行星<br>• Υπάρχουν 8 πλανήτες στο ηλιακό σύστημα. (Ypárchoun 8 planítes sto iliakó sýstima.)</td></tr>
<tr><td><br>Smaoinigh ar …</td><td><br>Déan do chuid smaointe a thaifeadadh anseo</td></tr>
<tr><td>Déan machnamh ar na straitéisí a úsáideann tú chun na habairtí a dhíchódú<br>• Céard a rinne tú le brí na habairte a dhéanamh amach?<br>• Céard a thug tú faoi deara faoi na habairtí agus teangacha éagsúla?<br>• Céard iad na rudaí is úsáidí duitse agus tú ag foghlaim teangacha?</td><td></td></tr>
<tr><td>Ceisteanna samplacha chun na habairtí a dhíchódú<br>• Céard iad na focail a bhreathnaíonn cosúil lena chéile duit/ a bhfuil cur amach</td><td></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| agat orthu?<br><br>• Céard iad na focail a bhreathnaíonn nua/éagsúil duit?<br><br>• An bhfuil aon chosúlachtaí/éagsúlachtaí idir na teangacha seo agus an teanga a labhraíonn tusa/ atá ar eolas agat?<br><br>• Cén focal ar briathar é?<br><br>• Céard iad na focail ar ainmfhocail iad?<br><br>• Céard iad na focail a bhféadfadh fuaim chomhchosúil a bheith i gceist leo?<br><br>• An féidir leat an abairt seo a rá/scríobh in aon teanga(cha) eile? | |

*Forbraíodh an t-ábhar tacaíochta samplach seo i gcomhar le Teangacha Iarbhunscoile Éireann (PPLI).*

# Sámpla 2 – Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Taiscéalaithe bia - Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt |
| **Gné** | Ag cothú feasacht ar theangacha agus chultúir |
| **Céim/rang** | Céimeanna 3 agus 4 (Ranganna 3 – 6) |

| Torthaí Foghlama | Príomhinniúlachaí |
|---|---|
| ***Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann***<br><br>• a gcultúir féin agus cultúir eile a fhiosrú agus a cheiliúradh sa seomra ranga, sa scoil, an phobail áitiúil agus an domhain mhóir, agus iad á bplé go tuisceanach agus le meas. SG, C, S, FG.<br><br>• tuiscint a léiriú ar an gceangal idir pobail theanga agus na cultúir a bhaineann leo, chomh maith le tosca eile gur féidir tionchar a imirt ar fhorbairt cultúir. SG, C, S. | **A bheith cruthaitheach** (C)<br>• Teanga a iniúchadh agus a úsáid le fiosracht, dearcadh oscailte agus le samhlaíocht.<br><br>**A bheith i do shaoránach gníomhach** (SG)<br>• Eolas ar theanga agus ar chultúr a fhiosrú chun meas ar an domhan agus ar ár sochaí a fhorbairt.<br><br>**A bheith Slán** (S)<br>• Luach agus tábhacht theangacha agus chultúir an tseomra ranga a thuiscint chun féinghlacadh agus féinfheasacht a chothú.<br><br>**A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** (FG)<br>• Ag foghlam le agus ó pháistíeile sa seomra ranga, agus léirthuiscint a fháil ar an eolas a thugann páistí le teangacha baile éagsúla leo. |

## Réamhrá

Is féidir le páistí a bhfeasacht idirchultúrtha a fhorbairt trí nithe laethúla ar nós bia a fhiosrú. Tá táirgí, focail agus frásaí thart timpeall orainn atá muid i ndiaidh a fhí isteach inár noirm chultúrtha agus shochaíocha. Má chuirimid deiseanna ar fáil le machnamh a dhéanamh ar bhunús na dtáirgí, na bhfocal agus na bhfrásaí seo, is féidir linn ár n-áit reatha i sochaí ilchultúrtha agus mar shaoránaigh dhomhanda a spreagadh agus a aithint.

***Is féidir iarraidh ar pháistí***

- machnamh a dhéanamh ar na bianna is fearr leo,
- plé a dhéanamh ar na bianna seo ar fud an tseomra ranga,
- féachaint ina gceantar le haghaidh bia/deochanna (m.sh., píotsa, pasta, latte, cappuccino, baguette, salami, sushi, taco agus bia atá ar fáil ó bhialanna Síneacha/Iodálacha/Indiacha/Gréigeacha) a thagann ó thíortha/áiteanna eile sa domhan.

Éascaíonn na gníomhaíochtaí seo feasacht pháistí maidir le bunús bianna coitianta ina dtimpeallacht a fhorbairt. Is féidir deiseanna a thabhairt do pháistí freisin ról bia a fhiosrú maidir leis an tionchar a imríonn sé ar fhéiniúlachtaí cultúrtha agus ar an gcaoi ar féidir le blaiseadh agus

roinnt bianna/deochanna éagsúla a bheith ina bhealach taitneamhach chun malartú cultúrtha a éascú.

Le linn an phlé ranga, tá sé tábhachtach timpeallacht foghlama a chothú inar féidir gach tuairim agus dearcadh a chur in iúl i dtimpeallacht mheasúil, shábháilte agus oscailte, saor ó bhreithiúnais dhiúltacha.

## Eispéireas foghlama agus teagaisc le feasacht idirchultúrtha a fhorbairt

**1. Machnaimh ar bhia** – tugtar sraith ceisteanna oscailte do na páistí maidir le bia. Is féidir leis na páistí iad seo a fhiosrú i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna. Is féidir leis na páistí a bplé agus a gcuid tuairimí a thaifeadadh.

- Céard iad na bianna is fearr leat?
- Cad iad na tíortha as a dtagann na bianna seo de ghnáth?
- Céard iad na bialanna/caiféanna atá inár gceantar áitiúil?
- Céard iad na cineálacha bia agus dí a dhíoltar iontu?
- Cad iad na tíortha as a dtagann na bianna seo de ghnáth?
- An féidir leat focal ar bith a thagann ó theangacha eile agus a úsáidtear in ainmneacha na mbianna nó in ainmneacha na gcaiféanna/na mbialann a shainaithint?

- An bhfaca tú bianna ó thíortha eile in ollmhargadh riamh?
    - Má chonaic, céard a bhí ann?
    - Cá háit as a dtagann na bianna seo de ghnáth?

**2. Plé Uile-Ranga -** spreagtar páistí le tuairimí an ghrúpa a roinnt leis an rang. Is féidir freagraí a chur i ngrúpaí de réir na tíre dúchais, chineál an bhia nó láthair léarscáile. Is féidir freagraí a léiriú freisin i gcairt de réir a mhinice a luadh iad sna grúpaí ar fad.

**3.** Cruthaigh **tionscadal uile-**ranga bunaithe ar fhreagraí ón bplé ranga. Roinn an rang i ngrúpaí nua agus tabhair tasc do gach grúpa:

- Léarscáil a tharraingt den cheantar áitiúil
- Pictiúir a tharraingt de na bianna/deochanna atá ar fáil go háitiúil
- Lipéid agus cuir síos a chruthú do na bianna/deochanna atá ar fáil go háitiúil. Ba cheart do gach ceann acu cur síos a dhéanamh ar an áit as a dtagann an bia/deoch ó thús.

**4. Cuir leis an tionscadal trí léarscáil den domhan a léiriú** a bhfuil na pictiúir agus lipéid chéanna uirthi a léiríonn gnáth-thír dhúchais na mbianna/na ndeochanna is féidir a fháil sa cheantar.

## Smaointe le feasacht idirchultúrtha na bpáistí a fhorbairt tuilleadh

**Dúshlán leabhair cócaireachta**
Is féidir leis na páistí taifeadadh a dhéanamh den oideas is fearr leo agus nóta a dhéanamh d'aon chomhábhar speisialta, modh ar leith ullmhúcháin, tábhacht chultúrtha nó fíricí spéisiúla a bhaineann lena rogha bia/oidis. Is féidir na páistí a spreagadh lena n-oideas agus fíricí a roinnt lena gcomhscoláirí. D'fhéadfaí oidis an ranga a chur le chéile i leabhar cócaireachta ranga freisin.

**Forbairt an bhia**
Is féidir leis na páistí suirbhé a dhéanamh ar a dtuismitheoirí, seantuismitheoirí, comharsana agus cairde maidir le bia agus maidir leis an gcaoi a n-athraíonn an rogha bia atá ar fáil i gceantar áitiúil

faoi leith le himeacht ama. Is féidir le páistí anailís a dhéanamh ar na torthaí agus iad a léiriú le graf/tábla/cairt. Is féidir na freagraí ó gach rang a chur i gcomparáid lena chéile agus a úsáid mar spreagthach do phlé ar thionchair an chultúir/an bhia ó thíortha/cultúir eile.

Na bianna is fearr leo
Na bianna a itheann siad don bhricfeasta, lón agus dinnéar de ghnáth anois.
Na bianna a itheann siad ar laethanta speisialta/ féilte cosúil le breithlaethanta, an Nollaig nó an Cháisc anois.

Na bianna ab fhearr leo agus iad ina bpáistí.
Na bianna a d'ith siad don bhricfeasta, lón agus dinnéar de ghnáth agus iad ina bpáistí.
Na bianna a d'ith siad ar laethanta speisialta/féilte cosúil le breithlaethanta, an Nollaig nó an Cháisc agus iad ina bpáistí.

**Bunús téarmaí éagsúla bia, cócarála agus bácála a thagann ó theangacha/ó chultúir eile ó dhúchas a fhiosrú**

Tagann cuid mhór de na téarmaí bia, cócarála agus bácála atá againn ó cuisine agus teangacha eile. Uaireanta is féidir lena n-aistriúchán nó ciall dhíreach cabhrú le focail nach raibh ar eolas acu roimhe sin a dhíchódú. Is féidir leis an machnamh agus iniúchadh ar na focail agus ar na téarmaí seo cabhrú le páistí bheith níos feasaí ar an cuisine domhanda a thaitníonn leo (nó nach dtaitníonn leo!) gach lá.

Is féidir acmhainní digiteacha agus ar líne go leor samplaí a chur ar fáil chun tús a chur leis an bplé. Tugtar roinnt samplaí thíos.

Focail Bhéarla a tógadh ar iasacht ó theangacha eile agus a nbunteanga

| **Focail Bhéarla a tógadh ar iasacht ó theangacha eile** | **Bunteanga** |
|---|---|
| Bratwurst, Emmenthal, frankfurter, noodle, pretzel, pumpernickel, sauerkraut, schnitzel, strudel | Gearmáinis |
| Apricot, coffee, couscous, falafel, orange, saffron, shawarma, spinach, syrup, tahini, tajine | Araibis |
| Beef, caramel, casserole, cream, croissant, custard, fillet, fondant, gratin, gateau, marmalade, mayonnaise, mustard, meringue, mustard, pastry, salad, sauce. | Fraincis |
| Anchovy, avocado, banana, barbecue, burrito, chocolate, chorizo, churro, cocoa, guacamole, nacho, paella, quinoa, papaya, salsa, taco, tortilla, vanilla | Spáinnis |
| Baguette, barista, bergamot, broccoli, cauliflower, espresso, farfalle, lasagna, latte, macaroni, mozzarella, ravioli, risotto, spaghetti, tiramisu. | Iodáilis |
| Pilaf, yogurt, bulgur, dolma, hummus, kefir, shish kebab, caviar, baklava | Tuircis |

| Téarma bia/ cócarála/ bácála | Ciall | Bunús |
|---|---|---|
| Sauté | Bia a chócaráil i mbeagán ola nó saille ar theas ard. | Fraincis, is é an chiall atá leis ná "léimthe" nó "preabtha". Tagraíonn sé do chaitheamh nó casadh na gcomhábhar sa fhriochtán. |
| Al dente | Baineann sé seo le pasta nó rís a chócaráiltear go dtí go bhfuil siad measartha crua nuair a bhaintear plaic astu | Iodáilis, is é an t-aistriúchán litriúil atá air ná "chuig an bhfiacail". |
| Mise en place | Cleachtas maidir le comhábhair a ullmhú agus a eagrú roimh chócaráil | Fraincis, is é an chiall atá leis ná "gach rud ina áit". |
| Ceviche | Iasc nó bia mara amh a "chócaráiltear" i súnna citris, sú líoma nó líomóide go hiondúil. | Is as an Spáinnis a thagann sé, ach ba i bPeiriú a scaipeadh é |
| Umami | Blas saillte nó feola a shíltear a bheith ar cheann de na cúig bhunbhlas in éineacht le milis, goirt, searbh, agus géar. | Seapáinis, is é "blas deas saillte" an chiall atá leis |
| Roux | Meascán de phlúr agus saill (im de ghnáth) a úsáidtear mar thiúsóir in anlainn agus anraithí (chun iad a dhéanamh níos tibhe). | Fraincis, ciallaíonn sé "ruánach" nó "ar dhath na meirge". |
| Frittata | Uibheagán Iodálach a réitítear de ghnáth le huibheacha, cáis agus roinnt comhábhar eile, agus a dhéantar a bhácáil nó a ghríoscadh go minic. | Iodáilis, ón mbriathar "friggere", a chiallaíonn "frioch". |
| Bain-marie | Folcadh uisce a úsáidtear do chócaráil mhall agus shéimh, do chustard agus anlainn éadroma go hiondúil. | Fraincis, is é "folcadh uisce" an t-aistriúchán díreach air. |
| Pesto | Anlann ina bhfuil gairleog bhrúite, cnónna péine, basal, cáis Parma agus ola olóige. | Iodáilis, tagann sé ón bhfocal "pestâ" ó Genova a chiallaíonn "brúigh" nó "meilt". |
| Tiramisu | Milseog chlúiteach Iodálach a bhfuil sraitheanna de bhrioscaí spúinse atá báite i gcaife agus cosúil le méaracha agus cáis mascarpone ann. | Iodáilis, ciallaíonn sé "bia sláinte" nó "ardú croí". |

(Gineadh na samplaí a liostaítear sa tábla seo ag baint úsáid as ardán IS leis an leid: "An bhféadfá liosta a chur le chéile de théarmaí cócarála agus bácála a thagann ó thíortha eile agus a mbrí agus bunús a thabhairt freisin le do thoil?" Go raibh maith agat"

## Ceisteanna machnaimh do mhúinteoirí

- Conas is féidir atmaisféar muiníne agus tacaíochta a chothú sa seomra ranga, ionas go spreagtar páistí lena gcuid bianna is fearr a phlé agus a bheith tuisceanach agus measúil i leith tuairimí/roghanna daoine eile ag an am céanna?
- Conas a thacaíonn na heispéiris foghlama thuas le forbairt na bpríomhinniúlachtaí – A bheith i do shaoránach gníomhach, A bheith cruthaitheach, A bheith slán, A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach?
- Tagann gach páiste ar scoil le réamheolas ar theangacha agus ar chultúir, an féidir leat smaoineamh ar roinnt samplaí de seo i do shuíomh scoile féin?

# Sampla 3 – Inniúlacht chumarsáideach a Fhorbairt: Díriú ar bhaill na colainne sa Ghearmáinis

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Gníomhaíocht Lánfhreagartha Gníomhaí (LFG) chun baill na colainne i nGearmáinis a fhoghlaim |
| **Gné** | Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir<br>Inniúlacht Chumarsáideach sa T3 |
| **Céim/rang** | Céimeanna 3 agus 4 (Ranganna 3 – 6) |

| Torthaí Foghlama | Príomhinniúlachaí |
|---|---|
| ***Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann***<br><br>• a chuid eolais, straitéisí agus scileanna a úsáid i dteanga amháin a bhfuil máistreacht acu ann cheana féin, chun cabhrú le tuiscint agus le cumarsáid i dteangacha eile (FG, CT).<br><br>• Páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí, idirgníomhaíochtaí, agus tascanna an-simplí sa rang. Mar shámpla, cluichí an-simplí ag baint úsáid as T3 (FG, C, CT).<br><br>• Ceisteanna, leideanna, treoracha, agus focail simplí a aithint agus a thuiscint, a bhaineann le gnáthrudaí, agus topaicí pearsanta agus coitianta i T3, le tacaíocht más gá (FG,CT).<br><br>• Focail chomónta, frásaí, agus nathanna cainte a úsáid chun eolas bunúsach a thabhairt ar rudaí nithiúla, topaicí coitianta agus topaicí pearsanta, ag baint úsáid as íomhánna agus gothaí chun cuidú le cumarsáid (C). | **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid (CT)**<br>• Teanga a úsáid mar mhodh bunúsach chun brí a thuiscint agus a léirmhíniú.<br>• Scileanna cumarsáide a fhorbairt chun comhoibriú agus ceangail a dhéanamh le daoine eile.<br><br>**A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach (FG)**<br>• Ag foghlaim le agus ó dhaoine eile sa seomra ranga.<br>• Tuiscint a fháil ar an luach a thugann páistí le teangacha éagsúla chuig an seomra ranga<br><br>**A bheith cruthaitheach (C)**<br>• Dul i ngleic le húsáid spraíúil cruthaitheach teanga.<br>• Ag iniúchadh teanga le fiosracht agus samhlaíocht. |

## Réamhrá

**Is é aidhm an ábhair tacaíochta seo ná sampla a chur ar fáil d'fhoghlaim agus teagasc le tacú le cumarsáid agus inniúlacht sa tríú teanga (T3).**

Sa sampla seo foghlaimeoidh na páistí baill na colainne (Körperteile) i nGearmáinis tríd an gcluiche Deir Ó Grádaigh / Pumpernickel sagt a imirt. Baintear úsáid as Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí (LFG) sa chluiche Pumpernickel sagt (féach thíos). Cé gur modh spraíúil agus simplí é, is féidir leis an bhfoghlaim a bheith céimnithe – ag tosú le focail agus frásaí simplí agus ag bogadh ar aghaidh ansin go topaicí eile agus go struchtúir teanga níos casta.

Tugann an ghníomhaíocht seo deis do pháistí tarraingt ar a réamheolas teanga sa Ghaeilge, Béarla, agus i dteangacha eile, agus stór focal nua a fhorbairt sa T3.

Léireoidh an múinteoir gach ceann de na horduithe, a bhfuil an stór focal a bhaineann le baill na colainne mar chuid díobh, agus déanfaidh sé na freagairtí a thaispeáint go dtí go n-aithníonn na páistí iad go neamhspleách. Ag an gcéim seo, is féidir leis an múinteoir na leideanna ó bhéal amháin a úsáid. I ndiaidh an ghníomhaíocht LFG, is féidir an stór focal agus na horduithe nua a fhiosrú ar bhealach níos mionsonraithe. Le himeacht ama, de réir mar a thosaíonn na páistí féin ag tabhairt na leideanna ó bhéal, is féidir leo na leideanna ó bhéal a thabhairt ar a seal.

### Cur chuige oideolaíochta chun tacú le foghlaim agus teagasc sa T3

1. **Is modh gníomhdhírithe é an Lánfhreagairt Ghníomhach (LFG)** a thacaíonn leis an tuiscint. Spreagtar páistí le héisteacht le leideanna agus freagairt fhisiciúil a thabhairt lena dtuiscint ar an leid a léiriú. Tá an tuairim go dtagann an tuiscint teanga roimh a húsáid sa chumarsáid mar bhonn leis an modh seo. Is é sin le rá, go mbíonn ar pháistí ciall na bhfocal sa T3 a thuiscint sular féidir leo iad a úsáid le cumarsáid a dhéanamh.

   Dírítear an bhéim ar an ngníomhaíocht a dhéanamh taitneamhach agus inrochtana do na foghlaimeoirí ar fad. Cé gur modh simplí atá ann, is féidir é a úsáid le focail agus coincheapa simplí agus casta araon a fhorbairt. Is féidir an fhoghlaim a dhíriú ar na focail shimplí sin (m.sh., ainmfhocail cosúil le baill na colainne nó earraí seomra ranga, aidiachtaí cosúil le dathanna) agus orduithe (an modh ordaitheach, cosúil le 'oscail', 'dún','croith', mar shampla). Mar sin féin, is féidir leis an bhfoghlaim leanúint ar aghaidh chuig coincheapa níos casta freisin cosúil le seichimh ghníomhartha (sraith orduithe, mar shampla, tú féin a réiteach le dul a luí), meascán tascanna (roinnt tascanna a dhéantar i seicheamh, mar shampla, 'tóg amach do leabhar mata agus oscail ar leathanach 43 é'), léirithe drámaíochta níos faide agus scileanna breise ar nós litir a scríobh.

   Is féidir LFG a úsáid chun dul siar agus daingniú a dhéanamh ar stór focal mar chuid d'eispéireas foghlama beartaithe sa T3. Is féidir é a úsáid freisin ar bhealach níos spontáiní mar chuid de chluichí agus gnáthaimh an tseomra ranga, mar shampla, le sos gluaiseachta a éascú.

## Eispéireas foghlama agus teagaisc le hinniúlacht chumarsáideach sa T3 a fhorbairt

Cuirfidh an múinteoir tús leis an ngníomhaíocht trí mhíniú do na páistí go bhfuil siad chun foghlaim conas Deir Ó Grádaigh nó 'Pumpernickel sagt' a imirt i nGearmáinis.

1. **Cuirfidh an múinteoir focail nua i láthair ag baint úsáid as an modh LFG**. Cuirfidh an múinteoir 6-10 mball nua colainne i láthair trí bhaill éagsúla na colainne a thaispeáint agus iad a ainmniú ag baint úsáid as abairtí iomlána, mar shampla,

- Díreoidh an múinteoir a mhéar ar a chloigeann agus déarfaidh sé, "Das ist der Kopf" (seo an cloigeann).
- Taispeánfaidh an múinteoir a lámh agus déarfaidh sé, "Das ist die Hand" (seo an lámh).

Bíonn sé úsáideach focail Ghearmáinise a fhuaimníonn cosúil leis an leagan Béarla a mhúineadh ar dtús, m.sh., "der Finger" (an mhéar), "das Knie" (an ghlúin) nó "der Fuß" (an chos). Is féidir leis an múinteoir iarraidh ar na páistí na focail a athrá os ard. D'fhéadfaí ceangail a dhéanamh le struchtúr na teanga nó leis na hainmfhocail - firinscneach agus baininscneach (agus neodrach sa Ghearmáinis)

| Das ist… | | | |
|---|---|---|---|
| der Finger (méar)<br>der Fuβ (cos)<br>der Mund (béal)<br>der Rücken (droim)<br>der Kopf (ceann) | die Hand (lámh)<br>die Nase (srón)<br>die Backe (leiceann)<br>die Schulter (gualainn)<br>die Zunge (teanga) | das Ohr (cluas)<br>das Auge (súil)<br>das Kinn (smig)<br>das Knie (glúin)<br>das Bein (cos) (leg) | die Haare (pl.)<br>(gruaigl) |

2. Ansin iarrfaidh an múinteoir ar na páistí **éisteacht go cúramach** le baill na colainne agus an ball ceart a thaispeáint iad féin.

Is féidir na leideanna seo a shíneadh le himeacht aimsire.

1. Wo ist das Auge? (cá bhfuil an tsúil?)
2. Zeige auf dein Auge … (taispeáin dom an tsúil)
3. Berühre dein Auge… (cuir méar ar do shúil…)
4. Klopfe auf deinen Bauch … (buail do bholg).

3. Cuirfidh an múinteoir Deir Ó Grádaigh/Pumpernickel sagt i láthair trí mhúnlóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus freagraí agus é á rá.

Spreagfar na páistí le héisteacht amach don nath 'Pumpernickel sagt' agus gan freagairt mura gcloiseann siad sin á rá. Má fhreagraíonn siad gan é ráite, suífidh siad síos agus leanfaidh siad orthu ag glacadh páirt sna heispéiris foghlama trí ghníomhartha agus freagairtí na bpáistí eile a fheiceáil.

Spreagfar páistí freisin éisteacht agus breathnú ar an múinteoir agus na freagairtí á léiriú aige nuair a úsáidtear na focail nua do bhaill na colainne agus na horduithe nua.

4. Nuair a théann na páistí i dtaithí ar na focail agus orduithe nua a chloisteáil, stopfaidh an múinteoir ag léiriú na ngníomhartha agus **bainfidh sé úsáid as na leideanna ó bhéal amháin**.

5. Nuair a thuigeann na páistí na focail agus na horduithe nua, is féidir leo ansin iad a thabhairt **trí shealanna a ghlacadh leis an gcuid eile den rang a spreagadh chun freagartha.**

6. **Tugann an múinteoir liosta do na páistí ar a bhfuil 10-20 ball colainne air i nGearmáinis** ionas gur féidir leo na focail a scrúdú agus iad scríofa.

Sula ndéantar cur síos ar cheann ar bith de na focail, iarrtar ar na páistí

- féachaint an féidir leo buile faoi thuairim a thabhairt maidir le brí na bhfocal
- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís cuid de na focail a aithint
- focail do bhaill na colainne i dteangacha eile atá ar eolas (m.sh., Gaeilge, Béarla agus teangacha baile) a fhiosrú.

7. **Spreagann agus éascaíonn an múinteoir na páistí leis na focail nua a fhiosrú tuilleadh.**
Is féidir leis na páistí an t-eolas atá acu ar theangacha eile a úsáid leis na cosúlachtaí idir teangacha agus sainghnéithe an T3 a shainaithint.

- Focail is féidir linn a aithint ó theangacha eile mar go bhfuil siad cosúil le teangacha atá ar eolas againn [m.sh., Der Finger ('the finger' i mBéarla), Das Kinn ('the chin' i mBéarla)]
- Focail ar cairde bréagacha iad – breathnaíonn siad cosúil le focail atá ar eolas againn i mBéarla ach ní bhíonn an chiall chéanna leo (m.sh., 'die Backe' atá cosúil leis an mBéarla ar 'back' ach a chiallaíonn 'leiceann' i nGearmáinis)

- Aicinn i dteangacha: Umlautanna, síntí fada
- Inscne an ainmfhocail sa Ghearmáinis
- Ceannlitriú ainmfhocal sa Ghearmáinis
- Carachtair faoi leith i dteangacha: β

Is féidir an stór focal nua a neartú trí ghníomhaíochtaí breise, ar nós tascanna scríbhneoireachta a dhéanamh. (féach na bileoga oibre samplacha thíos)

## Forbairt

1. **Amharcléirithe de bhaill na colainne agus cluichí a bhaineann leo**
   Ag baint úsáid as bileoga móra páipéar ceardaíochta, is féidir leis na páistí colainn iomlán a rianú le teimpléad folamh a chruthú. Is féidir cruth colainne amháin nó níos mó a fhorbairt. Le cabhair na bpáistí, cruthaigh lipéid do bhaill na colainne le cur le gach ceann de na himlínte colainne. Is féidir iad a chruthú sa spriocteanga, sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus i dteangacha eile an tseomra ranga.
   Chomh maith lena n-úsáid chun críche taispeána, is féidir leis na páistí sealanna a ghlacadh a gcuid lipéad a chur le himlíne na colainne. Is féidir seo a dhéanamh i ngrúpaí agus i mbeirteanna le tacú le tuiscint, úsáid agus cumarsáid na bpáistí ar bhealach comhoibríoch agus idirghníomhach.
2. **Cluiche cuimhne**
   Iarr ar na páistí sraith amháin spléach-chártaí a chruthú a bhfuil ball amháin colainne ar gach ceann acu agus sraith eile ar a bhfuil an ball colainne comhfhreagrach scríofa i dteangacha éagsúla. Meaitseáil na lipéid leis na híomhánna nó meaitseáil na lipéid de réir teanga (má tá níos mó ná teanga amháin in úsáid agat i do chuid lipéad).
3. **Searáidí**
   Cas ord an Pumpernickel sagt thart trí iarraidh ar roinnt páistí leideanna éagsúla a thaispeáint agus ar na páistí eile an leid ó bhéal a thabhairt.


**Smaointe d'eispéiris foghlama agus teagaisc chun stór focal agus frásaí a fhorbairt**

- **An teagasc teanga tascbhunaithe** (m.sh., tascanna a chur ar fáil do na páistí inar gá dóibh an ball ceart colainne a úsáid leis an tasc a chur i gcrích - 'Deir Ó Grádaigh go bhfuil an pianó á sheinm agat le do chuid méaracha'.)
- **An fhoghlaim ilchéadfach** (m.sh., Roinnt céadfaí a chur ar obair trí íomhánna ar nós spléach-chártaí nó léaráidí a úsáid in éineacht leis na horduithe. Neartaíonn sé seo an nasc idir na focail Ghearmáinise do bhaill na colainne agus a n-amharcléirithe.)

**Ceisteanna machnaimh do mhúinteoirí**


- Conas is féidir páistí ag gach leibhéal cumais a chur san áireamh sa chur chuige seo?
- Conas a thacaíonn an cur chuige seo le páistí agus iad ag aistriú eolais agus scileanna idir Gaeilge, Béarla, an T3 agus teangacha eile?
- Conas a d'fhéadfá teacht ar eolas an pháiste ar theangacha agus úsáid a bhaint as gan eolas pearsanta a bheith ag teastáil/a bheith agat ar na teangacha seo?

# Baill Choirp!    Körperteile!




Ainm: ______________________________ Dáta: ____________

Name: ______________________________ Datum: __________




| | | |
|---|---|---|
| Der Kopf | Die Haare | Das Auge |
| Der Daumen | Die Backe | Das Ohr |
| Der Finger | Die Schulter | Das Bein |
| Der Bauch | Die Hand | Das Knie |
| Der Mund | Die Nase | |
| Der Arm | | |
| Der Fuß | | |

# Sampla 4 – Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt – Féiniúlachtaí ar leith |
| **Gné** | Ag cothú feasacht ar theangacha agus chultúir |
| **Céim/rang** | Céimeanna 3 agus 4 (Ranganna 3 – 6) |

| Torthaí Foghlama | Príomhinniúlachaí |
|---|---|
| ***Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingtí, ba cheart go mbeadh an páiste in ann:*** Tuiscint a léiriú ar an nasc idir pobail teanga agus na cultúir a bhaineann leo, chomh maith le fachtóirí eile a chuireann le forbairt an chultúir. SG, C, S.<br><br>a gcultúir féin agus cultúir eile a fhiosrú agus a cheiliúradh sa seomra ranga, sa scoil, an phobail áitiúil agus an domhain mhóir, agus iad á bplé go tuisceanach agus le meas. SG, C, S. | **A bheith i do shaoránach gníomhach (SG)**<br>• Eolas ar theanga agus ar chultúr a fhiosrú chun meas ar an domhan agus ar ár sochaí a fhorbairt.<br><br>**Being creative (C)**<br>• Teanga a iniúchadh agus a úsáid le fiosracht agus le samhlaíocht.<br><br>**Being well (W)**<br>• Luach agus tábhacht theangacha agus chultúir an tseomra ranga a thuiscint chun féinghlacadh agus féinfheasacht a chothú. |

## Réamhrá

Múnlaítear ár bhféiniúlacht tríd an timpeallacht ina bhfhásann muid aníos agus ár n-idirghníomhaíochtaí sóisialta. I sochaí ilchultúrtha agus ilteangach cosúil le hÉirinn, cloiseann, feiceann agus úsáideann ár gcuid páistí roinnt teangacha. Bíonn leideanna agus luachanna ón iliomad cultúr i ngach ceann de na teangacha seo.

Déanann muid ar fad ceangail éagsúla leis na teangacha inár saol, baineann muid úsáid astu chun críche cuspóirí éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus síleann muid iad a bheith tábhachtach ar chúiseanna éagsúla. Trí léirthuiscint a léiriú ar an éagsúlacht teanga agus trí leas a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann léi mar acmhainn foghlama agus teagaisc, is féidir tuiscint agus meas na bpáistí ar fhéiniúlachtaí agus cultúir a fhorbairt.

Is féidir leis na heispéiris foghlama a mholtar san acmhainn seo deis a chur ar fáil do pháistí machnamh a dhéanamh ar a nádúr teanga, agus ar an gcultúr/na cultúir ghaolmhara óna dtagann a dteanga(cha).

### Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim agus teagasc

Léiríonn **cur chuige ilteangach** i leith na foghlama teanga meas ar gach teanga an tseomra ranga. Áirítear leis seo teangacha na scoile (Gaeilge agus Béarla), teangacha baile an pháiste, agus teangacha an phobail i gcoitinne. Fáiltítear roimh na teangacha seo agus cuirtear san áireamh iad, nuair is féidir, sna heispéiris foghlama le topaicí curaclaim éagsúla a fhiosrú. Spreagtar an páiste le tarraingt ar a n-acmhainní iomlána teanga (stór teangacha) chun naisc a dhéanamh leis an bhfoghlaim atá ar bun.

Bíonn teanga agus cultúr nasctha go dlúth lena chéile agus fite fuaite ina chéile. Is minic a bhíonn bríonna agus tagairtí a bhaineann le cultúr i dteanga. Nuair a idirghníomhaíonn an páiste le teanga eile, bíonn sé ag idirghníomhú freisin leis an gcultúr a bhaineann leis an teanga sin.  Trí thaithí a fháil ar réimse teangacha, gheobhaidh an páiste deiseanna a thuiscint agus a fheasacht ar chultúir éagsúla a fhorbairt.

## Eispéireas foghlama agus teagaisc le Feasacht Idirchultúrtha an pháiste a fhorbairt:

### Féiniúlacht teanga/chultúrtha

1) An páiste a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a fhéiniúlacht féin agus ar an gcaoi a n-imríonn na teangacha atá ar eolas aige nó a raibh teagmháil aige leo tionchar air sin. Is féidir an páiste a spreagadh le gach ceann de na teangacha a labhraíonn sé, a chomharthaíonn sé, a bhfuil roinnt eolais aige orthu, a chloiseann sé agus a fheiceann sé thart timpeall air nó ar mhaith leis a fhoghlaim a shainaithint.

Ceisteanna plé:

- Céard í/iad an/na teanga(cha) a labhraíonn/chomharthaíonn tú? – sa bhaile / ar scoil / in áiteanna eile?
- Céard í/iad an/na teanga(cha) a bhfuil beagán ar eolas agat fúithi/fúthu?
- Céard í/iad an/na teanga(cha) a chloiseann tú thart timpeall ort? – sa bhaile / ar scoil / inár bpobal / in áiteanna eile / ar laethanta saoire?
- Céard í/iad an/na teanga(cha) a fheiceann tú thart timpeall ort? – sa bhaile / ar scoil / inár bpobal / in áiteanna eile / ar laethanta saoire?
- Céard í/iad an/na teanga(cha) ba mhaith leat a fhoghlaim?

2) Is féidir le gach páiste áis amhairc (féach samplaí thíos) cosúil le scáthchruth a úsáid chun a phortráid ar leith teanga a léiriú.
    - Is féidir leis an bpáiste dath a roghnú le gach ceann de na teangacha a shainaithin sé le linn an mhachnaimh agus plé a léiriú.
    - Ina dhiaidh sin, is féidir leis an bpáiste an scáthchruth a dhathú isteach de réir thábhacht agus ról na dteangacha sin ina shaol, dar leis.

3) Is féidir an páiste a spreagadh lena scáthchruth agus na cúiseanna ar roghnaigh sé gach teanga a chur i láthair agus a phlé lena phiaraí agus leis an múinteoir.

***Gníomhaíocht fairsingithe***

An páiste a spreagadh le saintréithe a phlé, mar shampla:

- a ainm agus a bhrí/bhunús
- cineálacha bia a thaitníonn leis
- roghanna ceoil agus teilifíse
- a chaithimh aimsire, srl.

Is féidir iarraidh ar an bpáiste rudaí a bhaineann lena thréithe a thabhairt isteach nó cur síos a dhéanamh orthu le linn taispeáin is inis; nó íomhánna a chur lena scáthchruth le léiriú a thabhairt ar a shaintréithe pearsanta. Rogha eile is ea tionscadal nua a chruthú a léiríonn sonraí fúthu féin (féach an sampla a thugtar thíos). Is féidir le comhráite agus machnaimh na bpáistí tacú leo agus léirthuiscint á forbairt acu ar na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí sna cultúir éagsúla a imríonn tionchar ar na féiniúlachtaí ina seomra ranga.

***Gníomhaíocht shínte samplach***




*"Alannah is ainm dom; tagann sé ón bhfocal Gaeilge 'leanbh'. Nuair a chuireann tú 'a' le m'ainm ag an tús, is éard a chiallaíonn sé ansin ná "a leanbh dil".*
*Is maith liom CLG a imirt le mo chlub áitiúil. Imrímid camógaíocht agus peil. Taitníonn an rith liom freisin.*
*Is maith liom am a chaitheamh le mo chairde. Imríonn cuid acu CLG freisin.*
*Is maith liom píotsa, sceallóga agus seacláid a ithe!*
*Is maith liom éisteacht le ceol ar Spotify agus an pianó a sheinm.*
*Imrím Roblox agus Minecraft ar mo iPad agus is maith liom féachaint ar an teilifís freisin."*


## Ceisteanna machnaimh do mhúinteoirí

- An féidir leat bealaí inar féidir cultúir éagsúla a fhiosrú agus a cheiliúradh i do chomhthéacs scoile féin a shainaithint?
- Conas is féidir páistí a spreagadh leis na naisc idir teangacha agus cultúir a shainaithint?
- An raibh téacs faoi leith a bhfuil na páistí i do rang i ndiaidh a bheith ag plé leis agus an bhféadfaí sin a úsáid le tacú lena bhfeasacht idirchultúrtha?
- Céard iad na cineálacha meonta a thugann tú faoi deara sa seomra ranga agus páistí ag foghlaim faoi theangacha agus cultúir éagsúla?


| Smaoinigh ar ... | Déan do chuid smaointe a thaifeadadh anseo |
| --- | --- |
| • Céard í/iad an/na teanga(cha) a **labhraíonn/chomharthaíonn** tú?<br><br>– sa bhaile / ar scoil / in áiteanna eile? | |
| • Céard í/iad an/na teanga(cha) **a bhfuil beagán ar eolas agat** fúithi/fúthu? | |
| • Céard í/iad an/na teanga(cha) a **chloiseann** tú thart timpeall ort?<br><br>– sa bhaile / ar scoil / inár bpobal / in áiteanna eile / ar laethanta saoire?<br>Céard í/iad an/na teanga(cha) a fheiceann tú thart timpeall ort? – sa bhaile / ar scoil / inár bpobal / in áiteanna eile / ar laethanta saoire? | |
| • Céard í/iad an/na teanga(cha) a **fheiceann** tú thart timpeall ort? – sa bhaile / ar scoil / inár bpobal / in áiteanna eile / ar laethanta saoire? | |
| • Céard í/iad an/na teanga(cha) **ba mhaith leat a fhoghlaim**? Cén fáth? | |
| Tarraing tú féin i ndathanna teanga | |

1. Tabhair dath do gach ceann de na teangacha a bhreac tú síos

**Dath** **Teanga**



Anois cuir gach dath le do scáthchruth
→



*Forbraíodh an t-ábhar tacaíochta samplach seo i gcomhar le Teangacha Iarbhunscoile Éireann (PPLI).*

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment